


# tuarascáil bhliantúil 16/17

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

[www.cit.ie](http://www.cit.ie)



Clár Chisti Eorpacha Struchtúrtha agus Infheistíochta na hÉireann 2014-2020

Cómhaointhe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach




CISTÍ STRUCHTÚRTHA AONTAS NA HEORPA





***Campas Bhaile an Easpaig CIT***




***Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT)***



***Coláiste Ealaíne & Deartha CIT (CEDC CIT)***



***Coláiste Náisiunta Mara na hÉireann (CNMÉ)***



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

# tuarascáil bhliantúil 16/17

[www.cit.ie](http://www.cit.ie)

# Stair

---

Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua fairsingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh diplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shihbhalta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid, a bhí plódaithe, go dtí Scoil na Foirgníochta nua ag Sráid an Mhúilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar Scoil na Foirgníochta agus Innealtóireachta Leictrí a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúir a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallaíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballaíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallaíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpaig go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuairteoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na hInstitiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Coláiste a athainmniú mar “Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí”.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar CIT agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Dioplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarlmligean údaráis d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoaráid i Rinn an Scidígh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é CNMÉ atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistiú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharlmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQAI) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharlmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharlmligean d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005 – 2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d’ardchaighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraithe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na hInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfochéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharaid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheoirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956. Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d’ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Phoiblí Príobháideach, Hochtfoot, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar lámh go hoifigiúil d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreach na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide [www.cit.ie](http://www.cit.ie) a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal breise a raibh mar chuspóir leo seirbhísí thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne ([gateway.cit.ie](http://gateway.cit.ie)) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn ([www.mycit.com](http://www.mycit.com)) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printiseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpaig. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad Nimbus le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é Nimbus an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistiú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspoirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlacháin ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Ar 7 Meán Fómhair 2015, cheannaigh an Institiúid foirgneamh i lár na cathrach, 46 Sráid an Chapail Bhuí. Tá ollachar de 1,265mcr ag an bhfoirgneamh thar 4 urlár agus tá sé suite go feiceálach, é ag féachaint amach thar an Meal Theas, é os comhair Sráid an Chapail Bhuí agus ar bhruach Abhainn na Laoi. Tá sé cóngarach freisin do Dhroichead Coise Nano Nagle. Tá cóiríocht san fhoirgneamh do mhic léinn agus baill foirne as Coláiste Ealaíne & Deartha Chorcaí CIT.

Le blianta beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chláir acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

## Misean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluchanna na hInstitiúide.

### Ár Misean

Táimid bródúil as an misean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár misean:

**Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.**

### Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár misean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh...

- Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT
- Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh
- Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas
- Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta

### Ár bhFÍS

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uailmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, mar atá:

**Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírithé a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticíúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.**

### Ár Spriocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

### An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

*Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.*

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí  
Cork Institute of Technology





# Clár na n-ábhar

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

	<b>Page</b>
<b>1 Réamhrá</b>	
1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2 Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas	20
1.4 Gaeilge & Cultúr	21
1.5 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	22
1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	25
1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt	30
<b>2 Rialachas</b>	
2.1 Ráiteas Bliantúil maidir le Rialachas 2016/2017	36
2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe	42
2.3 Cruinnithe an Bhord Rialaithe	43
2.4 Costais an Bhord Rialaithe	44
2.5 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	45
2.6 Foireann Shinsearach na hInstitiúide	46
<b>3 Gnóthaí Acadúla &amp; Mic Léinn</b>	
3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla	52
3.2 Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	55
3.3 Coistí na Comhairle Acadúla	56
3.4 Forbairt Acadúil	57
3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	58
3.6 Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Ceardaíochta	66
3.7 Cúrsaí Faofa - Páirtaimseartha	67
3.8 Údaráis Bhailíochtaithe	75
3.9 Scrúdaitheoirí Seachtracha	77
3.10 Staitisticí Mic Léinn	91
3.11 Duaiseanna & Éachtaí na Mac Léinn	94
3.12 Ombudsman na Mac Léinn	107
3.13 Tuairisc ar an tSeirbhís Rochtana	108
<b>4 Taighde, Nuálaíocht agus Fiontraíocht, Rannpháirtíocht Sheachtrach agus Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe, Rannpháirtíocht Alumni agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta agus AE</b>	
4.1 Taighde & Nuálaíocht	116
4.2 Foilseacháin Taighde	120
4.3 Nuálaíocht agus Tráchtálú	132
4.4 Gor agus Fiontraíocht	135
4.5 Rannpháirtíocht Sheachtrach agus Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe	140
4.6 Rannpháirtíocht Alumni	144
4.7 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta & AE	146
<b>5 Acmhainní Daonna</b>	
5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna	154
5.2 Líon na Foirne	155
5.3 Éachtaí na Foirne	157
<b>6 Tuarascáil Airgeadais</b>	
6.1 Tuarascáil Airgeadais 2016/17	164
6.2 Cuntais Iniúchta 2016/17	165
<b>7 Faisnéis Eile</b>	
7.1 Nuacht & Imeachtaí	203
7.2 Forbairt Campais	207
7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí	210
7.4 Pointí Teagmhála	212



COLÁISTE EALAINÉ & DEARTHÁ CRAWFORD OIT

# 1. Réamhrá

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

## 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach

Is cúis gliondair dom an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2016/17 a chur i láthair. Leanann CIT ar aghaidh i dtreo a misean an t-oideachas neach léinn-láraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Is í seo an séú bliain dom sa ról seo agus ba mhór an phribhléid agus an onóir dom a bheith gafa leis an institiúid an-tábhachtach seo agus comhoibriú dlúth a dhéanamh le mo chomh-Ghobharnóirí.

Is ábhar áthais dom a fheiceáil go leanann an Institiúid de bheith ag bunú roinnt comhoibríthe nua le hOllscoileanna Idirnáisiúnta d'fhonn deiseanna oideachais, oiliúna agus taighde a sholáthar do na mic léinn thar raon de réimsí disciplíní agus speisialtachaí.

Tá ríméad ar mo chomh-Ghobharnóirí agus ormsa i ngeall ar an rath leanúnach a bhaineann le héachtaí ár gcuid mac léinn ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta araon agus as an gcaoi a seasann siad do CIT ag imeachtaí ar fud an domhain. Molaimid iad agus ár bhfoireann acadúil as sin.

Tar éis próiseas dian measúnaithe agus faofa, thug an Institiúid an teideal mar Ollamh ar 13 dár mbaill acadúla shinsearacha i mí na Nollag. Aitheantas a bhí ann do na sárleibhéil i ndearsna acadúil atá bainte amach acu i dteagasc, foghlaim agus taighde.

Ba bhuaicphointe ar leith na bliana é óstú an 30ú Clár Staidéar Spáis de chuid na hOllscoile Idirnáisiúnta Spáis ó 19 Meitheamh go dtí 18 Lúnasa ag Campas Bhaile an Easpaig. B'iontach mar a d'éirigh leis ó thaobh na hOllscoile Idirnáisiúnta Spáis agus CIT.

Is dlúthchuid i gcónaí iad cúrsaí ealaíon agus cultúir i saol na mac léinn agus na foirne ag an Institiúid. Bhí breis is 200 imeacht ar siúl ag ionaid ar fud na gcampas, a raibh rannpháirtíocht idir mhic léinn agus bhaill foirne le pobail áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba bhuaicphointe é "Museum of the Moon" de chuid Luke Jerram, a bhí ar taispeáint in Ionad na Mac Léinn i Meitheamh, rud a threisigh spéis, tiomantas agus cumas na hInstitiúide chun comhpháirtíochtaí a dhéanamh trí na healaíona.

I dtaca le spórt de, éiríodh thar barr ar gach fronta le linn na bliana, agus ní mór aird ar leith a dhíriú ar an tseoltóireacht, dornálaíocht, CLG idir fhir agus mhná, sacar agus cearáité. Cuireann a gcuid éachtaí go léir bród ar leith orainn agus guímid gach uile rath orthu don bhliain seo chugainn. Ní mór dom tréaslú le Seachtain Phléaracaim Aontas na Mac Léinn as an méid suntasach airgid a bhailigh siad do charthanais.

Leantar den aistear i dtreo na hOllscoile Teicneolaíche i gcónaí. Táimid fós ag fanacht go rachaidh Bille na nOllscoileanna Teicneolaíochta trí Thithe an Oireachtais le gur féidir le comhpháirtithe OTM dul ar aghaidh chun an tionscadal a chur i gcrích go hiomlán.

Mar Chathaoirleach an Bhord Rialaithe, ba mhian liom ómós a léiriú don Dr Brendan Murphy a chuaigh ar scor ar 31 Lúnasa, tar éis dó trí bliana déag a chaitheamh mar Uachtarán, agus dea-ghuí a chur in iúl dó agus é ar scor.

Ba mhaith liom mo bhuíochas agus mo mheas a chur in iúl don Bhainistíocht Shinsearach agus d'Fhoireann CIT, a bhfuil moladh mór tuillte acu as a dtiomantas leanúnach do CIT le linn 2016/17.

Ar deireadh, is mian liom mo bhuíochas a léiriú do mo chomh-Ghobharnóirí, ar thug a gcuid iarrachtaí ar an mBord Rialaithe agus ar choistí éagsúla cion suntasach d'fhorbairt CIT.

**Bob Savage**  
Cathaoirleach

## 1.2 Ráiteas ón Uachtarán

Is í seo an tríú bliain déag dom san oifig agus an bhliain dheiridh agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán, a aibhsíonn cuid d'éachtaí CIT in 2016/17:

### A. Gnóthaí Acadúla

Reáchtáladh Lá Oscailte an-rathúil ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 20 Deireadh Fómhair. Mheall an ócáid líon mór lucht freastail a fuair deis iontach teagmháil a dhéanamh le baill foirne CNMÉ, ionadaithe tionscail agus raon leathan eagraíochtaí a bhain le tionscal na mara.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl le haghaidh na Dámhche Gnó & Daonnachtaí agus an Aonad Teagaisc & Foghlama ar 21 Deireadh Fómhair. Fuair aon mhíle trí chéad agus fiche ceathair (1,324) réamhchémí a gcuid pár.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl le haghaidh na Dámhche Innealtóireachta & Eolaíochta agus CEDC CIT ar siúl ar 24 Deireadh Fómhair. Fuair naoi gcéad agus seachtó dó (972) réamhchémí a gcuid pár.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile ar siúl le haghaidh Cheolscoil Chorcaí CIT ar 27 Deireadh Fómhair agus fuair nócha réamhchémí a gcuid pár. San áireamh iontu sin bhí an chéad chohórt mac léinn a bhain céim amach as an dá chlár seo a leanas:

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Staidéar Amharclannaíochta & Drámaíochta
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i gCeol Pobail

Bhí Comh-Shearmannas Bronnta CIT/UCC ar siúl in UCC ar 28 Deireadh Fómhair. Bronnadh céimeanna ar ochtó ceathair réamhchémí sna cláir seo a leanas:

- Máistir Ailtireachta
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Ailtireacht
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Bhithleighis
- Máistir Gairmiúil in Oideachas (Ealaín & Dearadh)

Thug toscaireacht ó Choláiste Polaiteicnice Chongqing na Síne cuairt ar an Institiúid ar 9 Samhain. D'éascair an chuairt as síniú MT le Chongqing i nDeireadh Fómhair.

Ar 11 Samhain, i láthair Uachtarán na hÉireann, shínigh an Institiúid MT le dhá olscoil chomhpháirtíochta in Vietnam: Ollscoil Eacnamaíochta ag Ollscoil Danang agus Ollscoil Teicneolaíochta Ho Chi Minh. Bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha, Charles Flanagan TD, agus POF Fhiontar Éireann, Julie Sinnamon, i láthair freisin don síniú.

Bhí Comórtas Náisiúnta IrelandSkills 2017 ar siúl ag an Institiúid ó 5 go 9 Nollaig. Cé go gcomhroinneann CIT agus DIT na ceardanna éagsúla atá i gceist i gComórtas Náisiúnta IrelandSkills, i mbliana bhí ríméad ar CIT na comórtais in ocht réimse scileanna a óstú mar seo a leanas:

Innealtóireacht Ghluaisteáin, Cearpantóireacht, Feistiú Monarchan Foirgníochta, Suiteáil Leictreach, Rialú Tionsclaíoch, Siúinéireacht, Oibriú Miotail agus Córais Bhalla Thirim.

Bronnadh trófaíthe ar bhuaiteoirí IrelandSkills 2017 ag searmanas bronnta a reáchtáladh ar 9 Nollaig. Bhí Leas-Ardmhéara Chorcaí, an Comh. P.J. Hourican agus Leas-Mhéara Chontae Chorcaí, an Comh. Derry Canty i láthair ag an searmanas.

Sheol Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara an Teastas in Oibríochtaí Grúdaireachta agus Driogtha ar 13 Eanáir. Cuireann an clár seo an cúlra eolaíochta agus innealtóireachta ar fáil d'iarrthóirí chun gur féidir leo oibriú i ngrúdlanna agus drioglanna ceirde agus traidisiúnta. Is í CIT an t-aon IAO i gCúige Mumhan a chuireann oiliúint dá leithéid ar fáil.

D'óstaigh an Institiúid Seachtain Champais Idirbhliana STEM do mhic léinn baineann ó 16 go 20 Eanáir mar chuid de Chlár IWISH 2017. Mar chuid den tseachtain Champais bhí clár idirghníomhach teagmhálach 5 lá a rinne na mic léinn rannpháirteach sna disciplíní eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice trí mheán ceardlanna feidhmeacha agus praiticiúla, cuairteanna ar láithreacha agus léirithe. Fuair siad léargas ar gnáthshaol lucht Gairme STEM, fuair taithe ar chur i bhfeidhm STEM sa tionsclaíocht agus rinne idirghníomhú le lucht acadúil STEM agus le fochéimithe reatha.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an Earraigh ar siúl i gCNMÉ ar 16 Feabhra. Fuair nócha cúig réamhchémí a gcuid páir a raibh cúig PhD san áireamh iontu.

Síníodh comhaontú le Arup Trust le scoláireacht a sholáthar do mhic léinn a bheadh ag tabhairt faoin BEng (Onór) sa chlár Innealtóireachta Struchtúrtha. Bronnfar an scoláireacht seo ar mhac léinn céad bhliana a chláraíonn don chlár sa bhliain 2017/18 agus tá sé beartaithe go bhfaighidh an scoláire an dámhachtain seo i ngach ceann de cheithre bliana an chlár. Is forbairt shuntasach é soláthar na scoláireachta seo agus ceann atá oiriúnach do chlár a chuir céimithe d'ardchaighdeán ar fáil don ghairm ón gcéad chohórt céimithe in 1998.

D'oscail Ardmeána Chorcaí, an Comh. Des Cahill SciFest 2017 go hoifigiúil in Halla Nexus ar 31 Márta. Is féile náisiúnta eolaíochta í SciFest a eagraítear go réigiúnach i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus atá ar oscailt do gach scoil dara leibhéal. Ghlac breis is 330 mac léinn páirt mar dhaoine aonair nó i ngrúpthionscadail as 32 scoil difriúil ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí. Cuireadh aon chéad agus daichead a cúig tionscadal difriúil ar taispeántas sna disciplíní Eolaíochtaí Beatha, Eolaíochtaí Fisiceacha agus Teicneolaíocht, agus ar thrí leibhéal, Sóisearach, Meánach agus Sinsearach.

Bhí léacht ar "The Rosetta Mission – Fithis agus Tuirlingt ar Phláinéad Pléascach" ar siúl ar 27 Aibreán. Thug Laurence O'Rourke, Bainisteoir Oibríochtaí Eolaíocht Íosnasc Rosetta leis an nGníomhaireacht Spáis Eorpach an léacht. Thacaigh sé le téama Taispeántas Bliantúil Meicniúil, Bitheighis agus Déantúsaíochta "Innealtóireacht agus Eolaíocht Spáis" agus le CIT a bheith ag óstú na hOllscoile Idirnáisiúnta Spáis le linn mhíonna an tsamhraidh.

Chuir Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta fáilte roimh 80 mac léinn ar champas ar 15 Bealtaine don chlár idirbhliana "Engineering Your Future". Agus tacaíocht aige ó chlár Innealtóirí Éireann STEP, clár seachtaine, teagmhálach a bhí ann le haghaidh mac léinn idirbhliana, a bhí ceaptha chun saol spreagúil agus éagsúil na hInnealtóireachta a chur ar a súile dóibh.

Sheol Ciara Wilson Uas., Cumann Tráchtála Chorcaí, Lámhleabhar Oideachais Leantaigh CIT 2017/18 ar 29 Bealtaine ag Campas Bhaile an Easpaig.

Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamhraidh ar siúl ag an gCNMÉ ar 20 Meitheamh. Fuair seasca is a hocht réamhchémí ar fad a gcuid páir a raibh ocht PhD san áireamh iontu.

Thug toscaireacht as Shanghai a raibh Méara Shanghai san áireamh inti cuairt ar an Institiúid ar 7 Iúil. Rinne Therese Healy Uas., Consalacht Ghinearálta na hÉireann Shanghai, an toscaireacht a thionlacan ar a gcuart ar CIT.

Tá roinnt comhoibríthe bunaithe ag an Institiúid le hOllscoileanna Idirnáisiúnta d'fhonn oiliúint oideachais agus deiseanna taighde a chur ar fáil le haghaidh mac léinn i raon disciplíní agus sainréimsí ar a n-áirítear clár mhalartaithe. Sa liosta thíos tá na Comhaontuithe/Meamraim Tuisceana a síníodh le linn na bliana acadúla seo:

1. Coláiste Polaiteicnice Tionscail Chongqing, An tSín
2. Ollscoil Hainan, An tSín
3. An Ollscoil Eacnamaíochta – Ollscoil Danang, Vietnam
4. Ollscoil Teicneolaíochta Ho Chi Minh, Vietnam
5. Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Hochschule Karlsruhe, An Ghearmáin
6. Tavistock and Portman NHS Foundation Trust, Londain, RA agus Bessborough Centre. Corcaigh
7. Ollscoil Johnson & Wales, SAM
8. High Point University HPU, SAM
9. Endicott University, SAM

## B. Éachtaí agus Duaiseanna na Mac Léinn

Ar 8 Meán Fómhair, ghnóthaigh Foireann Ildisciplíneach mhac léinn Innealtóireachta agus Gnó HydroFlocean (H-FLO) Gradam Dyson 2016 an Irish Times – Céad Áit – Buaiteoir Náisiúnta 2016 as a n-aireagán. Is gléas nua nuálach sábháilteachta uisce é an H-FLO a scaoileann láinnéar as úim nuair a théann sé faoi uisce.

D'fhógair an James Dyson Foundation ar 29 Meán Fómhair go raibh Foireann Ildisciplíneach H-FLO CIT ar na 20 Craobhiomaitheoir a b'fhéarr as breis is 1,100 iontráil as 22 tír. B'iontach an t-éacht é a bheith ar an ngearrliosta ag cur san áireamh gur tháinig na 20 Craobhiomaitheoir ab fhéarr eile as gach cearn den domhan.

Ghnóthaigh céimí 2015 CIT ar an BSc (Onór) in Eolaíocht Bhithleighis, Caoimhe Lynch, duais Chumann Eorpach Lucht Gairmiúil na hEorpa in Eolaíocht Bhithleighis don phóstaer ab fhearr a léirigh taighde fochéime i réimse na hEolaíochta Bithleighis san Aithin ar 8 Deireadh Fómhair.

Ghnóthaigh na céimithe Innealtóireachta Bithleighis agus Student Inc CIT Eoin McCarthy agus Myat Min Khaung an chéad áit i gComórtas Accenture Leaders of Tomorrow Best Start-up Video Pitch ar 14 Deireadh Fómhair.

Reáchtáladh Searmanas Gradam na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí 2016 ar 20 Deireadh Fómhair chun onóir a léiriú d'éachtaí na gcéimithe ab fhearr as an Dámh. Bronnadh caoga-trí de dhuaiseanna ar an tráthnóna.

Bhí Gradaim Bliantúla Ceoilscóil Chorcaí ar siúl ar 21 Deireadh Fómhair. Bronnadh naoi ngradam ceoltóireachta ar fad ar na timthriallacha Sóisir agus Sinsir agus ar mhic léinn lán-aimseartha.

Ar 27 Deireadh Fómhair, ghnóthaigh Sharon O'Keefe, BBus sna hEalaíona Cócaireachta bliain 2 Bonn Cré-umha ag Comórtas Scoileanna AEHT European Association of Tourism & Hospitality a reáchtáladh i Londain.

Cuireadh an mac léinn in Innealtóireacht Mheicniúil, Vincent Forde, ar an ngearrliosta mar dhuine amháin as triúr craobhiomaitheoirí díreach le haghaidh an Ghradaim Aitheantas Speisialta ag Duaiseanna Luath-Ghairme na hÉireann ar 9 Samhain. Déanann na duaiseanna sármhaitheas a cheiliúradh agus tugann aitheantas d'éachtaí daoine óga gairmiúla in Éirinn agus luach saothair as an nuálaíocht, scothchleachtas agus an sáréacht i raon leathan earnálacha.

Fuair na mic léinn i mBithleigheas agus Fuinneamh Inbhuanaithe, Karen McDonnell agus Lisa Mooney, Gradam Teastas Náisiúnta don tSármhaitheas MEETA ar 17 Samhain.

Fuair ceithre mhac léinn déag as an BSc (Onór) ar an gclár Ailtireacht Istigh duaiseanna ag an gComórtas Náisiúnta Dearaidh ar 18 Samhain. Eagraíonn Walls to Workstations (W2W) agus Orangebox an comórtas bliantúil seo.

Reáchtáladh Bronnadh Bliantúil Gradaim na hInstitiúide a rinne ár gcuid sárchéimithe 2016 a onóir ar 29 Samhain. Bronnadh duaiseanna ar shé chéimí déag.

Reáchtáladh Searmanas Gradaim Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta 2016 ar 8 Nollaig chun onóir a léiriú d'éachtaí na gcéimithe ab fhearr as an Dámh. Bronnadh caoga ceathair de dhuaiseanna ar an tráthnóna.

Ar 1 Nollaig ghnóthaigh an mac léinn as Innealtóireacht Mheicniúil, Vincent Forde, a bhí in iomaíocht in aghaidh dianchomórtais ag Craobhchomórtais Chorcaí Theas (LEO) dhá mhórghradam – Duais don Smaoineamh Gnó is Fearr 2016 agus Duais na Bliana 2016 d'Fiontraí Foriomlán Óg is Fearr.

Seoladh Gradam Scoláireachta Louis O'Halloran ar 5 Nollaig i Lárionad Taighde Nimbus. Eascraíonn an duais as dearlaic fhlaithiúil a thug céimí sa Leictreonaic as Institiúid Municipal Theicniúil Crawford do Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaí agus mar chumhneachán ar Louis O'Halloran nach maireann a bhí ina Léachtóir Sinsearach sa Roinn.

Sheinn na mic léinn de chuid CSC CIT, Kevin Jansson agus Ellen Jansson, mar aonréadaithe le Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann ag a gCeolchoirm Gala na Bliana Nua ar 8 Eanáir sa Cheoláras Náisiúnta.

Reáchtáladh searmanas ar 27 Feabhra chun buaiteoirí Scoláireachtaí RISAM CIT 2016 a fhógairt. Moladh maoiniú do chúig thogra. Forbraíodh tionscnamh RÍSAM ag Scoil Staidéar Céimí mar chuid de thiomantas leanúnach na hInstitiúide d'Oideachas Dochtúir le Fealsúnacht agus Taighde.

Fógraíodh Dialast mar bhuaiteoirí Fiontraithe CIT na Bliana 2017 ag Seachtain na Nuálaíochta ar 10 Márta.

Chum innealtóirí ildisciplíneacha as Innealtóireacht Bhithleighis agus Innealtóireacht Mheicniúil táirge, Glucose, le haghaidh diaibéiteach. Is feiste réabhlóideach, nuálach, tarrthála é Glucose arb é an chéad cheann dá leithéid ar an margadh.

Bhí bronnadh Gradaim Chumainn agus Gníomhaíochtaí Mac Léinn CIT 2017 ar siúl ar 3 Aibreán. Bronnadh trí dhuais déag ar an tráthnóna.

Ar 27 Aibreán, d'óstaigh Aontas na Mac Léinn Gradaim Chomhairle an Aontais inar bronnadh Teastais Tuilleamais ar ionadaithe ranga mar aitheantas dá gcion deonach do shaol an champais. Tá ionadaithe ranga i gcroílár fhás agus forbairt an Aontais agus imríonn siad príomhról sa phróiseas cumarsáide idir na mic léinn, an fhoireann agus Aontas na Mac Léinn.

Fuair an mac léinn sa BSc (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha, Stephen Buckley, Duais don tSármhaitheas ó Innealtóirí Éireann ar 27 Aibreán mar an céimí Innealtóireachta Leibhéal 7 is fearr a chuaigh ar aghaidh go dtí clár Leibhéal 8 atá creidiúnaithe ag Innealtóirí Éireann. Bhronn Dermot Byrne, Uachtarán Innealtóirí Éireann a dhuais ar Stephen.

Bronnadh sparánacht de €5,000 ar Callum Owens atá sé bliana déag d’aois mar chomhbhuaiteoir Duais an Cheolárais Náisiúnta do Cheoltóir Óg 2017. Déanann Callum staidéar ar an dordveidhil ag CSC CIT agus roghnaíodh é freisin d’Acadamh Camerata na hÉireann ag Clandeboye 2017.

### C. Gnóthaí Straitéiseacha

I Meitheamh 2017, d’fhaomh an Bord Rialaithe Plean Straitéiseach Eatramhach. Ceapadh an plean eatramhach seo chun foirmlíú an phlean nua a éascú a bheidh i bhfeidhm don bhliain acadúil 2018/19. D’fonn foirmlíú plean nua a éascú agus mar aitheantas don ualach breise oibre a bheidh ag teastáil don tionscadal OTM, ceapadh Éascaitheoir Straitéiseach Bainistíochta in oifig Cheann na Forbartha Straitéisí.

Chuir an próiseas Dialóige Straitéise náisiúnta a chéad thimthriall trí-bliana i gcrích agus tá athbhreithniú ar an bpróiseas beartaithe sula gcuirfear tús leis an gcéad thimthriall eile den phróiseas le linn na bliana acadúla 2017/18. Le linn an phróisis d’fheidhmigh CIT ag an leibhéal is airde de na hinstiúidí go náisiúnta.

### D. Cúrsaí Foirne

Fuair an tOllamh Margaret Linehan, Ceann na Scoile Daonnachtaí, an “companionship of BAM International Award” ar 6 Meán Fómhair ag comhdháil 30ú comóradh bliana de BAM a réachtáladh ag Ollscoil Newcastle-Upon-Tyne. Is gradam é Companship BAM a dhéantar ar cuireadh amháin mar aitheantas ar shárchionta a thugtar do réimse na Bainistíochta.

Bronnadh DSc ar an Ollamh Roy Sleator ag Bronnadh an Earraigh in UCC ar 24 Feabhra.

Rinne Jesse Presley Jones, Léachtóir, CEDC CIT d’Éirinn ag Biennale mórchlúiteach na Bheinéise 2017, an taispeántas idirnáisiúnta cáiliúil. Osclaíodh Pailliún na hÉireann ar 10 Bealtaine nuair a nochtadh saothar Jesse darbh theideal “Tremble Tremble” ar cuireadh fáilte ollmhór roimhe.

Reáchtáil an Institiúid a céad Searmanas Fadseirbhíse ar 18 Bealtaine. Shonraigh an ócáid seirbhís 35 bliain agus níos mó mar aon leis na cionta a thug baill aonair foirne don Institiúid.

Fuair an Capt Vivion Gough, Ceann na Roinne Staidéar Muirí, Gradam Aitheantais Speisialta ag Duaiseanna Thionscal na Mara 2017 ar 29 Meitheamh.

### E. Ealaíona agus Cultúr

Bhí an Taispeántas “Perceptions 2016: The Arts of Citizens” ar siúl ó 9 Meán Fómhair go 29 Deireadh Fómhair i ndeich n-ionad cathrach. D’eagraigh Roinn na nEalaíon i gCleachtas Sláinte & Pobail agus Oifig na nEalaíon de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí an taispeántas agus chuir ar taispeánt saothar ealaíne breis is seasca ealaíontóir atá ag obair in ionaid stiúideo a fhaigheann tacaíocht, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Bhí Aonach Bliantúil CIT na Nollag ar siúl ar 30 Samhain agus 1 Nollaig. Ghlac daichead stalla agus iad lán de bhronntanais, obair cheardaíochta, bia agus siamsaíocht páirt. Tugadh an t-airgead a bailíodh do charthanas cláraithe – Cork Penny Dinners.

Reáchtáladh Seachtain Bhliantúil Bailigh agus Tabhair (RAG) CIT ó 6 – 10 Feabhra agus bailíodh €6,121.61 ar mhaithe le carthanas fhiúntacha i gCorcaigh.

Ghlac Banna Samba Carnabhail CIT páirt i bParáid na Féile Pádraig ar 17 Márta. Bhí idir mhic léinn reatha agus iarmhich léinn de chuid CIT sa bhanna mar aon le léachtóirí reatha agus iarléachtóirí.

Léirigh Grúpa Platform Opera CSC CIT rogha radharcanna as Bainis Figaro le Mozart ar 7 Bealtaine. Ba thaitneamhach gairmiúil mar léiriú é agus é arna stiúradh go cumasach ag baill foirne CIT, Mary MacSweeney agus Michael Joyce a chuir tionlacan spreagúil pianó gan locht ar fáil.



D'óstaigh CSC CIT Fleadh na Mumhan de chuid Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ó 18 go 23 Iúil.

Comhoibríonn Oifig na nEalaíon CIT le mic léinn agus baill foirne chun tacaíocht agus forbairt a thabhairt do thionscadail a bhaineann leis na healaíona agus chun gníomhaíochtaí ealaíon a chur chun cinn i ngach campas. Aithníonn CIT, mar aon le forbairt acadúil na mac léinn, go mba chóir do na healaíona a bheith ina ndlúthchuid den saol le haghaidh na mac léinn agus na foirne agus tá maoiniú suntasach infheistithe aici chun Amharclanna Léiriúcháin agus Spáis Taispeántais thiomanta a fhorbairt ar a cuid campas.

## F. Spórt

Bhuaigh Peildeadóirí Mná Chorcaí a séú craobh Uile-Éireann as a chéile ar 25 Meán Fómhair agus bhí beirt chéimí agus mac léinn reatha amháin mar chuid de phainéal Chorcaí. Faighteoirí Sparántacht Scoláireachta Spóirt CIT a bhí sa triúr agus is ambasadóirí den scoth iad le haghaidh CIT.

Rinne Chloe Miller, 3ú Bliain BSc i dTalmhaíocht, ionadaíocht do CIT agus d'Éirinn ag Craobhchomórtais Scud World Shotokan Karate i mBurgas na Bulgáire ó 8 go 10 Deireadh Fómhair. Ghnóthaigh sí bonn cré-umha sa Chatagóir +58kg na hÓige.

Reáchtáladh fáiltiú ar 11 Deireadh Fómhair chun ceiliúradh a dhéanamh ar sháréacht Gary O'Donovan, a ghnóthaigh Bonn Airgid Oilimpeach in éineacht lena dheartháir Paul in Rio de Janeiro na Brasaíle ar 12 Lúnasa.

Rinneadh Seaimpín Trom-mheáchain na hEorpa de Dalton O'Shaughnessy, 2ú Bliain BSc i mBitheolaíochtaí Feidhmeacha & Bith-theicneolaíocht, nuair a rinne sé ionadaíocht do CIT agus d'Éirinn ag Craobhchomórtais na hEorpa sa tSlóibhén ó 21 go 28 Deireadh Fómhair.

Sheas mic léinn CIT d'Éirinn sna Craobhchomórtais Seoltóireachta ar 7 Samhain nuair a chríochnaigh siad sa 4ú háit ar fad.

D'éirigh le mic léinn CIT don Institiúid den chéad uair i Rásaí Sealáíochta Mumhan na bhFear ar 8 Samhain. Tháinig Foireann na mBan abhaile agus an 2ú háit ina gcatagóir bainte amach acu.

Reáchtáladh tráthnóna Bronnta Scoláireachta Spóirt CIT ar 28 Samhain. Bronnadh scoláireachtaí ardchlú spóirt ar sheachtó is a hocht lúthchleasaí in 18 spórt éagsúil. Ba é Gary O'Donovan, a bhuaigh bonn airgid Oilimpeach, an t-aoichainteoir agus a bhí ina fhaighteoir scoláireachta ar feadh na gceithre bliana seo caite.

D'éirigh le foireann sacair na hInstitiúide sa chraobhchomórtas den chorn B ar 7 Márta nuair a bhuaigh siad cluiche an-chrua in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Bhí Gradaim Spóirt CIT ar siúl ag campas Bhaile an Easpaig ar 26 Aibreán. Tháinig cruinniú iontach de mhic léinn, baill foirne, baill foirne ar scor, cóitseálaithe, tuismitheoirí, ionadaithe as Boird Rialaithe éagsúla agus cairde chun cion luachmhar na gClubanna Spóirt agus a gcuid ball a cheiliúradh agus iad ag tacú leis an eispéaras mac léinn-láraithe. Thug an Institiúid aitheantas do na mic léinn a bhí ar fheabhas ina rogha spóirt le linn na bliana acadúla seo caite. Ba í Sinéad Kane Uas. an t-aoichainteoir. Is cainteoir spreagúil í agus colúnaí agus Sealbhóir Curiarrachta Dúshláin Maratóin an Domhain.

Ba shuntasach iad torthaí Chlub CLG CIT le linn na deireadh seachtaine 7/8 Bealtaine:

- D'imir Jessica O'Shea (Inch Rovers, Corcaigh), MSc i gCleachtas Margáíochta, ról tábhachtach do pheileadóirí Sinsearach Mná Chorcaí nuair a ghnóthaigh siad an 5ú teideal as a chéile i Sraithchomórtais Náisiúnta na Peile Sinsearaí.
- Agus cluiche iontach á imirt acu ón tús, bhuaigh Foireann Shinsearach Iománaíochta na bhFear de chuid CIT an 1ú babhta de Chraobhchomórtas Iománaíochta Sinsearaí Chorcaí ag Páirc Uí Rinn ar 7 Bealtaine.

## G. Nuálaíocht agus Taighde

Ar 22 Samhain, d'óstaigh UCC Duaiseanna Aireagáin na Bliana 2015 don Chuibhreannas Aistrithe Teicneolaíochta idir CIT agus UCC agus Teagasc. Gach bliain faigheann Oifig Idirchaidrimh Tionsclaíochta CIT thart ar 20 nochtadh aireagáin, ba iad na hainmniúcháin a cuireadh ar an ngearrliosta as CIT mar seo a leanas agus ghnóthaigh buaiteoir amháin de chuid CIT as gach catagóir:

### ICT

**Active Displays with infrared backlight** – Annemarie McCarthy, Stephen Hegarty agus Liam Lewis CAPP

Auto-correction of the incident light power for fluorescence sensing system – Shijie Deng agus Stephen Hegarty, CAPP (Buaiteoir)

**BIO**

**MicroPrep Kit** – Brigid Lucey agus James O’Connor, Bitheolaíochtaí

**An engineered lactococcus lactis vaccine and drug delivery platform** – Roy Sleator, Cormac Gahan (UCC), Eamonn Culligan agus Shauna Keane, Eolaíochtaí Bitheacha (Buaiteoir)

Bronnadh an teideal “Cuideachta Éiritheach na Bliana” ar OrthoXel, cuideachta atá bunaithe sa Rubicon, ag Dinnéar Bliantúil Chumann Tráchtála Chorcaí ar 3 Feabhra. Is cuideachta feistí leighis í atá dírithe ar fhorbairt agus tráchtálú feistí nuálacha ortaipideacha tráma.

Reáchtáladh imeacht faisnéise Dearbháin Nuálaíochta ag an Institiúid ar 23 Feabhra chun clár dearbháin nuálaíochta a chur chun cinn, a forbraíodh chun naisc a thógáil idir Institiúidí Ard-Oideachais na hÉireann agus gnólachtaí beaga.

Ar 28 Feabhra, fuair Lárionad Rubicon agus Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta €300,000 le haghaidh taighde thras-Eorpaigh ar Chórais Nuálaíochta Réigiúnacha agus Speisialú Cliste a optamú. Tá an taighde ar a dtugtar ecoRIS3 – Tacaíocht le Polasaithe agus Beatha chun Eiceachórais Nuálaíochta Réigiúnacha atá maoinithe ag an gClár Interrteg Eorpach le comhpháirtithe sa Spáin, san Fhrainc, sa Phortaingéil, sa Liotuáin, san Fhionlainn, sa Laitbhe agus san Iodáil.

Seoladh an Tionscadal Scileanna Sofheicthe do Dhaoine Fásta (VISKA) ar thionscadal €1.4 milliún atá maoinithe ag Erasmus faoin snáithe K3 Turgnamh Polasaí ar 28 Feabhra. Baineann an tionscadal trí bliana atá á stiúradh ag an Iorua le cúig comhpháirtí eile ón mBeilg – Flóndras, an Íoslainn agus Éirinn. Tugadh cuireadh do Ghrúpa Taighde Rannpháirtíochta Fiontair agus Foghlama Eispéireasach CIT a bheith ina comhpháirtí taighde agus measúnaithe don tionscadal. Cuimsíonn an fhoireann an tOllamh Irene Sheridan, Deirdre Goggin, an tOllamh Margaret Linehan agus an Dr Rose Leahy.

Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl ag an Institiúid ó 6 go 10 Márta. Bhí sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí a mhair ar feadh seachtaine i gceist leis an imeacht bliantúil seo atá ina 6ú bliain, a chuireann an fhiontraíocht agus an nuálaíocht chun cinn ar fud na hInstitiúide. Ba é buaicphointe na seachtaine ná duais Oifigí Fiontair CIT don Chomórtas Nuálaíochta 2017 nuair a bronnadh €10,000 i nduaiseanna agus Duais Forbartha €3,000 ó Lárionad Taighde Nimbus orthu siúd a measadh a gcuid aireagán agus smaointe gnó a bheith ar na cinn ba chruthaithí, ba úire, ba nuálaí agus ba mhó ba dhóichí go n-éireadh leo.

Reáchtáladh Taispeántas agus Duaiseanna Bliantúla Chlár Forbartha Fiontair New Frontiers i Lárionad Rubicon ar 25 Aibreán. Rinne an ócáid ceiliúradh ar chur i gcrích Chéimeanna 1 agus 3 den Chlár New Frontiers a mhaoiníonn Fiontar Éireann agus a sheachadann Lárionad Rubicon. Chuir lucht chur chun cinn na dtionscadal nua a gcuid gnólachtaí ar taispeántas sa réimse poiblí agus bronnadh teastais orthu uile chun a n-éacht i gcur i gcrích dianchláir a shonrú. Thug Joe Healy Uas., Bainisteoir Roinne do Ghnólachtaí Nua-Thionscanta Ardacmhainne, Fiontar Éireann, an príomhchaint.

Reáchtáladh 31ú Taispeántas Innealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bithleighis Chorcaí ar 27 Aibreán. Agus é bunaithe ar ainmiúchán CIT mar Ollscoil Idirnáisiúnta Spáis 2017, ba é téama an taispeántais ná “Innealtóireacht agus Eolaíocht Spáis”. Agus fiontraíocht, forbairt táirge nuálach ildisciplíneach agus rannpháirtíocht tionsclaíochta á gcuimse aige, is ócáid síolraithe é an taispeántas i gcur chun cinn na hinnealtóireachta ar leibhéal náisiúnta/idirnáisiúnta.

Ar 2 Bealtaine, d’fhógair Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) go bhfuil siad chun €72m a infheistiú i gcaitheamh na sé bliana seo chugainn i gceithre Lárionad Taighde nua (SFI) den scoth in Éirinn. Shonraigh an fógra seo an tríú babhta maoinithe faoi Chlár Lárionad Taighde SFI. Bhí an Lárionad CONFIRM don Déantúsaíocht Chliste TF agus córais uathoibríochta tionsclaíochta, atá á stiúradh ag an Ollamh McCarthy, Ollscoil Luimnigh, agus cuimsíonn sé an tOllamh Dirk Pesch, Lárionad Taighde Nimbus mar an Príomh-Imscrúdaitheoir mar cheann de na ceithre Lárionad Taighde SFI a fógraíodh.

D’óstaigh Lárionad Hincks don tSármhaitheas i bhFiontraíocht Campas Oideachais na Chomhairle Eorpaí 3E do Ghnólachtaí Beaga & don Fhiontraíocht ó 10 go 12 Bealtaine. Thart ar 120 toscaire as Éirinn, SAM, Ceanada, an Afraic Theas agus Vietnam mar aon le bord agus ionadaithe ECSB as Cumann na Stát Aontaithe do Ghnólachtaí Beaga & don Fhiontraíocht a tháinig le chéile chun a dtaighde agus a dtaithí ar na príomhdhúshláin agus ar an dul chun cinn in oideachas fiontraíochta a phlé agus a mhalartú. I gcomhthráth le ceiliúradh 10 mbliana Rubicon, ghlac toscairí páirt i dtaispeántas agus plé painéil ar an oideachas agus ar thacú le fiontraíochtaí sa todhchaí.

Rinne Lárionad Rubicon deich mbliana saoil a cheiliúradh ar 11 Bealtaine. Ba í Julie Sinnamon, POF Fiontar Éireann an t-aoichainteoir.

Seoladh cuibhreannas nua, The Bridge Network, ar 18 Bealtaine ag UCC. Agus é á stiúradh ag UCC, cuimsíonn an cuibhreannas ceithre oifig aistrithe teicneolaíochta as CIT, Teagasc, IT Thrá Lí agus UCC. Agus é á mhaoiniú ag Fiontar Éireann faoin Tionscnamh Aistrithe Teicneolaíochta 3 agus le tacaíocht ó Knowledge Transfer Ireland, cuirfidh cuibhreannas an Bridge Network a gcomhshaineolas i bhfeidhm chun tráchtálú taighde mhac-chuideachtaí sna luathchéimeanna, ceadúnaithe agus ar deireadh caidrimh éifeachtacha leis an tionsclaíocht.

D’óstaigh an Institiúid an 30ú Clár Staidéir Spáis de chuid na hOllscoilíochta Idirnáisiúnta Spáis ó 19 Meitheamh go 18 Lúnasa. Reáchtáladh an searmanas oscailte in Halla na Cathrach ar 26 Meitheamh agus an searmanas dúnta in Halla an Chontae ar 25 Lúnasa.

Chuimsigh an clár léachtaí, gníomhaíochtaí oideachais for-rochtana ar feadh naoi seachtain agus breis is 50 imeacht poiblí a thug €2milliún measta isteach i ngeilleagar Chorcaí.

Reáchtáladh dianchampa samhraidh ag an Institiúid ó 14 go 18 Lúnasa a thug 50 mac léinn dara leibhéal isteach i ndomhan na fiontraíochta, na cruthaitheachta agus na nuálaíochta. Bhí an campa, atá anois ina shéú bliain, dírithe ar dhaltaí ó 14 go 16 bliana as scoileanna ar fud Chathair agus Chontae Chorcaí, as Ciarraí, Port Láirge agus Tiobraid Árann. D'óstaigh Lárionad Hincks don tSármhaitheas i bhFiontraíocht an campa agus fuair tacaíocht ó chlár Campa Samhraidh Fiontraíochta, Cruthaitheachta agus Nuálaíochta an ÚAO 2017.

#### **H. An Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas**

Tá an Bille um Ollscoileanna Teicneolaíochta fós le teacht os comhair an Oireachtais ach meastar go bhfuil an obair chuige sin á héascú. Táthar ag tnúth go ndéanfar an Bille a achtú am éigean le linn na bliana acadúla 2017/18.

Tá comhpháirtithe OTM ag leanacht leis an obair tionscadail a dhéanamh áit ar féidir ach is céim rithábhachtach é go rachadh an Bille OT tríd chun ligean do lán-chur i bhfeidhm an tionscadail.

**An Dr Brendan J. Murphy**  
**Uachtarán**

### 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas an chomhionannais laistigh den Institiúid.

## 1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

## 1.5 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre phríomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí  
Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí  
Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí  
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

### Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláráitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, an Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Seachtracha agus an Leas-Uachtaráin d'Airgeadas & Riarachán.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad Taighde Nimbus suite ar an gcampas seo freisin.

### Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900aidí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Oideachas Ealaíne & Dearaidh, Ealaíona i Sláinte & Cleachtas Pobail agus Mínealaíne & Ealaíne Feidhmí. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champus Bhaile an Easpaig.


### Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSC CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.


### Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ)

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingear trachtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid trachtála den Choláiste.

## 1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (1 de 2)



## 1.5 Cairt Eagrúcháin Acadúil na hInstitiúide (2 de 2)





## 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

*Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha*

### 1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCCD)

Trí bhíthin RCCD, tá CIT ag cur athrú dearfach ar thuairimí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann breis is 100,000 duine cuairt ar RCCD in aghaidh na bliana.

### 2. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ar Champs Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. I ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid is ag, nó i gcomhar le, rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadbhreathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionsclaíochta.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt don tionsclaíocht, don rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltais agus táirgeachta níos fearr. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrún táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscthig, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go dtí “táirgeacht inbhuanaithe” a bhfuil san áireamh inti gnéithe amhail freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad barr feabhais i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann an táirgeacht níos glaine agus na cuir chuige choisctheacha le haghaidh chosaint an chomhshaoil chun cinn in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleoirleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí earnálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíochta. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarais áitiúla, áisíneachtaí náisiúnta agus Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúirtheachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

### 3. Lárionad CREATE

Oscáladh Lárionad CREATE go hoifigiúil ar 6 Meitheamh 2014. Maoinítear é tríd an ÚAO faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú-Leibhéal, Timthriall 5. Tá achar 1600m<sup>2</sup> i Lárionad CREATE ar dhá urlár agus cuireann sé spás ar fáil le haghaidh breis is 60 taighdeoir agus dá gcomhpháirtithe acadúla agus gnó, ar chostas de bhreis is €4m. Ar na príomh-chomhpháirtithe tá Coláiste Ollscoile Chorcaí, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Teagasc (Moorepark) agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Tá taighde CREATE dírithe go príomha ar an réimse taighde sláinte trasnáisiúnta agus cuimsíonn sé trí réimse chomhlántacha de na heolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomháú d'fhonn taighde a spreagadh in Ard-Innealtóireacht Theiripeach. Éascóidh sé cur chuige níos cumasctha a chuireann foirne idirdhisciplíneacha ar fáil go sonrach a bhfuil speisialtachtaí acu san fhisic, ceimic, bitheolaíocht agus in innealtóireacht bhithleighis chun fíorfhadhbanna domhanda a réiteach.

Déanfaidh nádúr ildisciplíneach na timpeallachta nua taighde fionnachtain den scoth a spreagadh agus aistriú na fionnachtana sin chuig feidhmeanna nua feabhsaithe agus giniúint paitinní, ceadúnas agus cuideachtaí tosaithe sa réigiún agus go náisiúnta.

### 4. Lárionad Taighde Nimbus i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscóthach de 1,800m<sup>2</sup> a tógadh le sainchuspóir é Lárionad Nimbus arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Thaighde a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse sin. Cuimsíonn Nimbus an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionsclaíochta le Lárionad Nimbus agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad Nimbus deis ar fáil don tionsclaíocht úsáid a bhaint as saotharlanna tionsclaíochta agus teacht ar chlár tacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80, idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime, lonnaithe ann.

Tá freagracht phríomhúil ar thaighdeoirí Nimbus as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, páirtmhaoinithe i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Oibríonn Nimbus an tSaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala do Chórais Nuálaíochta.

## 5. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta nuathionscanta eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliant, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tar éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m<sup>2</sup>. Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhí agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaitheachta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

## 6. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Straitéiseacha Nuálaíochta ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Straitéise Nuálaíochta (SIF) atá á dtreorú ag CIT, *An tOideachas san Fhostaíocht* (Timthriall 1) agus *Mapa Bóthair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla* (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear Aistriú Eolais sa Churaclam atá á threorú ag WIT, an Tionscadal Foghlama Solúbtha atá á threorú ag IÍT agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

*Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:*

### 1. An Lárionad Taighde BIO-EXPLORE

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhisic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Cuirfidh an Lárionad d'Árd-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil don tionsclaíocht agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d'Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain.

Dhá sprioc ardleibhéal atá ag MEDIC, mar atá, cur le hacmhainn Taighde Bithleighis agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischuideachtaí campais).

Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde:

1. Feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha);
  2. Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar siúl d'fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróc agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach;
  3. Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha.
- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine.
  - Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíochta.
  - Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt.
  - Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghniomhachtaí – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-speictriméadrachta

a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

## 2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí agus Próisis in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaíthe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach don tionsclaíocht agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta don Taighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

## 3. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAIE)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí. Agus gairm na hailtíreachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstitiúideach. Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

## 4. An Lárionad d'Ardfhótónaic & Anailís Próisis CAPPa)

Déanann CAPPa taighde feidhmeach agus bunúsach araon ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmeanna i réimsí atá chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feistí leighis, bia agus déantúsaíocht cógasaíochta. Is éard atá san fhótónaic ná solas a ghiniúint agus a ionramháil agus is príomhtheicneolaíocht chumasaithe í i raon leathan topaicí. Cuimsíonn Lárionad CAPPa breis is 20 taighdeoir agus mac léinn iarchéime, agus tá sé lonnaithe i saotharlanna ar champas Bhaile an Easpag (tá sé le bogadh go dtí foirgneamh nua taighde CREATE), agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall mar chuid den chomhoibriú CIT@Tyndall. Ó 2008, bronnadh maoiniú air de bhreis is €10m, ó fhoinis státchiste agus neamh-státchiste araon, ar a n-áirítear SFI, Fiontar Éireann, ÚAO, AE FP7 agus tionsclaíocht, agus d'fhoilsigh breis is 60 páipéar piara-léirmheasta. Tá sainchúram, ag Gateway Technology agus CAPPa atá maoinithe ag Fiontar Éireann, ar leanúint ón Lárionad Feabhsúcháin Taighde CAPPa a bhí ann roimhe sin, díriú ar rannpháirtíocht i dtionscal agus i dtaighde feidhmeach comhoibritheach. Déanann CAPPa idirghníomhaíochtaí rathúla le breis is 30 cuideachta náisiúnta agus Eorpacha, sa raon sainchomhairleoireacht ghearrthéarma ó FMEA agus Process Excursions go tionscadail chomhoibritheacha ilbhliantula tionsclaíocha agus acadúla.

Is comhpháirtí é CAPPa i Lárionad Taighde Chomhtháite Fótónaic na hÉireann (I-PIC) a maoiníodh le déanaí. Ceann de na seacht Lárionad Taighde é sin a mhaoinigh SFI in 2013 sa chistiú stáit/tionscail/taighde is mó riamh in Éirinn, a mbeidh iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon institiúid teicneolaíochta a maoiníodh sa ghla. Laistigh de lárionad I-PIC, a chosain €23m, beidh CAPPa ag obair ar thionscadail in éineacht le 5 chuideachta réigiúnacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánacha, chomh maith le croíthaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den lárionad.

*Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Cheann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí*

### 1. Lárionad Hincks don tSármhaitheas san Fhiontraíocht

D'fhógair CIT cruthú an Lárionaid don tSármhaitheas san Fhiontraíocht, Lárionad Hincks, ar 29 Eanáir 2013. Agus an chéad Lárionad don tSármhaitheas san Fhiontraíocht á chruthú aici, tá CIT ag cur lena tiomantas fada láidir chun cuidiú leis an iarracht fiontraíocha ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Tá i gceist ag CIT aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá san acmhainn reatha in Éirinn oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí leasmhara go léir a thugann tacaíocht agus cothú don fhiontraíocht. Rachaidh Lárionad Hincks i ngleic freisin le roinnt bearnaí tábhachtacha sa taighde reatha ar an bhfiontraíocht i gcomhthéacs na hÉireann de agus bainfidh leas as na haschuir seo chun cuidiú le polasaí agus staitéis náisiúnta a fhoirmiú.

Beidh Lárionad Hincks dírithe ar thrí phléar gníomhaíochta: lucht foirne tacaíochta fiontraíochta agus fiontraíthe a oiliúint, taighde ar an bhfiontraíocht in Éirinn d'fhonn cuidiú le polasaí náisiúnta a fhoirmiú agus oideachas agus creidiúnú oideachasóirí fiontraíocha. Cuirfidh comhcheangal na snáithí seo den fhócas fiontraíochta ar chumas CIT a cuid gníomhaíochta a leathnú sa todhchaí agus déanfaidh breis luacha fiú a sheachadadh do pháirtithe leasmhara CIT.

Ar na garthosaíochtaí de chuid an Lárionaid tá clár úrnua chun feabhas a chur ar scileanna lucht foirne in institiúidí airgeadais d'fhonn an tacaíocht is fearr a thabhairt d'fhiontraíthe i ngnólachtaí nuathionscanta agus SMEanna araon. Cuirfidh Lárionad Hincks clár úr ar fáil a bheidh tiomanta d'oiliúint foirne i ngorlanna gnó agus in áisíneachtaí tacaíochta fiontair. Aithneofar tosca ratha nó teipe na ngnólachtaí nuathionscanta, i gcomhthéacs na hÉireann, i bpríomhréimsí amhail straitéis díolacháin agus maoinithe. Cuirfear clár "Oil na hOiliúnóirí" ar fáil do léachtóirí agus múinteoirí fiontraíochta. Le hais na dtionscnamh sin agus na ngníomhaíochtaí atá ar siúl, tá

beartaithe ag an Lárionad aghaidh a thabhairt ar na príomhréimsí seo: an Infhiontraíocht agus Includaíochtaí, an Fhiontraíocht Shóisialta, agus an Fhiontraíocht ag an Dara Léibhéal.

### ***Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann***

#### **1. Seirbhísí Tráchtála Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCIS)**

Is é NMCIS rannóg tráchtála CNMÉ. Tá mar sprioc aige seirbhís d'ardchaighdeán a bhaint amach agus a sheachadadh do na bonncustaiméirí atá aige faoi láthair nó a bheidh aige sa toadhcháil. Is é feidhm phríomhúil na seirbhísí ná gníomhaíochtaí tráchtála uile an Choláiste a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá sceideal bliantúil tráchtála de chúrsaí gearra gairmiúla muirí ullmhaithe ag NMCIS, ina bhfuil liosta de na cúrsaí gearra uile atá ar sceideal na bliana. Cuireann sí sainchúrsaí grúpa ar fáil freisin do chuideachtaí sa tionscal. Déanfaidh mairnéalaigh ghairmiúla d'ardchaighdeán a cuid cliant go léir a oileadh go dtí na caighdeáin is airde.

##### ***GAC Training & Services Solutions Limited (GTSS)***

- Is cuideachta chomhfhiontair í GAC GTSS a seoladh ar 11 Feabhra 2010 idir GAC agus CNMÉ. Cuireann sí sábháil chostais agus réitigh nuálacha oiliúna ar fáil do na hearnálacha Muirí, Iompar agus Tráchtearraí. Nascann GTSS líonra GAC, teagmhálacha tráchtála, saineolas agus eolas ar chúrsaí loingis dhomhanda, lóistíocht agus tionscal na mara le saoráidí thar barr CNMÉ. Tá an chomhpháirtíocht seo dírithe ar phunann iomlán cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mhairnéalaigh agus do phearsanra loingis talamhbhunaithe agus oibríochtaí tráchtearraí. Feidhmíonn GTSS faoi Roinn Tráchtála an Choláiste, NMCIS, agus tá sí á comhordú ar an talamh ag Feidhmeannach Margaíochta GTSS faoi stiúir Bhainisteoir Seirbhísí CNMÉ i gcomhpháirtíocht le Leas-Uachtarán Solutions GAC. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ar an mBord ag príomhbhaill foirne ón dá scairsealbhóir. Tá an post Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí Cuideachta ag Bainisteoir NMCIS.

##### ***SEFtec NMCI Offshore Limited (SNO)***


- Is cuideachta chomhfhiontair í SNO idir CNMÉ agus SEFtec Global Training Ireland Limited (SGT). Is é a príomhról ná mar fheithicil chun saineolas ar oiliúint farraige SGT, atá ar chaighdeán domhanda, ar mhaithe le caighdeáin agus creidiúnú do chúrsaí OPITO don tionscal mara, a bhaint amach. Oibríonn SNO faoi roinn tráchtála an Choláiste, i.e. NMCI Commercial Services (NMCIS), agus déanann Comhordaitheoir Cúrsaí Farraige í a bhainistíú ar an talamh faoi stiúir Bhainisteoir NMCIS. Tá a Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíochán ag príomhbhaill foirne ón dá scairsealbhóir ar an mBord. Is ag Bainisteoir NMCIS atá an post mar Stiúrthóir Bainistíochta SNO. Is é Bainisteoir Airgeadais CIT an Rúnaí Cuideachta.

#### **2. Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht**

Ar 27 Bealtaine 2013, sheol Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, Lárionad Halpin go hoifigiúil ag CNMÉ. Cuirfidh an fhorbairt nua spreagúil seo le cáil idirnáisiúnta CNMÉ mar lárionad barr feabhais muirí. Cuireann an seoladh i gcrích forbairt inmheánach CNMÉ ag a bhfuil trí philéar gníomhaíochtaí: Oideachas agus Oiliúint Mhuirí, Sainchúrsaí agus Cúrsaí Saincheaptha do thionscal a sheachadann NMCI Services agus, anois, gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta trí Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht.

Beidh an lárionad ina philéar tábhachtach i Rinn an Scidigh ag Campas iMERC, atá ag forbairt go mear, agus éascóidh dá réir sin ionchuir taighde CIT agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann don iarracht fhoriomlán taighde i bhfuinneamh muirí inbhuanaithe. D'éirigh go luath leis maoiniú suntasach taighde Eorpach a mhealladh agus tá baint ag an lárionad le deich dtionscadail atá á maoiniú ag an AE. Ina theannta sin tá an Lárionad ag comhoibriú le Cuideachtaí Beaga agus Meánacha agus le cuideachtaí ilnáisiúnta chun cabhrú leo táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus tá comhoibreoirí idirnáisiúnta aige i gCeanada agus ar fud an AE. Chabhraigh comhairle agus tacaíocht ó chomhpháirtithe in UCC atá bainteach le fada le Fuinneamh In-athnuaite Muirí le Lárionad Halpin chun dul i ngleic go gasta agus go héifeachtach leis an earnáil sin chun tionscadail a fháil a bhaineann le riachtanais oiliúna sa toadhcháil agus le húsáid na teicneolaíochta ionsamlúcháin san earnáil sin.

## 1.6 Aonaid agus Láirionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



## 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

D'ainneoin fhairsingiú na hInstitiúide i dtéarmaí líon na mac léinn ó osclaíodh í in 1974, ba ghann iad na saoráidí spóirt agus go háirithe saoráidí spóirt lasmuigh nach raibh iontu i lár na 1990dí ach páirc amháin CLG, páirc rugbaí agus cúirteanna tarmac leadóige.

Chun an t-easnamh sin sna saoráidí spóirt a chúiteamh, thug an Institiúid faoi fhorbairt a mhair deich mbliana agus a d'athraigh sócmhainní spóirt na hInstitiúide ó thús lag go dtí an staid ina bhfuil siad sa lá inniu nuair is ábhar éada na saoráidí spóirt lasmuigh de chuid CIT don earnáil oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ba é an chéad chuid den mháistirphlean don fhorbairt spóirt a dhréachtaigh Michael Horgan Uas. de chuid Horganlynch Consulting Engineers ná páirc nua rugbaí a thógáil agus í suite ar an taobh thiar den champas agus gar do pháirc CLG. D'fhág tógáil na páirce sin go raibh an suíomh ar an tseanpháirc rugbaí saor agus osclaíodh páirc uile-aimsire shintéiseach ansin in 2000. Is léir an rath atá ar an bpáirc uile-aimsire, ar féidir léi freastal ar hacaí, sacair agus CLG, ón tsíor-úsáid a bhaineann mic léinn, baill foirne agus cumainn agus grúpaí seachtracha aisti.

Ba é an chéad chéim eile agus an chéim ba uaimhianaí den mháistirphlean ná gur ceannaíodh le haghaidh chúrsaí spóirt thart ar 8.91 heicteár taobh thiar d'Abhainn an Churraichín ar ar tugadh "Rock Farm". I ngeall ar a ghaire don abhainn bhí an talamh íseal i mbaol tuilte. Dá bhrí sin ar feadh tréimhse trí bliana cuireadh clár líonta ar siúl chun an t-achar i gcoitinne a ardú de thart ar 2 mhéadar. Ar chríochnú dó, baineadh as an líonra leitheadach línte BSL a bhí ag trasnú an tsuímh agus bhíodhas in ann ansin 6 pháirc ghaineamh-bhunaithe a thógáil le haghaidh CLG, sacair agus rugbaí. Rinne sé sin líon iomlán de 9 bpáirc imeartha féir nuair a chuirtear an raon lúthchleasaíochta istigh sa pháirc san áireamh.

Chun freastal a dhéanamh ar na páirceanna imeartha sin agus chun ionad úrscothach do na féachadóirí a chur ar fáil, tógadh ardán clúdaithe in 2007 le suíocháin a raibh cóir suí ann de 1150 chomh maith le 6 sheomra gléasta, seomra réiteora, seomra leighis, giomnásiam agus achar sóisialta.

Chomh maith leis na forbairtí atá liostaithe thuas, tá lán-tuilsoilsiú ag trí pháirc imeartha chun gur féidir cluichí agus oiliúint oíche a bheith ar siúl iontu agus tógadh cúirt leadóige le cairpéad sintéiseach freisin. Tá cóiríocht ann do spórt agus oiliúint laistigh in halla mór spóirt atá trealmhaithe go maith agus giomnásiam lán-trealmhaithe, atá suite go lárnach ar champas.

D'oscail an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe TD. an Seastán Nua go hoifigiúil ag Lárionad Spóirt na hInstitiúide, Baile an Easpaig ar 4 Meitheamh 2010.





Sa bhliain acadúil 2010/2011, ghlac an Institiúid páirt shuntasach i roinnt imeachtaí a raibh an rath orthu go minic. Bhí na páirceanna agus na saoráidí dea-ullmhaithe mar óstach d'an-chuid comórtas i rith na bliana, ar a n-áirítear cluichí scoile, Craobh Camógaíochta Chontae Chorcaí na Scoileanna, Spóirt Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhacha Trastíre Scoileanna na Mumhan & na nOllscoileanna, WSCAI Idir-Ollscoile, Cadhcáil Idir-Ollscoile Dornálaíocht Nóibhíseach Idir-Ollscoile, agus Craobhacha Rugbaí Choláistí Uile-Éireann. Chuir CIT áiseanna traenála ar fáil do roinnt foirne idirchontae, ar a n-áirítear Peileadóirí agus Camógaíocht na mBan Chorcaí ó faoin aois go Leibhéal na Sinsear, foireann Chorn Kennedy Chorcaí, Scoileanna Barr Feabhais i gCamógaíocht, Sacar na mBan, agus CLG.

I mBealtaine 2011, shínigh CIT comhaontú 4 bliana le Rugbaí na Mumhan faoinar bunaíodh baill de Scuid Gairmiúil na Mumhan agus an Acadaimh san Halla Gleacaíochta Elite de chuid CIT mar cheanncheathrú ar Champas Bhaile an Easpaig.

Chomh maith le freastal ar an lúthchleasaí iomaíoch, leagann an Institiúid béim mhór ar an rannpháirtíocht agus ar an spraoi agus léirítear é sin sa líon mac léinn atá ag dul i méid a ghlacann páirt.

In Eanáir 2012, shínigh CIT comhaontú le Bord Chontae Chorcaí faoinar lonnóidh ceanncheathrú phainéal Iománaíochta Sinsearaí Chorcaí ag Campas Bhaile an Easpaig. Úsáideann siad na seirbhísí spóirt agus na seirbhísí coimhdeacha dá gcuid oiliúna agus forbartha.

Is fada agus is rathúil é traidisiún CIT agus í ag iarraidh cabhrú le cuid de na pearsana tréitheacha spóirt is mó in Éirinn a fhorbairt. Is mian léi an traidisiún sin a neartú agus a chur chun cinn trí thacaíocht shuntasach a thabhairt don Lúthchleasaí Tréitheach Mic Léinn agus d'Fhoirne Ardfeidhmíochta.

Ar feadh na bliana acadúla 2016/17, óstaíodh i bhfaichí agus saoráidí spóirt CIT an-chuid comórtas, ar a n-áirítear cluichí scoileanna, lúthchleasa idirnáisiúnta Chathair Chorcaí, Craobhchomórtais Náisiúnta Tréantógála Meáchain IDFPA, Míle GOAL. Rud iontach, ghlac 576 duine páirt i Rás na Reiniliúnach" a rinne Oifig Spóirt CIT a chomhóstú. Tugadh oll-uasghrádú do pháirc *astro-turf*. Chuir CIT saoráidí oiliúna ar fáil do roinnt foirne ar a n-áirítear Iománaíthe Sinsearach Chorcaí, Camógaíocht Chorcaí, Scuid Forbartha Chorcaí, agus Sacar Chorcaí.

D'fhonn a tiomantas do chúrsaí spóirt a aibhsiú, bronnann CIT Scoláireachtaí Spóirt gach bliain ar raon leathan spóirt, Sinsearach agus Sóiseareach. Bíonn luach na Scoláireachtaí Spóirt sa raon ó €500 go €1,000. Don bhliain acadúil 2016/17, bronnadh na scoláireachtaí seo a leanas:

- 78 Scoláireacht Spóirt CIT ar a n-áirítear 30 mac léinn céad bhliana/forbartha agus 36 Sinsearach
- 12 Scoláireacht Comhairle na Mumhan CLG

Ar na spóirt bhí lúthchleasaíocht, cispheil, dornálaíocht, peil Ghaelach, cídhornálaíocht, hacaí, treodóireacht, iománaíocht, karate, peil na mban, liathróid raicéid, rámháíocht, taekwondo, ailleadóireacht, seoltóireacht agus sacar.

I mbliana ba é an t-aoichainteoir, Gary O'Donovan a bhuaigh Bonn Airgid sa Rámháíocht Oilimpeach, a rinne an bronnadh. Fuair Gary Scoláireacht Spóirt CIT le linn na gceithre bliana seo caite.

Faighteoirí luthchleasaíthe fireanna agus baineanna as 18 spórt difriúil a bhí sna faighteoirí. Cionroinneann CIT scoláireachtaí spóirt go bliantúil do mhic léinn a léiríonn leibhéal arda éachta agus atá ina n-ambasadóirí den scoth ag CIT sa spórt atá roghnaithe acu. Tá an caighdeán agus an iomaíocht do na scoláireachtaí an-ard ar fad agus ceapadh an scéim chun cabhrú le mic léinn a lánchumas a bhaint amach i gcúrsaí spóirt agus ina ngairmeacha acadúla chomh maith.

Don tríú bliain, d'óstaigh an Institiúid Lúthchleasa Bhliantúla Bhunscoileanna Chorcaí ar 1 Meitheamh 2017. Bhí an t-imeacht ar siúl ar an Raon Lúthchleasaíochta agus sa Staidiam Spóirt agus d'éirigh thar cionn léi do gach duine agus í ar cheann de na hócáidí spóirt is mó san Eoraip. Ba í sin an 92ú bliain don imeacht atá uathúil ar fad. In 1924, reáchtáladh na chéad chleasa lútha sa Muirdíog agus 350 páiste ag glacadh páirt iontu. Is lá ar leith é i bhféilire gach bunscoile i gCathair agus Contae Chorcaí agus is imeacht tábhachtach é do CIT de bhrí go bhfaigheann an Institiúid poiblíocht leathan agus an-dearfach i ngach Bunscoil.

Bhí thart ar 5,000 páiste bunscoile san iomaíocht agus meastar go raibh slua de 20,000 idir thuismitheoirí, seantuismitheoirí, siblíní, comharsana agus múinteoirí i láthair chun tacú leo ar feadh an lae go léir.

Bhí CIT sásta an t-imeacht mórscaála seo a óstú ar son Lúthchleasa Bhunscoileanna Chorcaí.





CAMPAS BHAILE AN EASPAIG CIT



FOIRHNEAMH CREATE, CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

## 2. Rialachas

### Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 2.1 Ráiteas Bliantúil Rialachais 2016/2017
- 2.2 Ballraíocht an Bhord Rialaithe
- 2.3 Cruinnithe an Bhord Rialaithe
- 2.4 Costais an Bhord Rialaithe
- 2.5 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)
- 2.6 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

## 2.1 Ráiteas Bliantúil Rialachais – Bliain Acadúil 2016/2017

Is mian linn an Ráiteas Bliantúil Rialachais d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a chur i láthair de réir an Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

Leagaimid amach an Ráiteas Bliantúil Rialachais de réir alt 2.11 de Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann 2012 agus alt 1.9 de na Riachtanais Ghnó agus Tuairiscithe Chód an Stáit 2016.

### **Cód Rialachais (Tag: 2.11.4 (i) agus 1.9 (xv))**

D’fhaomh Bord Rialaithe na hInstitiúide an Cód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann –arna leasú chun an Cód Rialachais 2009 do Chomhlachtaí Stáit (Eanáir 2012) a léiriú go foirmiúil ar 2 Feabhra 2012. Cuireadh litir ón Uachtarán chuig an ÚAO ar 3 Feabhra 2012 a dheimhnigh go raibh glactha ag Bord Rialaithe na hInstitiúide leis an gCód nua.

Faoi láthair tá an Institiúid i mbun próisis leis an ÚAO agus le THEA chun Cód Cleachtais a fhorbairt a bheidh comhlíontach le Cód Stáit 2016. Táthar ag súil go mbeidh an cód seo tugtha chun críche agus glactha le linn na bliana acadúla 2017-2018.

Tá an Bord Rialaithe sásta mar sin féin go gcomhlíonann an Institiúid forálacha Chód an Stáit 2016 i gcoitinne mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

### **Cóid Iompair (Tag: 2.11.4 (i) agus 1.9 (v))**

Ghlac an Bord Rialaithe le Cód Iompair Ghnó ag a chruinniú den 7 Iúil 2011. D’fhaomh an Bord Rialaithe Cód Iompair d’fhostaithe ar 4 Nollaig 2014. Cuirtear Cód Iompair thart go bliantúil lena gcuid oibleagáidí a chur in iúl d’fhostaithe. Cuimsíonn Cód Iompair CIT gnáthaimh chun sárúithe dlíthe infheidhmithe, rialacháin agus/nó an Cód Iompair a bhfuil amhras fúthu a thuairisciú.

### **Forbairtí Airgeadais Suntasacha (Tag 2.11.4 (ii) agus 1.9 (i))**

Foirmlíodh cuibhreas nua CIT Consortium Projects DAC le linn na tréimhse.

Níor dhein an Institiúid aon iniúchadh le linn an tréimhse seo.

### **Polasaí an Rialtais maidir le Pá (Tag 2.11.4 (iii) agus 1.9 (vi))**

Tá polasaí an Rialtais maidir le pá á chomhlíonadh ag an Institiúid. Tá roinnt ball foirne gafa le Taighde agus Forbairt nach bhfuil ailínithe faoi lathair le scálaí atá comhaontaithe go náisiúnta. Ach faomhann an Bord Rialaithe gach ceapachán agus tá Grúpa Athbhreithnithe Luach Saothair agus Teidlíochta i bhfeidhm ag an Institiúid.

### **Gnáthaimh a cuireadh i bhfeidhm: Tuairisciú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach agus Diúscairt Sócmhainne (Tag 2.11.4 (iv) agus 1.9 (iii))**

#### Tuairisciú Airgeadais

Tá próisis chur i gcrích agus tuairiscithe airgeadais i bhfeidhm agus iad faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm a hIniúchta Inmheánaí foinsithe go seachtrach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Feidhmíonn an fheidhm de réir an Chód Rialachais d’Institiúidí Teicneolaíochta agus tuairiscíonn sí go díreach chuig an gCoiste Iniúcháireachta. Bíonn an plean bliantúil don iniúchadh inmheánach ag brath ar shaincheisteanna agus ábhair imní a ardaíonn an bhainistíocht chomh maith le hanailís ar an riosca a bhfuil an Institiúid neamhchosanta air agus ar phleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí atá bunaithe ar an anailís sin. Faomhann an Coiste Iniúcháireachta an plean bliantúil iniúcháireachta inmheánaí. Cuireann na hIniúcháirí Inmheánacha tuairisc ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar gach gníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí. Léiríonn an tuairisc tuairim na hIniúcháirí Inmheánacha maidir le leordhóthaineacht agus éifeachtacht an chóras rialaithe inmheánaigh laistigh de raon na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu.

#### Soláthar

Tagann gnáthaimh soláthair na hInstitiúide leis na treoirí náisiúnta le haghaidh soláthair poiblí agus riachtanais na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus na Treoirí maidir le Luach ar Airgead i gCaiteachas Poiblí, mar atá leagtha amach ag an Aire Airgeadais ar 20 Deireadh Fómhair 2005. Cuirtear eisceachtaí soláthair in iúl don Bhord Rialaithe tríd an gCoiste Airgeadais. Bhí trí eisceacht i gceist le linn na tréimhse:

- Fóirdheontas do Cosmos Education
- Fóirdheontas do Lárionad Nuálaíochta
- Deontais Taighde do Thríú Páirtithe

#### **Diúscairt Sóchmhainne**

Tá polasaithe agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an Institiúid maidir le diúscairt sóchmhainní agus rochtain ar shóchmhainní ag tríú páirtithe. D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasaí athbhreithnithe maidir le Sóchmhainní Seasta ar 5 Samhain 2015. Pléann Bord Feidhmeannach na Institiúide cinntí maidir le diúscairt sóchmhainne agus ceadú rochtana ar shóchmhainní ag tríú páirtithe agus faomhann an Bord Rialaithe iad. Ní dhearnadh diúscairtí sóchmhainne suntasacha ar bith nó ceadú rochtana ar shóchmhainní ag tríú páirtithe le linn na bliana. Deimhníonn an Institiúid gur chomhlíon sí gnáthaimh diúscairte mar a bhfuil cuntas orthu in Alt 3.5 de na Treoiríntí le haghaidh Scothchleachtais i nDiúscairt Sóchmhainne agus Rochtain ag Tríú Páirtithe ar Shóchmhainní.

#### **Bearta Lasmuigh den Chlár Comhardaithe (Tag 1.9 (ii))**

Ní raibh bearta ar bith lasmuigh den chlár comhardaithe ag an Institiúid le linn na tréimhse.

#### **Iontaobhais agus Fondúireachtaí (Tag HEA Teimpléad 8)**

Ní raibh bearta ar bith lasmuigh den chlár comhardaithe ag an Institiúid le linn na tréimhse.

#### **Treoirínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caipitil (Tag 2.11.4 (v))**

Tá an Institiúid ag cloí leis na Treoirínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caipitil.

#### **Polasaí maidir le Taisteal (Tag 2.11.4 (vi) agus 1.9 (xii))**

Tá an Institiúid ag cloí leis na Treoirínte maidir le Polasaí an Rialtais i dtaca le Taisteal.

#### **Luach ar Airgead (Tag 2.11.4 (vii))**

Is eol go maith don Institiúid an gá atá le leanúint le héifeachtúlachtaí a bhaint amach a chur chun cinn de réir na dTreoirínte maidir le Luach ar Airgead i gCaiteachas Poiblí (mar atá leagtha amach ag an Aire Airgeadais ar 20 Deireadh Fómhair 2005), le linn d'fheabhsú cháilíocht na seirbhísí a sheachadann sí a chur ar fáil. Déantar riachtanais a shainiú agus a chur in ord tosaíochta agus cionroinntear acmhainní chun freastal ar na riachtanais sin ar mhodh atá costéifeachtach agus éifeachtúil. Chuir an Rialtas an Oifig um Soláthar Rialtais (OSR) ar bun chun polasaí soláthair, straitéis agus oibríochtaí a chomhtháthú isteach in oifig lárraithe d'fhonn riosca soláthair a laghdú agus coigealtas a chumasú do chomhlachtaí seirbhíse poiblí ar fud an Stáit. Tá Príomhoifigeach Soláthair an Rialtais i gceannas ar an OSR, agus oibríonn mar oifig de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe. Tá an Institiúid ag cloí le ciorclán (06/12) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe a rinne éigeantach úsáid a bhaint as na Creata Soláthair Náisiúnta d'earnáil an Ard-Oideachais sna réimsí seo a leanas le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2012:

Soláthairtí Stáiseanáireachta agus Oifige  
Páipéar  
Soláthairtí Feighlí  
Tomhaltáin TF  
Seirbhísí Bainistithe Prionta  
Fógraíocht (Meáin Chlóite)  
Feithiclí Mótair  
Fuinneamh (Leictreachas & Gas)

#### **Comhlíonadh Dlíthe Cánach (Tag 2.11.4.7 agus 1.9 (xiii))**

D'fhostaigh an Institiúid Deloitte chun athbhreithniú ar Chomhlíontacht Cánach a dhéanamh agus is féidir a dheimhniú, chomh fada agus is eol di, gur comhlíonadh a cuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

#### **Díospóid Dlí (Tag 1.9 (xiv))**

Tá imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh eisithe ag an Institiúid agus ag ceann dá cuid cuideachtaí comhfhiontair SEFTEC NMCI Offshore maidir le Fógra Muirí Uimh. 06 de 2017 a d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar 13 Feabhra 2017.

#### **Plean Soláthair Chorporáidigh (Tag 2.11.4 (ix))**

D'fhaomh an Bord Rialaithe Plean Soláthair Chorporáidigh ar 6 Iúil 2017. Tá gach ball ceannacháin laistigh den Institiúid eolach ar fad ar na treoirínte maidir le soláthar poiblí. Tá an Bord Rialaithe sásta go gcomhlíonann an Institiúid na treoirínte ábhartha go léir a bhaineann le soláthar.

**Polasaí Cosanta Leanaí**

Deimhníonn an Institiúid go bhfuil Polasaí Cosanta Leanaí a d'fhaomh an Bord Rialaithe i bhfeidhm aici ar 4 Nollaig 2014.

**Nochtadh Tuairiscithe Creidimh faoi Rún – Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 (Tag 3.1.1.17 agus 1.9 (xi))**

Deimhníonn an Institiúid go bhfuil Polasaí um Nochtuithe i bhfeidhm. D'fhaomh an Bord Rialaithe an polasaí sin ar 26 Márta 2015. Tá Polasaí um Chalaos i bhfeidhm freisin a d'fhaomh an Bord Rialaithe ar 26 Márta 2015.

**Cruinnithe an Bhord Rialaithe**

De réir alt 6.2 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, cuimsíonn an Bord Rialaithe 19 mball (ar a n-áirítear an Cathaoirleach agus an tUachtarán). Cuireadh tús le téarma oifige an Bhord Rialaithe reatha ar 1 Aibreán 2015. D'athcheap an tAire Oideachais & Scileanna an Cathaoirleach do théarma cúig bliana le héifeacht ó 11 Lúnasa 2016.

**Cruinnithe Rialta an Bhord Rialaithe**

Tagann an Bord Rialaithe le chéile go rialta chun spriocanna agus gníomhaíochtaí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a phlé agus chun comhairle agus dúshlán a chur. Déantar freastal maith ar chruinnithe an Bhord Rialaithe agus tugtar deis do na baill uile a gcuid tuairimí a chur in iúl. Coinnítear miontuairiscí agus athbhreithnítear agus glactar leo ag an gcéad chruinniú eile áit a leantar le saincheisteanna. Déanann an triúr Leas-Uachtarán freastal ar chruinnithe an Bhord Rialaithe.

Bhuail an Bord Rialaithe i gceann a chéile 11 uair le linn na bliana 2016-2017. Tá sceideal an tinrimh ar an leathanach eile.

Uimh.	Ball den Bhord Rialaithe	Freastal ar Chruinnithe Bord Rialaithe										
		6 DF 2016	6 DF 2016 (Cr Speis)	1 Noll 2016	2 Feab 2017	2 Már 2017	6 Aib 2017	1 Meith 2017	12 Meith 2017 (Cr Speis)	16 Meith 2017 (Cr Speis)	23 Meith 2017 (Cr Speis)	6 Iúil 2017
1	Bob Savage Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
2	An Dr Brendan J. Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
3	Bernard Allen Uas.	✓	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	✓
4	Mary Cooney Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
5	Eoin Deane Uas	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
6	Emelie Fitzgibbon Uas.	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	X	✓	✓
7	Maura Fitzgibbon Uas.	✓	✓	X	X	✓	X	✓	X	X	✓	✓
8	An Chomh. Mary Hegarty	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	X	✓
9	An Chomh. Michael Hegarty	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
10	An Capt. Dave Hopkins	X	X	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	X	✓
11	An Chomh. Patrick Gerard Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
12	Declan O'Leary Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
13	Cilian Ó Súilleabháin Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
14	Ted Owens Uas	X	X	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	X	✓
15	Ms Ann Piggott Uas.	✓	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓	X
16	Katherine Walshe Uas.	✓	X	✓	✓	✓	X	X	✓	X	X	X
17	Jim Woulfe Uas	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	X	✓
18	Ruth O'Leary Uas., Ainmnitheach Mic Léinn ó 1/10/2016 to 31/05/2017	✓	✓	✓	✓	✓	✓					
19	Shane Falvey Uas., Ainmnitheach Mic Léinn ó 1/10/2016 to 31/05/2017	✓	✓	✓	✓	✓	✓					
20	Stephanie Kelly Uas., Ainmnitheach Mic Léinn ó 1/06/2017 to 31/05/2018							✓	✓	✓	✓	✓
21	Sam Dawson Uas., Ainmnitheach Mic Léinn ó 1/06/2017 to 31/05/2018							✓	✓	✓	✓	✓

### Cruinnithe den Choiste Iníúcháireachta

#### Coiste Iníúcháireachta

Tá Cairt Choiste Iníúcháireachta ag Coiste Iníúcháireachta na hInstitiúide a d'fhaomh an Bord Rialaithe. Rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú agus nuashonrú ar Chairt an Choiste Iníúcháireachta le linn 2015-2016 ar 30 Meitheamh 2016. Fuair an Coiste Oiliúint Ionduchtaithe Choiste Iníúcháireachta ag a gcruinniú den 22 Deireadh Fómhair 2015. Tagann an Coiste i gceann a chéile 4 huairte ar a laghad sa bhliain de réir Chairt an Choiste Iníúcháireachta chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chairt. Tuairiscíonn an Coiste Iníúcháireachta don Bhord Rialaithe ar a gcuid oibre agus saincheistean ar bith gur ábhar imní iad tar

éis gach cruinniú agus cuireann Tuairisc Bhliantúil isteach. Buailéann an Coiste Iniúcháireachta le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí uair sa bhliain ar a laghad agus le baill foirne freisin as oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

#### Iniúchadh Inmheánach

Tá Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí bhunaithe i bhfeidhm ag an Institiúid a chomhlíonann caighdeán ghairmiúla Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha RA & Éireann. D'fhaomh an Bord Rialaithe a Cairt Iniúcháireachta Inmheánaí. Forbraíonn agus faomhann an Bord Rialaithe clár bliantúil Iniúcháireachta Inmheánaí agus tuairiscíonn an fheidhm Iniúcháireachta ar ais don Choiste Iniúcháireachta maidir lena gcinntí.

Bhuail an Coiste Iniúcháireachta le chéile 5 huairé le linn na bliana 2016-2017 agus anseo thíos tá an sceideal tinrimh.

Dáta	Tinrimh ✓				
	13 DF 2016	17 Samhain 2016	19 Ean 2017	23 Márta 2017	16 Meith 2016
Jim Woulfe Uas.	✓	✓	✓	✓	✓
Declan O'Leary Uas.			✓	✓	✓
Maura Fitzgibbon Uas.			✓		
Bernard Allen Uas.	✓	✓	✓		✓
- **An engineered lactococcus lactis caccine and drug delivery platform – Roy Sleator, Cormac Gahan (UCC), Eamonn Culligan agus Shauna Keane, Eolaíochtaí Bitheacha** (Buaiteoir)

21. Reáchtáladh tráthnóna Scoláireachtaí Spóirt CIT ar 28 Samhain 2016 i Lárionad Nexus na Mac Léinn. Bronnadh scoláireacht spóirt luachmhar ar 78 lúthchleasaí mic léinn in 18 spórt difriúil. Ba é Gary O'Donovan, buaiteoir Bonn Airgid Oilimpeach sa Rámháíocht, an t-aoichainteoir a rinne na bronntaí. Fuair Gary Scoláireacht Spóirt CIT ar feadh na gceithre bliana seo caite.
22. Bronnadh Gradaim Bhliantúla na hInstitiúide (chun sárchéimithe 2016 a Onórú) ar 29 Samhain 2016 i Seomra na Comhairle, Foirgneamh Riaracháin. Fuair sé chéimí déag na seacht nDuais déag seo a leanas:

Uimh.	Ainm	Cúrsa	Duais
1.	<b>Leanne Elizabeth Batchelor</b>	Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Mhuirí	Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearr
2.	<b>David William Jermyn</b>	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreach	Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearr
3.	<b>Brendan Keniry</b>	Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht	Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearr
4.	<b>Kevin Patrick Maher</b>	Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht	Mac Léinn na Céime Baitsiléir is Fearr
5.	<b>Gary Beecher</b>	Baitsiléir Ceoil (Onór)	Mac Léinn Onóracha is Fearr
6.	<b>Jacinta Crowley</b>	Baitsiléir Gnó (Onór) i gCuntasaíocht	Mac Léinn Onóracha is Fearr
7.	<b>Sabina Czernecka</b>	Ard-Diplóma i bhForbairt Néal agus Bogearraí Móibileacha	Mac Léinn Onóracha is Fearr
8.	<b>Daniel Martin Dransfield</b>	Baitsiléir Innealtóireachta (Onór) in Innealtóireacht Leictreach	Mac Léinn Onóracha is Fearr
9.	<b>Niall Egan</b>	Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Mhuirí	Mac Léinn Onóracha is Fearr
10.	<b>Tomas Penc</b>	Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín	Mac Léinn Onóracha is Fearr
11.	<b>Catherine Ann Casey</b>	Máistir Eolaíochta i gCleachtas Margaíochta	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
12.	<b>Chloe Kerins</b>	Máistir Ailtireachta	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
13.	<b>Cormac Ó hAodáin</b>	Máistir Ealaíon i gCeol (Seimn)	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
14.	<b>Louisa Schewe</b>	Máistir Ealaíon in Oideachas Ealaíne & Dearaidh	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
15.	<b>Rafael Poyatero Escibano</b>	Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht	Mac Léinn Máistir Múinte is Fearr
16.	<b>Rafael Poyatero Escibano</b>	Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht	Mac Léinn is Fearr san Iomlán
17.	<b>Jeanienne McCarthy</b>	Máistir Gairmiúil Oideachais in Ealaín & Dearadh	Duais Marshall Hutson – Mac Léinn Oideachais is Fearr

- 23.** Ar 1 Nollaig 2016, ghnóthaigh an mac léinn in Innealtóireacht Mheicniúil, **Vincent Forde**, a bhí in aghaidh iomaíocht ghéar ag Craobhchomórtais don Fhiontraí Óg is Fearr na hÉireann de chuid Oifigí Fiontair Áitiúla Chorcaí, dhá mhórdhuais – Duais don Smaoineamh Gnó is Fearr 2016 agus Duais don Fhiontraí is Fearr san Iomlán na Bliana 2016. Téann sé ar aghaidh anois mar ionadaí Chorcaí agus CIT sna Céimeanna Náisiúnta de Chraobhchomórtais Fiontraí Óg is Fearr 2016.
- 24.** Bhí Comórtas Náisiúnta Scileanna Éireann 2017 ar siúl in CIT ó 5-9 Nollaig 2016. Is imeacht ardghradamach é seo do CIT agus go háirithe don Lárionad Staidéar Ceardaíochta. Cé go gcomhroinntear na ceirdeanna éagsúla atá i gceist le Comórtas Náisiúnta Scileanna Éireann idir CIT agus DIT, i mbliana bhí áthas ar CIT comórtais in ocht scilríimse a óstú mar seo a leanas: Innealtóireacht Ghluaisteáin, Cearpantóireacht, Oirtheoireacht Gléasra Foirgníochta, Suiteáil Leictreach, Rialú Tionsclaíoch, Siúinéireacht, Oibriú Miotail, agus Obair Plástair & Córais Bhalla Thirim.

25. Bhí Searmanas Bronnta Gradaim Bliantúla na Dáimhe Innealtóireachta & na hEolaíochta ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig ar 8 Nollaig 2016. Bronnadh 54 duais sna Ranna seo a leanas:

Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil	5
Roinn Ailtireachta	6
Roinn Foirgníochta	3
Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta	6
Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair	5
Roinn Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaí	3
Lárionad Staidéar Ceardaíochta	8
Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha	5
Roinn Eolaíochtaí Bitheacha	6
Roinn Eolaíochta Ríomhaire	4
Roinn Matamaitice	3

26. Bronnadh trófaite ar bhuaiteoirí Comórtas Náisiúnta Scileanna Éireann 2017 ag Searmanas Duaise a reáchtáladh ar 9 Nollaig 2016. Rinne Leas-Ardmhéara, an Comh. P.J. Hourican agus Leas-Mhéara Contae, an Comh. Derry Canty freastal ar an imeacht. Chuir an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla fáilte rómpu ina aitheasc. Fuair na mic léinn seo a leanas 1ú háit:

- **Gavin Lyne**, Teicneolaíocht Ghluaisteáin Pas 4
- **John O'Toole**, Oirtheoireacht Gléasra Foirgníochta Pas 6
- **Brendan Muldowney**, Rialú Tionsclaíoch Pas 4
- **Martin Crowe**, Oibriú Miotail Pas 4
- **Tom O'Dwyer**, Plástráil & Córais Bhalla Thirim Pas 4

Beidh deis ag buaiteoirí an chomórtais seo a bheith roghnaithe chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn i gcomórtas WorldSkills a bheidh ar siúl in Abu Dhabi i nDeireadh Fómhair 2017.

27. Reáchtáladh Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile i gCNMÉ ar 16 Feabhra 2017. Fuair 95 Réamhchémí a gcuid pár a raibh 5 PhD san áireamh iontu.
28. Bhronn an tUachtarán agus Cathaoirleach an Bhord Rialaithe Scoláireachtaí RÍSAM CIT 2016 ag searmanas ar an Luan 27 Feabhra 2017 i Seomra na Comhairle. D'fhorbair an Scoil Staidéar Iarchéime tionscnamh RÍSAM mar chuid de thiomantas leanúnach d'Oideachas agus Taighde Dochtúra le Fealsúnacht. Is lánscoláireacht iad na scoláireachtaí a chuimsíonn táillí, stipinn mhíosúil, agus costais ábhartha eile. I mbliana fuair CIT 30 iarratas PhD RÍSAM a raibh i gceist iontu lántogra taighde le maoirseoirí acadúla ionchasacha agus mic léinn ionchasacha PhD. Rinne painéal seachtrach a bhfuil taithí acu gach ceann de na lántograí seo a athbhreithniú agus astu sin moladh 5 thogra díobh le haghaidh maoinithe. Tá na faighteoirí gafa le taighde ilghnéitheach i réimse ginearálta sláinte phobail. Bronnadh Scoláireachtaí PhD orthu seo a leanas:

Faighteoir	Roinn	Maoirseoirí	Teideal agus Togra Taighde
Catherine Anna Kavanagh	Eolaíochtaí Bitheacha	An Dr Karen Finn An Dr Máire Begley An Dr Barry Boland	Linking lipids to Neurodegeneration: Characterisation of altered lipid metabolism in amyotrophic lateral sclerosis (ALS) and identification of novel therapeutic targets for clinical intervention
Aimee Plante	Eolaíochtaí Bitheacha	An Dr Fiona O'Halloran An Dr Aoife McCarthy	Functional foods for the elderly: Comparing the bioactive properties of cheese to identify optimal products that promote healthy ageing
Laura Nyhan	Eolaíochtaí Bitheacha	An Dr Michael Callanan An Dr Máire Begley	Marrying mathematics and microbiology to improve food security; assessment of mathematical models to predict the growth of bacteria in re-formulated foods
Antonio Pichel Beiro	Eolaíochtaí Bitheacha	An tOllamh Aidan Coffey An tOllamh Jim O'Mahony An Dr Olivia McAuliffe	Structure determination of receptor-binding proteins and baseplate of Staphylococcus phage K, a therapeutic phage for control of MRSA
Carlota Márquez Graña	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair	An Dr Caroline O'Sullivan An Dr Keith Bryan An Dr Sonja Vucen	Development of a Novel Single-Use Microneedle Design Platform for Increased Patient Compliance

29. Bhí Seachtain na Nuálaíochta CIT ar siúl ó 6-10 Márta 2017. Is éard atá san imeacht bliantúil atá ina 6ú bliain anois ná sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar feadh seachtaine a chuireann an fhiontraíocht agus an nuálaíocht chun cinn ar fud chúig shuíomh champas CIT. Chuimsigh an sceideal raon leathan seimineár, taispeántas, ceardlanna agus léirithe. D'óstaigh imeacht na bliana seo ócáid líonraithe Mná i nGnó. Ba é buaicphointe na seachtaine ná Duais CIT Oifigí Fiontair Áitiúla (Chorcaí) don Chomórtas Nuálaíochta 2017 a bhronn €10,000 i nduaiseanna airgid agus €3,000 mar Dhuais Forbartha Lárionad Taighde Nimbus orthu siúd a measadh a gcuid aireagán agus smaointe gnó a bheith ar na cinn ba chruthaithí, úire, nuálaí, agus ba dhóichí go n-éireodh leo sa láthair oibre. Tá cur síos ar na foirne buacha thíos:

Duais	Ainm Cuideachta	Mic Léinn	Maoirseoir(i)
Duais CIT don Nuálaíocht – €4,000	Dialast	Mic Léinn Innealtóireachta Bithleighis & Meicniúla <b>Kiran Shaju</b> <b>Daniel O'Riordan</b> <b>Kate O'Sullivan</b> <b>Cathal O'Sullivan</b> <b>Orla O'Donoghue</b> <b>Denis Hegarty</b>	Paul Keane Uas, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
Deis Ghnó is Fearr – €1,500	Stroke Sense	Mic Léinn Innealtóireachta Bithleighis, Innealtóireachta Meicniúla & Gnó <b>Cathal Merz</b> <b>Ciara Cronin</b> <b>Jamie Coleman</b> <b>Kevin O'Regan</b> <b>Connor McCarthy</b>	An tOllamh Seán F. O'Leary, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
Coincheap is Fearr - €1,500	Stryde Tech	Mic Léinn Innealtóireachta Bithleighis, Innealtóireachta Meicniúla <b>Muireann Hickey</b> <b>Alexander Sologub</b> <b>Jonathan Mullane</b> <b>Kevin Hayes</b> <b>Cian O'Leary</b>	Paul Keane Uas, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
Cur i Láthair is Fearr - €1,000	Crúthú	Mic Léinn Ilmheán <b>Seán Ó Conraoí</b> <b>Tadhg McNealy</b> <b>Paul Savage</b>	Emmett Coffey Uas., Léachtóir Roinn Meán Cumarsáide
Seastán is Fearr - €1,000	Kingfisher	Mac Léinn Bainistíochta Fáilteachais <b>Deirdre Feeney</b>	Mary McCarthy Uas., Léachtóir, Roinn Turasóireachta & Fáilteachais
Duais Enactus & Nuálaíocht Shóisialta – €1,000	Aware Bear	Mic Léinn Ilmheán <b>Valerie O'Brien</b> <b>Áine McAuliffe</b> <b>Clodagh O'Mahony</b>	
Duais Forbartha Lárionad Taighde Nimbus – €3,000	Artery Aid	Innealtóireacht Bithleighis, Innealtóireacht Meicniúla & Staidéar Gnó <b>Kate Hawskby</b> <b>Tom Horgan</b> <b>John McCarthy</b> <b>David O'Leary</b> <b>Niall O'Connor</b> <b>Daniel Vaughen</b> <b>Damien Lacey</b>	Hugh O'Donnell Uas., Léachtóir, Innealtóireachta Bithleighis & Meicniúla & Déantúsaíochta Scott McGowan Uas., Léachtóir Cúnta, Roinn Cuntasaíochta & Córais Faisnéise Lisa Murphy Uas., Léachtóir, Roinn Bainistíochta & Fiontair

30. Reáchtáladh Bronnadh Duaiseanna Cumann & Gníomhaíochtaí Mic Léinn CIT 2017 ar 3 Aibreán 2017 i gCampas Bhaile an Easpaig, Bhronn an Dr Barry O'Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla trí dhuais déag, agus é ag déanamh ionadaíochta don Uachtarán. Ba é Trevor Ryan an t-aoichainteoir, céimí de chuid CIT (Iar-Uachtarán Aontas na Mac Léinn agus ball den Bhord Rialaithe). Is stiúrthóir é Trevor ar Montford College of Performing Arts agus comhscríbhneoir agus stiúrthóir

gheamaireacht bhliantúil Áras Ceoldrámaíochta Chorcaí. Thug an Searmanas Bronnta deis chun aitheantas a thabhairt don chion deonach a thugann an 200 oifigeach ar choistí cumainn a rinne gníomhaíochtaí 42 cumann a chomhordú.

Duaiseanna Cumainn	
Cumann na Bliana	Guild Gaming
An Cumann Acadúil is Fearr	Innealtóireacht Cheimiceach
Sárimeacht	Indian
An Cumann Nua is Fearr	“American Idiot” – Ceoldráma
An tImeacht Beag is Fearr	“Diwali” – Indian
Duais Rísam Uile	“CIT Christmas Donation Drive” – Cumann na Croise Deirge in Éirinn & LADT
An Cumann is Mó a d’Fheabhsaigh	Automotive

Duaiseanna Aonair	
<b>Kiran Shaju</b>	Indian, Photographic & Enactus
<b>Joshua Volfango</b>	Guild Gaming
<b>Stephanie Boyle</b>	Dance
<b>Marcus (Tia Zhao Quing)</b>	Mac Léinn Idirnáisiúnta

Mac Léinn Céad Bhliana is Fearr	
<b>Kelley Pierse</b>	Anime & Manga

Sáréacht i nGníomhaíochtaí Cumann & Coláiste go hUile	
<b>Adrian Coleman</b>	Guild Gaming, Anime & Manga

31. D’óstaigh CIT Craobhchomórtais IAVV Raoin is Faiche CIT ar 7 agus 8 Aibreán 2017 agus d’eagraigh dinnéar a bhí ar siúl in Óstán Clayton, Cé Lapp, ar 8 Aibreán 2017. Ghlac breis is 400 lúthchleasaí páirt iontu. Tháinig foreann CIT isteach sa 10ú háit.
- **Thomas Houlihan** (MEng Innealtóireacht Struchtúrtha a bhuaigh arís sa léim chuaille d’ainneoin gortú gualainne a bheith ag cur as dó **Jessica Neville**, (Eolaíocht Leighis Saotharlainne, Bliain Chliniceach) a bhuaigh bonn óir sa Chliathrás 400m
  - **Denise Byrne**, (Céimí in Oideachas Montessori) a ghnóthaigh bonn airgid sa Chaitheamh Sleá le caitheamh de 36.05m
  - **Daniel O’Mahony, Andrea Bickerdike, Séamus Rainsford** agus **Andre Christie** a bhailigh pointí luachmhara foirne le sé áit ag an mbarr
  - Foireann sealáíochta CIT na bhFear 4 faoi 400m (**Daniel O’Mahony, TJ Horgan, Zach Harrington** agus **Stephen Holland**) a chríochnaigh sa 6ú háit sa 4x400.
32. Ghnóthaigh **Aoife Hayes**, mac léinn Taighde MSc sa Roinn Ailtireachta duais don Chur i Láthair ó Bhéal ab Fharr ar fad de chuid Environmental Sciences Association na hÉireann ag Environ 2017, a bhí ar siúl ón 10-12 Aibreán in IT Bhaile Átha Luain. Is é Comhdháil Environ an Chomhdháil Chomhshaoil is mó a óstaítear in Éirinn agus ghnóthaigh Aoife an phríomhdhuais sa chomórtas a raibh mic léinn Máistir agus PhD istigh air as na príomh-líAO ar oileán na hÉireann.
33. Reáchtáladh Gradaim & Taispeántais Bhliantúla de chuid Chlár Forbartha Fiontair New Frontiers i Lárionad Rubicon Dé Máirt 25 Aibreán 2017. Chuir an t-imeacht sin críoch le Pasanna 2 agus 3 de Chlár New Frontiers a bhí maoinithe ag Fiontar Éireann, a sheachadann Lárionad Rubicon CIT. Chuir tionscnóirí thionscadal nua a gcuid gnó i láthair os comhair an phobail agus bronnadh teastais orthu uile chun aitheantas a thabhairt dá gcuid éachtaí agus dianchlár á chur i gcrích acu. Ba é Joe Healy Uas. an príomhchainteoir. Is Bainisteoir Roinne é le haghaidh Nuathionscantaí Gnó le hArdacmhainneacht i bhFiontar Éireann.

Bronnadh cúig dhámhachtain ar an oíche:

Duais	Faighteoir/Cuideachta
Duais don Seastán Trádála is Fearr	Tom Cotter – Rash’R
Duais don Phlean Gnó is Fearr	Ayooluwa (Wendy) Oke – TeachKloud
Duais don Táirge is Nuálaí	Seán Ó Tuama - Firemole
Duais don Chomhghleacáí is Fearr	Kait Husmann – Cook & Cure
Duais do Bhuaiteoir Foriomlán New Frontiers don Deis Gnó is Fearr 2016	Paul Glavin – Glavloc Build Systems

34. Ar 26 Aibreán 2017, reáchtáladh Duaiseanna Spóirt CIT i bhfoirgneamh na Turasóireachta & an Fháilteachais. Tháinig slua iontach i láthair idir mhic léinn, bhaill foirne, bhaill foirne ar scor, chóitseálaithe, thuismitheoirí, ionadaithe as Boird Rialaithe éagsúla agus chairde chun meas a léiriú ar chion luachmhar na gClubanna Spóirt agus a gcuid ball agus tacaíocht á tabhairt acu d'eispéireas mac léinn-láraithe.

Thug an ócáid deis iontach don Institiúid aitheantas a thabhairt dóibh siúd a bhain áiteanna arda amach sa spóirt a roghnaigh siad le linn na bliana acadúla seo caite. Tá na duaiseanna bunaithe ar sháréachtaí ina spórt agus/nó riarachn clubanna laistigh den Institiúid. Bronnadh duaiseanna mar seo a leanas:

<b>Faightheoirí Duaiseanna Spóirt 2017 CIT</b>		
<b>Buaiteoirí Aonair Duaiseanna x 12</b>		
<b>Ainm</b>	<b>Cúrsa</b>	<b>Éachtaí Spóirt</b>
<b>Paul Kingston</b> (Badmantan)	Innealtóireacht Leictreach Bliain 4	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Captaen ar Fhoireann CIT – Buaiteoir Bonn Airgead Sórt Mic Léinn na hÉireann</li> <li>• Ball de Choiste CIT sa bhliain seo caite</li> <li>• Ghnóthaigh cuid mhaith bonn contae lena Chlub agus rinne ionadaíocht do Chorcaigh ó leibhéal ógánach go dtí an lá inniu</li> </ul>
<b>Declan Cahill</b> (Cispheil)	Bainistíocht TF Bliain 4	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Imreoir Ard-Sraithe le CD Neptune ó 2014 agus Imreoir Sóisearach Idirnáisiúnta na hÉireann Faoi 16</li> <li>• Sa Bhabhta Leathcheannais Sraithe agust buaiteoirí ollscoile “B” le CIT 2014</li> <li>• Leathcheannais Ollscoile 2017</li> <li>• Faightheoir Clár Victory Scholars</li> </ul>
<b>Rowan Johnson</b> (Canú)	Innealtóireacht Chomónta Bliain 1	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ball d'fhoireann Paddle Surf na hÉireann agus 2ú háit sna comórtais idirnáisiúnta baile</li> <li>• 5ú háit in imeachta Fhoireann Whitewater ag comórtais idir-ollscoile na bliana seo</li> <li>• 2ú háit in ócáid Whitewater ag Féile na Gaillimhe</li> </ul>
<b>Vladimir Belujsky</b> (Dornálaíochta)	Bainistíochta Ghnó Bliain 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Chuir tús lena shaol gairmiúil I Márta 2017 sna Grand Connaught Rooms, Londain le toradh 38-38 in aghaidh Anthony Fox</li> <li>• 1ú háit i gCrabhchomórtais Elite na Slóvaice</li> <li>• Seaimpín Corn Celtic Box 2014</li> <li>• Bonn airgid faoi dhó ag Craobhchomórtais Chumann Dornálaíochta Leibhéal a Trí i Lúthchleasíochta na hÉireann</li> </ul>
<b>Meadhbh O'Callaghan</b> (Karate)	Cuntasaíochta Bliain 4	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cathaoirleach CIT le linn na 3 bliana seo caite</li> <li>• Buaiteoir 4 bhonn ag cluichí idir-ollscoile na bliana seo – 2 ór, airgead amháin agus cré-umha amháin</li> <li>• Bronnadh uirthi “Iomaitheoir Sinsearach Baineann na Bliana” ag ócáid na bliana seo de Martial Arts Promotions Chorcaí</li> </ul>
<b>David O'Sullivan</b> (Galf)	Bainistíocht Ghnó Bliain 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 2ú háit I gCorn Sóisearach Tús Scríbe Mhainistir Fhearmaí 2016</li> <li>• D'aimsigh dhá urraitheoir do Chlub CIT agus chuir comórtas nua ar bun, Sraith an Gheimhridh</li> <li>• D'imir ar Fhoirne Fred Daly, Harbour Shield agus Coirn Shóisearacha</li> </ul>

<b>Faighteoirí Duaiseanna Spóirt 2017 CIT Buaiteoirí Aonair Duaiseanna ar lean</b>		
<b>Ainm</b>	<b>Cúrsa</b>	<b>Éachtaí Spóirt</b>
<b>Conor Skeehan</b> (Liathróid Raicéid)	Innealtóireacht Mheicniúil Bliain 4	Cathaoirleach & cóitseálaí do Chlub Liathróide Raicéid CIT le linn dó a bheith in CIT <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cathaoirleach &amp; cóitseálaí do Chlub Liathróide Raicéid CIT le linn dó a bheith in CIT</li> <li>• Buaiteoir Comórtas Oscailte Mhainistir Fhearmaí aonair agus dúbailte</li> <li>• Buaiteoir comórtas dúbailte Oscailte na Gaillimhe agus airgead i gcomórtas idir-ollscoileanna na bhfear</li> <li>• Threoraigh CIT chun a dteideal idir-ollscoile a choinneáil</li> <li>• Ball d'fhoireann Shinsearach na hÉireann</li> </ul>
<b>Siobhán O'Neill</b> (Dreapadh Carraige)	Eolaíocht Chomhshaoil agus Teicneolaíocht Inbhuanaithe Bliain 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cathaoirleach Reatha Club Dreapadh Carraige CIT</li> <li>• Ball de choiste eagrúcháin CIT a d'óstaigh Dreapadh Carraige Choláiste agus Idir-ollscoile na hÉireann</li> </ul>
<b>Aoife Walsh</b> (Camógaíocht)	MA i mBainistíocht Acmhainní Daonna	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ina captain ar CIT nuair a buadh Shield Ashbourne 2017</li> <li>• Buaiteoir Corn Purcell CIT 2016</li> <li>• Bonn Roinn 2 Sraithe le Corcaigh 2014</li> </ul>
<b>Cian Murray</b> (Surfáil)	Córais Faisnéise Gnó Bliain 2	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cathaoirleach ar Chlub Surfála CIT a chríochnaigh sa 6ú háit san iomlán i gcomórtas idir-ollscoile 2017</li> <li>• Teagascóir Surfála Leibhéal ASA, surfharrtháil san áireamh</li> <li>• Surfálaí in Éirinn agus ar fud an domhain go háirithe san Astráil, san Indinéis, sa Nua-Shéalainn agus san Afraic Theas</li> </ul>
<b>Anthony Casey</b> (Peil)	Bainistíochta Fóillíochta & Áineasa Bliain 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Craobhchomórtas F21 na Mumhan &amp; na hÉireann 2016</li> <li>• Príomh-Sheaimpíní Contae idirmheánach 2016</li> <li>• Foirne Sigerson &amp; Craobhchomórtas le CIT</li> </ul>
<b>Michael Kearney</b> (Iománaíocht)	Bainistíocht Fóillíochta & Áineasa Bliain 3	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Imreoir Sinsearach Reatha le Port Láirge</li> <li>• Buaiteoir boinn F21 na Mumhan &amp; Uile-Éireann</li> <li>• Buaiteoir bonn Mionúir Uile-Éireann</li> </ul>

<b>Duaiseanna "Rísam Uile" x 2</b>	
<b>Club Camógaíochta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Buaiteoirí Sciath Ashbourne 2017</li> <li>• Buaiteoirí Corn Purcell 2016</li> <li>• Baill d'fhoirne idirchontae éagsúla</li> </ul>
<b>Club Liathróid Raicéid</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seaimpíní Idir-ollscoile Uile-Éireann 2016 &amp; 2017 a bhuaigh 11 bhonn i 5 roinn ag comórtas idir-ollscoile 2017</li> <li>• Baill a bhí san iomaíochta sna comórtas Oscailte Náisiúnta ar fud na tíre, agus a bhuaigh go dtí seo 5 theideal Dhúbailte Oscailte, mar aon le 1 Ór agus 2 Airgead sna cluichí singil</li> <li>• Beirt bhall ar phainéal Sinsearach na hÉireann</li> </ul>

<b>Duais "Club na Bliana"</b>	
<b>Club Badmantain</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cháiligh dhá fhoireann go huathach dá chiud le haghaidh Lá Craobhchlúiche Uile-Éireann Spóirt na Mac Léinn</li> <li>• Iomaitheoirí sa bhabhta leathcheannais Uile-Éireann Spóirt na Mac Léinn nuair a bhuaigh siad Bonn Airgid</li> <li>• Sa bhabhta Leathcheannais don Phláta Idir-ollscoile</li> <li>• An-chairdeas agus meanma foirne eatarthu</li> </ul>

<b>Duais "Éacht Iarchéime"</b>	
<b>Alan Bennett</b>	Gnó (Onór)



35. Bhí an 31ú Taispeántas de chuid Innealtóireacht Mheicniúil, Déantúsaíochta & Bithleighis Chorcaí ar siúl ar 27 Aibreán 2017 i gCampas Bhaile an Easpaig. Agus é bunaithe ar ainmniú CIT mar Ollscoil Idirnáisiúnta Spáis 2017, ba é téama Thaispeántas 2017 ná “Innealtóireacht Spáis agus Eolaíochta”. Agus é anois sa 31ú bliain dó, is é Taispeántas Innealtóireacht Mheicniúil, Déantúsaíochta agus Bithleighis Chorcaí, a raibh breis is seastán ann, an t-imeacht oideachais innealtóireachta is mó in Éirinn agus san Eoraip. Agus an fhiontraíocht, forbairt táirgí nuálaíochta agus ildisciplíneacha agus rannpháirtíocht na tionsclaíochta ann, léirigh an t-imeacht mac léinn-láraithe taispeántas a raibh mórthéamaí ag baint leo, ar a n-áirítear carranna Foirmle a hAon agus macasamhluithe de stiúideo/aireagáin de chuid Leonardo da Vinci. Is socrú seamhnach é taispeántas Chorcaí i gcur chun cinn na hinnealtóireachta ar leibhéal náisiúnta/idirnáisiúnta agus eiceachóras oideachasúil agus nuálach campais a chruthú atá an-rathúil.

Roimh sheoladh an Taispeántais, bronnadh na duaiseanna ar shárachtaí seo a leanas:

Bronnadh Duaiseanna CIT ag an Uachtarán		
Teideal na Duaise	Faightheoir	
Duaiseanna Cuimhneacháin Tim Sexton x 2	<p><b>Vincent Forde</b> Mac léinn as BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil (faoi láthair i mBliain 4)</p> <p>Foireann Ildisciplíneach Gnólacht Nuálach Nuathionscanta Mic Léinn Hydro-FLOcean H-FLOTM:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Gerard O’Connell, Arran Coughlan, Kelly Lane</b> (iad go léir faoi láthair i mBliain 4 den BEng (Onór) in Innealtóireacht Bithleighis)</li> <li>• <b>George O’Rourke, Shane O’Driscoll, Jason Shorten, John Harrington</b> (iad go léir faoi láthair i mBliain 4 den BEng (Onór) in Innealtóireacht Mheicniúil)</li> <li>• <b>Kacey Mealy</b> (céimí BBus (Onór) 2016)</li> </ul>	<p>Mar aitheantas as sárachtaí in 2016 ar a n-áirítear</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Fiontraí Mic Léinn CIT na Bliana 2016</li> <li>• Fiontraí Mic Léinn Fiontar Éireann 2016</li> <li>• Duais don Chéad Áit in Accenture Leaders of Tomorrow 2016</li> </ul> <p>Mar aitheantas as sárachtaí in 2016 ar a n-áirítear</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Duais CIT don Nuálaíocht 2016 – An Táirge is Nuálaí go Teicniúil</li> <li>• Craobhchomórtais Náisiúnta Mic Leinn 2016 Cruickshank Intellectual Property Attorneys – Buaiteoir na Duaise Náisiúnta</li> <li>• Buaiteoir Duais Náisiúnta James Dyson 2016</li> </ul>
Duais Cuimhneacháin Richard Hale	<p><b>Karen McDonnell</b> Céimí 2016 den BEng (Onór) in Innealtóireacht Bithleighis</p>	<p>Mar aitheantas as sárachtaí in 2016</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• MEETA – Maintenance and Asset Managers Association: Buaiteoir Céad Áit Foriomlán Náisiúnta Mic Léinn 2016 don tionscadal “Optimisation of the Packaging System at Wright Medical”</li> </ul>

36. Ar 27 Aibreán 2017, d’óstaigh Aontas na Mac Léinn Gradaim Chomhairle an Aontais inar bronnadh Teastais Tuillteanais ar Ionadaithe Ranga mar aitheantas as a gcion deonach do shaol an champais ag an Dr Barry O’Connor, Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus an Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mic Léinn. Bíonn Ionadaithe Ranga i gceartlár fhás agus fhorbairt an Aontais agus imríonn siad príomhról sa phróiseas cumarsáide idir mic léinn, an fhoireann agus AnaM. Cuidíonn siad go mór le rannpháirtíocht mic léinn in CIT ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta araon mar is léir ón gcion a thug siad do Sparq (Comhpháirtíocht Mhic Léinn i gCáilíocht) ag CIT agus an Clár Náisiúnta Rannpháirtíochta Mic Léinn (NstEP). Ba iad Faightheoirí na nDuaiseanna ná:
- **Dawn Keyes**, 3ú Bliain Eolaíocht Bithleighis
  - **Boglarka Zsuzanna Krkos**, Mac léinn iarchéime i mBitheolaíocht Ríomhaireachtúil
  - **Stephen McDonnell**, Staidéar Muirí TDO1
  - **Amy O’Keeffe**, 3ú Bliain Físic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
  - **Joshua Volfango**, 3ú Bliain Córais Faisnéise Gnó
  - **Stephen Walsh**, 1ú Bliain Forbairt Bogearraí

Bronnadh an gradam tábhachtach de chuid CIT “Ardmholadh an Uachtaráin” ar **James Flynn** mar aitheantas as an tsársheirbhís eisceachtúil a thug sé d’Aontas na Mac Léinn ag CIT.

37. Fuair an mac léinn BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha, **Stephen Buckley**, Gradam Sármhaitheasa ó Innealtóirí Éireann ar 27 Aibreán 2017 mar an céimí innealtóireachta Leibhéal 7 is fearr a chuaigh ar aghaidh go dtí an clár Leibhéal 8 atá creidiúnaithe ag Innealtóirí Éireann. Bhronn Uachtarán Innealtóirí Éireann, Dermot Byrne, an gradam seo ag searmanas in CIT.
38. Bhain Club CLG CIT torthaí suntasacha amach le linn deireadh seachtaine an 7/8 Bealtaine 2017.
- D’imir Jessica O’Shea (Inch Rovers) príomhról do Pheileadóirí Sinsearach Chorcaí na mBan nuair a ghnóthaigh siad teideal Sraith Shinsearach Peile Náisiúnta mar thoradh ar bhua aon chúilín ar Dhún na nGall ar 7 Bealtaine 2017.
  - Fuair **Foireann Shinsearach Iománaíochta** CIT an bua le 0:22 in aghaidh 0:20 ar fhoireann mhaith as an Dúghlas sa chéad bhabhta de Chraobhchomórta Iománaíochta Sinsearaí Chorcaí i bPáirc Uí Rinn ar 7 Bealtaine 2017.
39. D’óstaigh CIT Duaiseanna Fiontraí Mic Léinn de chuid Fhiontar Éireann ar 8 Meitheamh 2017 in Halla na Turasóireachta & Bia. Spreagann Duaiseanna Fiontraí de chuid Fiontar Éireann mic léinn den tríú leibhéal chun a ngnólacht féin a thionscnamh mar rogha gairme. I mbliana mheall na Duaiseanna aighneachtaí ó bhreis is 560 mac léinn tríú leibhéal as coláistí ar fud na hÉireann. As na deich gcraobhiomaitheoir, bhí trí cinn díobh a fuair duaiseanna mar seo a leanas:
- Pendulfe – Gradam Náisiúnta Dámhachtana Fiúntais, €1,500
  - Stryde Tech – Cruickshank Intellectual Property Attorneys
  - Duais don Nuálaíocht is Fearr Teicneolaíocht, €5,000
  - StrokeSense – Duais Intel don Sár-TFC, €5,000
40. Reáchtáladh Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile an tSamhraidh i gCNMÉ ar 20 Meitheamh 2017. Rinneadh an bronnadh mar seo a leanas:
- 60 réamhchéimí de chuid CNMÉ
  - 1 réamhchéimí Máistir Innealtóireachta ón Roinn Innealtóireachta Leictirí & Leictreonáí
  - 1 réamhchéimí Máistir Innealtóireachta ón Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
  - 2 réamhchéimí Dochtúir le Fealsúnacht ón Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
  - 1 réamhchéimí Dochtúir le Fealsúnacht ó Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha
  - 2 réamhchéimí Dochtúir le Fealsúnacht ón Roinn Eolaíochta Ríomhaireachta
  - 1 réamhchéimí Dochtúir le Fealsúnacht ón Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta

### 3.12 Ombudsman Mic Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe an Polasaí Gearáin Mic Léinn ag a gcuinniú den 1 Iúil 2010. Éilíonn an polasaí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

#### Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2013.

### 3.13 Tuarascáil Rochtana

Tá Seirbhís Rochtana CIT tiomanta don rannpháirtíocht a leathnú, rochtain a mhéadú agus tacú le haschuir dhearfacha oideachasúla do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon de thacaíochtaí ar fáil do ghrúpaí mac léinn atá faoi ghannionadaíocht ag an tríú leibhéal. Tacaíonn an tSeirbhís le

- mic léinn faoi mhíchumais
- mic léinn lánfhásta
- mic léinn faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíoch, agus
- baill de mhionghrúpaí eitneacha.

Cuireann an tSeirbhís Rochtana raon leathan tacaíochtaí ar fáil ag leibhéal na hiariontrála a chuireann leis an eispéaras acadúil agus le haschuir foghlama na mac léinn a bhaineann leas as an tseirbhís. Ar na tacaíochtaí tá: tacaíochtaí pearsanta; acadúla; agus airgeadais.

Agus an ghníomhaíocht bhliantúil á seachadadh, admhaíonn Seirbhís Rochtana CIT “go mBaineann an Rochtain leis an Uile Dhuine” agus mar sin go mbraitheann sí go mór ar thacaíocht agus chomhoibriú a fháil ó ranna agus oifigí inmheánacha. Ba mhaith leis an tSeirbhís Rochtana buíochas a ghlacadh leis na dámha, na ranna agus na hoifigí go léir a chuaigh i ngleic linn agus a thacaigh leo chun a spriocanna a bhaint amach.

#### An bhliain acadúil 2016-17

Bhain dúshlán inmheánacha agus seachtracha leis an dá mhí dhéag seo caite. Go himheánach, cailleadh triúr ball den tSeirbhís Rochtana i ngeall ar iasacht amháin agus dhá shaoire mháithreachais. Faomhadh athsholáthar baill amháin as an bhfoireann inmheánach chun an dá shaoire mháithreachais a chumhdach. Mar sin, cé gur faomhadh post Gníomhach amháin, laghdáidh an fhoireann de dhá bhall foirne. I bhFeabhra 2017, d’fhág Oifigeach na Mac Léinn Lánfhasta CIT chun iasacht a ghlacadh in áit eile ar feadh 12 mhí. Fógraíodh an post agus rinneadh ceapachán inmheánach. Ach bhíothas gan Oifigeach na Mac Léinn Lánfhasta ar feadh na dtrí dheiridh den bhliain acadúil. In éagmais na bpost riachtanach seo, ba ghá an obair a chur in ord tosaíochta agus tugann fianaise starógach le tuiscint go raibh tacaí iar-iontrála dá cuid mac léinn Nasc-scoile agus mac léinn lánfhasta thíos leis.

D’imir treochtaí agus forbairtí seachtracha agus náisiúnta tionchar freisin. Mar shampla, tharla laghdú ar iarratais ó mhic léinn lánfhasta i ngeall ar chor chun feabhais san eacnamaíocht go mór mór. Is sprioc laistigh den Phlean Rochtana Náisiúnta í rannpháirtíocht mac léinn lánfhasta atá i mbun staidéir go páirtaimseartha. Ach gan dóthain maoiniú tacaíochta do mhic léinn ar mhian leo bheith ag staidéar go páirtaimseartha, beidh sé deacair an sprioc sin a bhaint amach.

Féadfaidh tuarascálacha náisiúnta dul i gcion ar threo na hoibre a mbíonn an tSeirbhís Rochtana gafa léi. I mbliana, thug an Roinn Oideachais agus Scoileanna faoi Athbhreithniú a dhéanamh ar Chomhionannas Deise i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Tá clár chaidrimh fhoirmiúla agus naisc le hÍAO leabaithe i gcuid mhaith de na moltaí do na scoileanna. Is suntasach an rud é sin d’obair na Seirbhíse Rochtana trí Chlár na Nasc-Scoileanna de bhrí go gcuireann sé bonn faoi na naisc fhoirmiúla at bunaithe.

Tá an tSeirbhís Rochtana bainteach le hobair ghrúpa Chorcaí *Growing Lifelong Learning in Cork*. Tá sé tábhachtach go mbeadh baint ag CIT le gníomhaíochtaí réigiúnacha a chuireann foghlaim ar feadh an tsaoil, comhionannas deiseanna ar oideachas agus ionchuimsitheacht shóisialta chun cinn. Is é misean straitéiseach CIT ná *rochtain ionchuimsitheach a chur ar fáil don ardoideachas: tá mar aidhm ag CIT deiseanna oideachais a sholáthar a chumhachtaíonn gach duine spreagtha chun feabhsú pearsanta, intleachtúil agus gairmiúil a lorg* (Plean Straitéiseach CIT 2012-16). Le 14 bliana tá Corcaigh ag eagrú Féile Foghlaim ar Feadh an tSaoil Chorcaí a raibh CIT an-ghafa léi. Baineann CIT, UCC, BOO Chorcaí agus an FSE le clár Chorcaí mar Chathair Foghlama.

Rinneadh clár bhliantúla réamhiontrála amhail Laethanta Faisnéise, Cruinnithe Athbhreithnithe, cuairteanna ar scoileanna, clár scoile, VEX Robotics a sheachadadh go rathúil sa bhliain acadúil seo.

Rinneadh clár bhliantúla réamhiontrála amhail Laethanta Faisnéise, Cruinnithe Athbhreithnithe, cuairteanna ar scoileanna, clár scoile, VEX Robotics a sheachadadh go rathúil sa bhliain acadúil seo. Tionscnaíodh Clár Nua go rathúil, amhail Imeacht Feasachta Sláinte Intinne, agus rinneadh sraith físeán a aibhsíonn scéalta mic léinn.

Ag an leibhéal iar-iontrála, tháinig mic léinn i láthair a raibh géarghábáil acu le tacaíocht d’fhadhbanna pearsanta, acadúla agus airgeadais. Ar an droch-uair i ngeall ar Chomhordaitheoir Tionscadail Scoileanna a chailleadh don bhliain acadúil, ní raibh tacaíocht iomlán duine le duine ar fáil ag an tSeirbhís Rochtana le haghaidh mac léinn as Nasc-Scoileanna a raibh tacaíocht acadúil de dhíth orthu. Ba mhór an chailliúint é sin agus cuireann anailís ar shonraí in iúl nár éirigh le deichniúr mac léinn a chuaigh ar aghaidh as Nasc-Scoileanna isteach i gclár na chéad bhliana. Bhí éifeacht freisin ag cáiliúint Oifigeach na Mac Léinn Lánfhasta sna trí bliana dheiridh den bhliain acadúil. B’fhiú tuilleadh taighde a dhéanamh air sin chun an fíor-thionchar ar choinneáil mac léinn lánfhasta a chinntiú.

## Forbairtí Nua 2016-17

### Corcaigh mar Chathair Foghlama UNESCO

I Meán Fómhair 2016, d'éirigh le tairiscint Chorcaí 3ú Comhdháil Idirnáisiúnta UNESCO faoi Chathracha Foghlama a óstú. Bhí cathair á lorg ag UNESCO i Meiriceá Thuaidh/san Eoraip chun an chomhdháil seo a óstú agus in aghaidh dianiomaíochta d'éirigh le coiste Cathracha Foghlama Chorcaí a bheith roghnaithe mar láthair don chomhdháil. Táthar ag súil go mbeidh breis is 650 toscaire as níos mó ná 95 tír ainmnithe ag UNESCO i láthair i gCorcaigh. Beidh an fhreagracht ar CIT, mar chomhpháirtí MOU, as toscaireacht ar an tríú lá den chomhdháil. Tugann sé sin faill do CIT a ndéanann an tSeirbhís Rochtana a chur chun cinn go hidirnáisiúnta – naisc a dhéanamh le cathracha foghlama ar fud na cruinne agus céim amháin níos gaire a ghlacadh d'aitheantas a fháil do Chorcaigh mar chathair foghlama.

I mí na Nollag 2016, thaistil Deirdre Creedon go Hamburg le freastal ar **Cheardlann Réigiúnach na hEorpa agus Meiriceá Thuaidh UNESCO ar Chlár Gníomhaíochta Domhanda ar Fhorbairt Inbhuanaithe agus Cathracha**. Rinne Deirdre Creedon agus Denis Barrett, Comhordaitheoir Chathair Foghlama Chorcaí, freastal ar son Choiste *Growing Lifelong Learning in Cork (CLLIC)*.

Rinne an cheardlann réigiúnach iniúchadh ar conas is féidir oideachas agus foghlaim lasmuigh den chóras foirmiúil a úsáid chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe SDG 4 (*Oideachas maith ionchuimsitheach agus cothrom a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn don uile dhuine*) agus SDG 11 (*cathracha agus lonnaithe daonna a dhéanamh ionchuimsitheach, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe*). Cuireadh dearcaí agus ionchuir i láthair le linn an chruinnithe agus cuireadh foinse léargais agus smaointe ar fáil ar conas dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le 17 SDGanna a chur chun cinn trí oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar leibhéal cathrach.

Lena chois sin, i mí na Nollag d'óstaigh CIT cuairt ó 5 chuariteoir as Coiré Theas a tháinig go Corcaigh chun scothchleachtas a aimsiú maidir le hobair ar Chathracha Foghlama. Bhuaile an tUachtarán, an Dr Brendan Murphy, an Clárthoír agus Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, an Dr Barry O'Connor, agus an tOifigeach Rochtana, Deirdre Creedon, leis na cuairteoirí.

I bhFeabhra 2017, thug Stiúrthóir Institiúid um Foghlaim ar Feadh an tSaoil de chuid UNESCO cuairt ar CIT mar chuid den phleanáil do Chomhdháil Domhanda UNESCO a bheidh ar siúl i gCorcaigh i Meán Fómhair 2017.

I Meitheamh 2017, shínigh CIT, UCC, Comhairle Cathrach Chorcaí agus BOO Chorcaí Meamram Tuisceana. Is comhaontú é sin idir an Institiúid um Foghlaim ar Feadh an tSaoil de chuid UNESCO agus príomhpháirtithe Chathair Chorcaí agus Cathair Foghlama Chorcaí.

### Comharsanachtaí Foghlama

Tá mar aidhm ag Clár Comharsanachtaí Foghlama leanúint de bheith ag tógáil cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil ar fud chomharsanachtaí Chathair Chorcaí. Rinne an Roinn d'Oideachas Lánfhásta agus Leantach, UCC an clár a phíolótú agus tá i gceist leis comhoibriú idir UCC, Comhairle Cathrach Chorcaí, CIT agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Comhoibríonn an clár le heagraíochtaí foghlama agus oideachais agus cónaitheoirí i ngach ceantar d'fhonn foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tugadh cuireadh do CIT a bheith páirteach sa tionscnamh in 2017 agus anois suíonn Oifigeach Rochtana CIT ar Ghrúpa Stiúrtha Chlár na gComharsanachtaí Foghlama. Ghlac an tSeirbhís Rochtana páirt i dTaispeántas Foghlama sa Tóchar in Aibreán 2017.

### Lá Feasachta ar Sháinte Intinne

D'éagraigh agus sheachaid Jamie Googan, Intéirneach sa tSeirbhís Rochtana, tionscnamh nua a bhí dírithe ar shláinte intinne dhearfach a chur chun cinn i measc daoine óga as Scoileanna Nasctha CIT. In Eanáir 2017, tháinig 210 mac léinn dara leibhéal ar an gcampas le haghaidh seisiún idirghníomhach neamhfhoirmiúil 'tolgchainte' áit ar phléigh an t-aoichainteoir, Paul Kerrigan Uas., (Captaen Peile Chorcaí & Alumni CIT) agus Jamie Googan, céimí CIT, topaicí amhail dúlagar, imní agus féinmheas lag. Lena chois sin, rinne Kay Walsh, Seirbhís Chomhairleoireachta CIT ionchuir. Ba é Maurice Murphy Uas., Léachtóir i mBainistíocht agus Fiontar ag an Institiúid an Máistir Searmanais don ócáid. Thug Aontas na Mac Léinn CIT, Andrea Bickerdike, Joan Dinneen agus an Dr Cian O'Neill "*Tionscnamh Sláinte Champas CIT*" tacaíocht don imeacht.

### Seimineár ar Oideachas don Lucht Siúil – 11 Deireadh Fómhair 2016

Den chéad uair tá sprioc leagtha amach ag an bPlean Náisiúnta do Chothroime i Rochtain ar Ardoideachas 2015-19 chun rannpháirtíocht in ardoideachas ó phobal an Lucht Siúil a mhéadú. Is é an sprioc do 2019 ná 35 (pairtaimseartha agus lánaimseartha).

D'éagraigh Oifigeach Rochtana CIT in éineacht le Grúpa Idirghníomhaireachta Oideachais Lucht Siúil Chorcaí Seimineár Náisiúnta ar an téama '**Lucht Siúil na hÉireann agus an tArdoideachas: Tacú le Dul Chun Cinn**'. Ba é an cuspóir a bhí ag an seimineár ná:

- eiseamláirí atá ann de thionscnaimh tacaíochta oideachasúla Lucht Siúil a chur ar taispeáint
- fóram a chur ar fáil chun dúshláin reatha a shainiú

- deis a thabhairt lena chinntiú conas is fearr tacú le dul chun cinn Lucht Siúil chuig an ardoideachas i gcomhthéacs na spriocanna náisiúnta nua

Rinne breis is 80 duine as gach ceard d'Éirinn freastal ar an seimineár. Rinne céimí agus mac léinn de chuid CIT, iad araon as pobal an Lucht Siúil, a scéalta pearsanta oideachais a chomhroinnt.

Ba iad na heagraithe: Comhairle Cathrach Chorcaí, Coiste Oideachais an Lucht Siúil (CIT, BOO Chorcaí, UCC, Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí, Grúpa Infheictheacht Chorcaí, scoileanna a bhí rannpháirteach, Tusla, Comhairle Cathrach Chorcaí). I Meitheamh 2017, seoladh tuairisc ón seimineár seo le linn Sheachtain Mhórtais an Lucht Siúil.

### **EcCo Well**

I nDeireadh Fómhair 2016, d'eagraigh Comhairle Cathrach Chorcaí agus EcCo Well Chorcaí clár imeachtaí ar feadh míosa a rinne ceiliúradh ar a bhfuil le tairiscint ag an gcathair. Clár saorimeachtaí a bhí i nDeireadh Fómhair Uirbeach i gCorcaigh a rinne Lár na Cathrach a cheiliúradh agus a chuimsigh turasanna agus cainteanna, léirithe agus ceardlanna a bhí dírithe ar an uile aois. Tá lár cathrach rathúil riachtanach le haghaidh rathúnas eacnamaíochta Chorcaí agus imríonn sé ról riachtanach ina fhéiniúlacht shóisialta agus chultúrtha.

Rinne an tOifigeach Rochtana ionadaíocht do CIT ar choiste an EcCo Well agus bhí gafa le himeacht a eagrú le linn an Deireadh Fómhair Uirbeach ar ar tugadh “Ag oibriú ar son Cathrach Inbhuanaithe”, a rinne iniúchadh ar eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí a thacaíonn le cáilíocht beatha agus dea-bhail i gCorcaigh.

### **Rochtain – Guth Mic Léinn – Fís-Léiriúchán**

In 2015-16, rinne Seirbhís Rochtana CIT foilseachán darb ainm ‘The Student Voice’ a d’aibhsigh scéalta pearsanta 12 mhac léinn agus céimithe ar thug Seirbhís Rochtana CIT tacaíocht dóibh.

In 2016-17, cuireadh scéalta mic léinn ar fhíseán agus rinneadh 15 fhíseán a d’aibhsigh scéalta mic léinn agus tacaíochtaí mic léinn. Téann teistiméireachtaí mic léinn i gcion go mór ar mhic léinn ionchasacha, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara.

Tugann na físeáin guth do na mic léinn, deis chun a dturas pearsanta oideachasúil a chomhroinnt. Tugann a scéal pearsanta léargas uathach ar na coimhlintí agus na dúshláin is féidir a bheith roimh mhic léinn ach leis na tacaíochtaí atá ar fáil gur féidir leo cuidiú le mic léinn a sprioc a bhaint amach. Is iontach an spreagadh agus an léargas a thugann an t-ionracas lena aibhsigh siad na dúshláin a bhuail leo ar an turas seo agus conas, le dóthain tacaíochta go bhfuair siad an lámh in uachtar ar na dúshláin sin.

Ba é Jamie Googan, Intéirneach le Seirbhís Rochtana CIT, a rinne na físeáin agus a chomhroinn a scéal féin ar cheamara de bhrí go bhfuair seisean tacaíocht freisin agus é ina fhochéimí in CIT. Creideann Jamie “*má bhíonn an misneach agat labhairt amach agus do scéal a chomhroinnt gur féidir leat tionchar an-dearfach a imirt ar mhic léinn eile a bhfuil na dúshláin chéanna rompu*”. Ghlac an Seirbhís Rochtana CIT buíochas leis na mic léinn a chuir go deonach leis an bhfoilseachán seo.

Is féidir an seinnliosta d’fhíseáin Rochtana a aimsiú ar an nasc seo a leanas:

<https://www.youtube.com/playlist?list=PL8FtTHLIURFNbSIjvEdcBqQe-INaqePD->

### **Taighde, Comhdhálacha agus Ionadaíocht**

- Mature Student Ireland – Sinéad O’Neill, Oifigeach na Mac Léinn Lánfhásta CIT Rúnaí Oin.
- Confederation of Student Services Ireland – Deirdre Creedon, Oifigeach Rochtana CIT – Ionadaíocht d’Oifig Rochtana HEI
- Oifig Rochtana Thea – Deirdre Creedon, Oifigeach Rochtana CIT
- Oifig Rochtana AMA (Gach IAO) – Deirdre Creedon, Oifigeach Rochtana CIT
- DARE (Bealach Rochtana Míchumais ar Oideachas) – Bord Comhairleach Oideachasúil don Ráiteas Tionchair agus Grúpa Oibríochtaí DARE, Laura O’Rourke, Oifigeach Tacaíochta Míchumais
- DAWN (Comhairleoirí Líonra Oibre Míchumais) Grúpa Oibre do Shocruithe Réasúnta, Ruth Murphy, Comhordaí Tionscadal Míchumais

Creedon, D. Márta 2017, *Progression opportunities for Further Education Students through Cork Colleges Progression Scheme*, Comhdháil na dTreoirchomhairleoirí, UCC

Creedon, D. Meitheamh 2017. *Parental Involvement in Assisting Students from Access Linked Schools to Transition to Third Level*, Comhdháil Chónaidhm na Seirbhísí Mic Léinn, UCC

## Seachtain Feasachta Coláiste

D'éagraigh an tSeirbhís Rochtana roinnt imeachtaí le linn na Seachtaine Feasachta Coláiste i Samhain 2016. Rinne Comórtas Féinphic na Mac Léinn Lánfhásta píolótú ar thionscnamh nua a thionscain Mic Léinn Lánfhasta na hÉireann. Feachtas a bhí sa chomórtas chun eispéaraí/foghlaim mac léinn in ÍAO na hÉireann a aibhsiú agus a bhailiú.

## Modúl Teagasc agus Foghlama

Bhí ionchur ag an Oifigeach Rochtana in athbhreithniú cláir ar an MA i dTeagasc agus Foghlaim. Sa bhliain acadúil seo caite, ní raibh ach ball foirne amháin a mba ghá dó an modúl Polasaí Comhionannais agus Cleachtais a chríochnú d'fhonn an clár Máistir a chur i gcrích. Bhual an tOifigeach Rochtana leis an mball foirne sin agus thug tacaíocht dó le linn an mhodúil ionas go bhféadfadh sé a thasc a chur isteach don modúl. Tá an modúl seo déanta ag dáréag anois le haghaidh creidiúna acadúla Grúpa Croí Óig.

Tar éis di agallamh raidió a dhéanamh do Raidió Pobail Chorcaí rinne grúpa seanóirí teagmháil leis an Oifigeach Rochtana. Roimhe sin rinne an tSeirbhís Rochtana taighde a léirigh an tábhacht a bhaineann le duine fásta suntasach chun daoine óga a spreagadh agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh, bíodh an duine sin ina t(h)uismitheoir, ina m(h)úinteoir nó s(h)eantuismitheoir, Tháinig 23 seanóir ar an gcampas in Aibreán chun turas na saoráidí a thabhairt, chun labhairt faoi na deiseanna atá ann d'fhoghlaimoirí den uile aois, agus na tacaí atá ar fáil. Chas siad ar an gCláraitheoir agus Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, an Dr Barry O'Connor, freisin a chuir fáilte rompu chuig CIT agus a spreag iad chun an campas a úsáid.

## Léargas ar an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (DSS)

Cuireann an DSS timpeallacht oideachasúil ionchuimsitheach chun cinn, áit a spreagtar foghlaim neamhspleách agus forbairt scileanna atá inaistrithe. Meastar gurb ionann agus 5.2% den phobal iomlán mic léinn iad na mic léinn faoi mhíchumas faoi láthair. Cuimsíonn foireann DSS 4 bhall foirne lánaimseartha (Oifigeach Míchumais, Oifigeach Tionscadal Míchumas, Oifigeach Teicneolaíochta Oiriúnaithigh agus Comhordaitheoir Tacaíochta Foghlama), chomh maith le beirt bhall foirne a oibríonn go páirtaimseartha i gcampais eile.

Chláraigh 756 mac léinn ar fad leis an DSS in 2016/17, ardú mór ó 643 in 2015/16 (17.5%). Bhí 608 mac léinn lánaimseartha ina measc agus 148 mac léinn páirtaimseartha (printísigh san áireamh) agus cuimsithe ann freisin bhí 50 mac léinn lánfhásta agus 9 mac léinn idirnáisiúnta/Erasmus/mic léinn neamh-Éireannacha.

Chláraigh DSS gur mic léinn nua isteach sa chéad bhliain ba ea 181 mac léinn ach ba iad na clárúcháin iomlána nua as CIT leis an DSS ná 253 i mbliana. Agus líon iomlán de 756 mac léinn cláraithe leis an DSS, seasann sé sin do 6.2% de phobal iomlán na mac léinn.


## Tacaíocht Airgeadais

Is é an príomhfhoinsé tacaíochta airgeadais atá ar fáil ag mic léinn lasmuigh den Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn na hÉireann (SUSI) ná Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF) an Ciste Tacaíochta Mic Léinn (SAF). Cuireann an SAF cúnamh airgeadais ar fáil do mhic léinn lánaimseartha a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag cur as dóibh agus iad ag freastal ar choláiste. Is féidir le mic léinn cur isteach ar Chúnamh Mic Léinn chun cuidiú leo le deacrachtaí airgeadais sealadacha nó leanúnacha. Déantar an ciste atá cionroinnte go bliantúil ag an ÚAO 50% a chionroinnt ar bhonn FTEanna agus 50% ar bhonn líon na mac léinn san institiúid as spriocghrúpaí soc-eacnamaíochta mar a bhailítear trí shonraí Rochtana Cothroime.

I Lúnasa 2016, fuair an Institiúid fógra gurbh é an liúntas SAF ná €376,641. Ba ardú é sin de €28,000 ar an mbliain roimhe sin. Ní bhfuarthas aon dara leithdháileadh. Thug an caiteachas níos mó seo tacaíocht do 305 mac léinn (118 baineann agus 187 fireann). Ba mhic léinn lánfhásta iad 46% de na mic léinn a bhí ag baint leasa as tacaíocht airgeadais in 2015-16.

### Táscairí Príomh-Fheidhmíochta Lárionad Rubicon (KP1anna) 2016

Lean Lárionad Rubicon de bheith ag feidhmiú mar cheann de na goradáin campais is rathúla sa tír. Is ionann an difríocht shuntasach thar an bhunlíne in 2012 agus leibhéal na fiontraíochta ag leibhéal fochéime agus raon na gclár atá ar fáil trí CIT agus Lárionad Rubicon ag raon cohórt fiontraíthe, ar a náirítear:

- Mná/STEM Baineann
- Daoine dífhostaithe
- Mic léinn
- Gnólachtaí Nua-thionscanta Glasa
- Fiontraíthe Sinsearach
- Gnólachtaí Nua-thionscanta Ard-Acmhainne

### Gníomhaíochtaí Eile de chuid Rubicon

- I mí na Nollag, i gcomhar le hIntéirnígh Fiontair, chuir foireann Rubicon tairiscintí Modúl Cruthaitheachta agus Nuálaíochta i gcrích le mic léinn chéad bhliana. Rinne breis is 500 mac léinn obair ar an Eiseamláir Chanbháis Ghnó le linn an tseimeastair.
- Chuir Lárionad Rubicon a chuid oibre i gcrích ar mhodúl 4ú Bliain Éigeantach dar teideal 'New Venture Planning', mar thacaíocht d'údar an mhodúil Lisa Murphy Uas. Rinne foireann Rubicon roinnt réimsí sa modúl a sheachadadh agus reáchtáladh an comórtas deiridh sa Rubicon ag deireadh an tseimeastair. Bhí níos mó na 70 mac léinn as an Baitsiléir Gnó (Onór) i gCórais Faisnéise páirteach sa modúl seo.
- Tar éis iarratas tairisceana rathúil a dhéanamh le Fiontar Éireann, faomhadh maoiniú de €90,000 Exxcel, an clár fiontraíochta STEM do mhná, le haghaidh trí chlár nua in 2017, 2018 agus 2019.
- I gcomhpháirtíocht le Cuideachta Forbartha Cheantar Chorcaí Thoir (SECAD), fuair Lárionad Rubicon maoiniú i Meán Fómhair a lig don Chlár Fiontraíochta Ban, PINC mar a bhíodh (a dtugtar CUMAS anois air), a d'fhorbair agus a thug Lárionad Rubicon, le bheith seachadta i roinnt láithreacha seach-champais le linn 2016 agus 2017. Chuir 14 rannpháirtí tús leis an gClár nua i mBaile Átha an Ghaorthaidh, Co. Chorcaí. Tosaíodh ar chlár nua Freisin i mBaile an Chollaigh le 15 rannpháirtí, i gcomhar le SECAD, Cumann Gnó Bhaile an Chollaigh agus VMware.
- Buaigh iar-rannpháirtí sa chlár Student Inc. agus mac léinn 4ú Bliain, Vincent Forde, Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn sa chraobhchomórtas réigiúnach faoi 35 i gCorcaigh. Bronnadh Smaoineamh Gnó is Fearr i gcatagóir Chorcaí Theas ar Vincent as a chuideachta Gasgon Medical.
- Ghnóthaigh mac-chuideachta CIT agus cliant Rubicon, OrthoXel, Gradam Chumann Tráchtála Chorcaí marChuideachta Éiritheach Tráchtála na Bliana 2017.
- D'fhág ceann de chliant Rubicon, MpStor, an Lárionad tar éis gur ghlac an chéad déantúsóir trealaimh Seilbh air.
- Ar 12 Deireadh Fómhair, chuir 10 Rannpháirtí Baineann tús le Clar EXXCEL atá dírithe ar fhiontraíthe agus gnólachtaí STEM a fhorbairt. Tá an clár á pháirtmhaoiniú ag Fiontar Éireann. Déanfaidh an clár sé-mhí seo, agus é á bhainistiú ag Rita Ahern a earcaíodh le déanaí, roinnt deiseanna atá ullamh le haghaidh infheistíochta a sheachadh faoi Bhealtaine 2017.
- I nDeireadh Fómhair, rinne Lárionad Rubicon ceiliúradh ar an bhfiontraíocht mhná agus ar Lá Idirnáisiúnta na mBan le seimineár a chuir Naomi Fein de chuid Think Visual, cliant Rubicon. D'fhreastail breis is 50 páirtí leasmhar agus cuideachtaí ar an imeacht seo.
- D'éirigh le cúigear rannpháirtithe New Frontiers as an Rubicon i gComórtas Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann agus chuaigh ar aghaidh go dtí na Craobhchomórtais Réigiúnacha. Bíonn an comórtas á reáchtáil ag na LEOanna agus tá ciste de €1M acu.
- I Meán Fómhair, d'óstáigh Lárionad Rubicon cuairt ó Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus láithreoireacht do Marine Applications Ltd a bhfuil maoiniú faighte acu chun Córas Cáilíochta Éisc a fhorbairt. Cuireadh cuid den obair forbartha i gcrích i Lárionad Taighde Nimbus, agus chuir Rubicon struchtúrú agus athbhreithniú an phlean gnó infheistíochtullmhaithe i gcrích.
- D'éirigh le Radisens, ceann de chuideachtaí alumni Rubicon, infheistíocht bhreise de €1milliún a fháil ó ESA i nDeireadh Fómhair.
- Ghlac Comhpháirtí Fionlannach Trádála, XML Dalton, seilbh ar chliant Rubicon, Nomos Solutions, a Bhunaigh Tricia Balfe. Lig sé sin do na haonaid ghnó nasctha dóthain scála a bheith acu chun breis gnó idirnáisiúnta a fháil. Bunaíodh Nomos Solutions tar éis gur dúnadh Motorola.
- Rinne bord Rubicon athbhreithniú agus faomhadh ar dhréachtstraitéis Rubicon, a chuir ILO agus Bainistiúchta Rubicon i láthair ag cruinniú an bhoird i nDeireadh Fómhair.

### **New Frontiers**

Reáchtáladh Sárthaispeántas New Frontiers de chuid Fhiontar Éireann in CIT ar 25 Aibreán 2017. Rinne breis is 100 duine freastal ar an imeacht as an bpobal infheistíochta agus gnó. Ba é Alan Hobbs, Bainisteoir Gnólachtaí Nua-Thionscanta Ard-ionchasacha Fhiontar Éireann, an t-aoichainteoir. Cuireann an ócáid bhliantúil seo aschuir iad siúd a ghlac páirt sa chlár le linn na 6 mhí roimhe sin ar taispeáint. Fuair cuideachta darb ainm Glacloc, a bhfuil glúin nua de tháirgí modúlacha foirgníochta deartha agus forbartha acu, gradam foriomlán na bliana seo. D'oibrigh Glavloc i gcomhar le Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta CIT tríd an Scéim Dearbháin le linn dóibh a bheith ar Chlár New Frontiers.

### **Comóradh Deich mBliana Rubicon**

Reáchtáladh comóradh 10 mbliana (2006-2016) Lárionad Rubicon i gclós Rubicon/Nimbus ar 11 Bealtaine 2017. Tugadh cuireadh d'iarchliaint an Lárionaid a bheith i láthair, chomh maith leo siúd a thug tacaíocht do na fiontraíthe agus d'fhoireann Rubicon le linn na ndeich mbliana. Tráthnóna neamhfhoirmiúil a bhí ann agus thug Julie Sinnamon, POF Fhiontar Éireann, an príomnhaitheasc. Rinneadh suirbhé i gcomhar le Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta, athbhreithniú ar na cuideachtaí a bhí ina gcuid de Rubicon ar feadh na 10 mbliana. Is mar seo a leanas atá cuid de na príomhthorthaí:

- Cruthaíodh 34 Gnólacht Nua-Thionscanta Ard-Ionchasach sa Lárionad le linn na tréimhse
- 73% an Ráta Marthanachta
- €68.3m d'airgeadas poiblí agus príobháideach a thionsaigh Cuideachtaí Rubicon

### **Exxcel**

Reáchtail Rubicon sárthaispeáint den Chlár EXXcel do na fiontraíthe mná ar 25 Bealtaine 2017 in CIT. Bhí 13 rannpháirtí as sé chontae in Éirinn ann. Ba mhná gairmiúla ard-acmhainne gach duine díobh a raibh smaointe úra gnó acu sna hearnálacha STEM. Fuair an chuideachta Habitus an gradam don Deis Ghnó is Fearr. Dhear an chuideachta feiste inchaite a aimsíonn staidiúir mhícheart agus a chuireann aischothú ar fáil ó fhisiteiripeoir a thugann leid don chaiteoir í a cheartú.

### **Tionscadal Malartaithe Dháthaobhaigh Vietnam-na hÉireann**

Thaistil beirt bhall foirne de chuid Lárionad Rubicon go dtí Vietnam chun páirt a ghlacadh i roghnú na dtionscadal mic léinn ab fhearr le haghaidh chomórtas fiontraíochta mic léinn do Mhalartú Dáthaobhach Vietnam-na hÉireann a reáchtáil comhpháirtí Vitneamach CIT, Ollscoil Eacnamaíochta – Ollscoil Danang. Roghnaíodh na trí tionscadal ab fhearr le 4 mhac léinn agus chaith siad 2 mhí i Lárionad Rubicon le linn an tsamhraidh agus a gcuid smaointe á bhforbairt acu in éineacht leis an 10 mac léinn gnólachta ar Student Inc.

## 4.5 Rannpháirtíocht Sheachtrach agus Gníomhaíochtaí Campais Leathnaithe

Rinne baill foirne Gnóthaí Seachtracha agus Campais Leathnaithe freastal ar raon imeachtaí seachtracha ar a n-áirítear:
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Gradaim na Bliana de chuid Chomhpháirtíocht Forbartha an Cheantair Áitiúil do Ghnólachtaí Nua-Thionscanta</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seoladh IGNITE UCC</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Entrepreneurs Anonymous</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seimineár Think Tech Fondúireacht Chorcaí</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seoladh Cruinniú Mullaigh Gnólachtaí Nua-thionscanta na Náisiún ag Aerphort Chorcaí</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Imeacht Dell Entrepreneurship Dell Mahon</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seoladh Mol Ludgate, An Scibirín</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bricfeasta Lárionad Taighde Nimbus Tionscail</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seoladh Goradán ESA Tyndall</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Comóradh 25ú Bliain Alcon Ireland</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Imeacht Ard-Leibhéal OECD ar an Triantán Eolais: Cion an Ardoideachais agus Institiúidí don Nuálaíocht a Fheabhsú</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Seimineár 10ú Bliain BNY Mellon</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cruinniú ag Fóram na Scileanna Réigiúnacha</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cruinniú Mullaigh FDI: Páirtíocht le haghaidh Tallainne agus Fáis</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• Imeachtaí IBEC, Cumann Tráchtála Chorcaí agus Líonra Chorcaí</li> </ul>

### Tacaíochtaí Inmheánacha CIT

Réimsí inar lorg baill foirne Dáimhe tacaíocht ó Champas Leathnaithe CIT:

- Cásanna beo do ghrúpaí ranga
- Tacair Sonraí le haghaidh taighde agus anailíse
- Saineolaithe cleachtais mar aoiléachtóirí
- Deiseanna socrúcháin oibre do Mhic Léinn
- Tacaíocht le forbairt cúrsaí saincheaptha
- Deiseanna le haghaidh teagmhálacha gearra taighde
- Teagmháil a cheiliúradh agus a phoibliú

D'fhorbair Comhordaitheoirí Dáimhe liostú uasdátaithe socrúchán oibre agus comhordaitheoirí ar fud na hInstitiúide. Thug staitistic a d'eascair as an obair sin le tuiscint gur ghlac níos mó ná 1,300 mac léinn as an Dámh Ghnó agus Daonnachtaí le socrúchán le linn na bliana.

### Forbairt Cúrsa

D'iarr BOO Chill Chainnigh/Cheatharlach cúrsa Leanúnach Forbartha Gairme ar RPL 9 modúl 10 gCreidiúint: Polasaí, Cleachtas, Oideolaíocht le tosú in Eanáir 2017. Bhí 17 nduine cláraithe ar an modúl a sheas thar seimeastar a dó. Tugadh an modúl trí fhoghlaim mheasctha. Forbraíodh cúrsaí saincheaptha agus dámhachtainí sainchuspóireacha le:

- Bessborough
- Boston Scientific
- BOO Chill Chainnigh/Cheatharlach
- Abtran agus Seirbhísí TF CIT
- Sanmina

Forbraíodh treoirilínte d'fhorbairt cúrsaí saincheaptha freisin.

### Taighde agus Tionscadail Rannpháirtíochta Fiontair

- Rinne Daithí Fallon, an Dr Rose Leahy agus an tOllamh Irene Sheridan freastal ar chomhdháil Líonra Nuálaíochta Tionscail Ollscoile (UIIN) agus chuir dhá pháipéar i láthair agus rinne cathaoirleacht ar sheisiún.

- Rinne an tOllamh Irene Sheridan obair i gcomhar le EURASHE agus roinnt Comhpháirtithe Eorpacha eile ar fhorbairt togra faoin Tionscnamh Comhpháirtíochta Straitéisí.
- Thug EURASHE cuireadh don Ollamh Irene Shertidan feidhmiú mar shaineolaí ar thionscadal AE-mhaoinithe a bhí dírithe ar an ‘Sármhaitheas Ghairmiúil in Ardoideachas san Eoraip Láir agus Thoir-Theas.
- Chuir Daithí Fallon, ionadaí Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta i gCampas Leathnaithe CIT, páipéar i láthair dar teideal: ‘Post Graduate Certification in Professional Practice – A New Model of Recruitment?’ ag Comhdháil Idirnáisiúnta Déantúsaíochta IMC33 in UL go luath i Meán Fómhair.

### Rannpháirtíocht Fiontair CIT 2016/17

Capventis	Blue Print Labs	Townlands Carnival Festival
Creganna Medical	Design Wizard	Ireland Luxury Travel
MWGroup	Pepsico	Crawford Art Gallery
IMStec Ireland	CPL	Johnson Controls
Philips Lighting	Creganna	Enerco Energy
Glatt GmbH	DePuy	Stryker
Cope Foundation	Pilz	Maura Hunter designs
Macroom-e	Regeneron	OrthoXel
Cork Innovates	Globoserve	Fáilte Éireann
Along Came a Spider	Boston Scientific	Laya Healthcare
Amazon	Ardmore Shipping Company	Eli Lilly
Sanmina	Alcon	Erviva
Pepsico	Seabox	WheyHey Foods
Westgate Foundation	Ulster Bank	Carbon Group
KPC	Atlantic Flight Training Academy	Na Fórsaí Casanta
Cook Pharmica	JRI America Ltd	

Chuidigh foireann an Champais Leathnaithe le cuairteanna éagsúla cuideachta ar iarratas ón ÚFT.

### Gníomhaíocht Ar Líne

Cuireadh Nuachtlitir an Champais Leathnaithe faoi dhó chuig meánlíon faighteoirí inmheánacha agus seachtracha de 2,250 in aghaidh an tseamastair.

### Clinicí Foghlama

Reáchtáladh clinicí sna heagraíochtaí seo a leanas:

- Boston Scientific (i gcomhar leis an aonad Foghlama agus Forbartha maidir le deiseanna breisoideachais don fhoireann)
- Laya Healthcare

### Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)

Tar éis tuarascáil Champas Leathnaithe CIT a bheith foilsithe faoi RPL san Ardoideachas in Éirinn, rinne Dearbhú Cáilíochtaí agus Cáilíochtaí Éireann píosa breise taighde a choimisiú ar RPL san earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna in Éirinn agus fuarthas maoiniú de €16,800 lena aghaidh.

Ba í Deirdre Goggin as Campas Leathnaithe CIT comh-thionálaí líonra cleachtóra RPL (le tacaíocht acu ó Dhearbhú Cáilíochtaí agus Cáilíochtaí Éireann agus an Fóram Náisiúnta d’Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama in Ardoideachas); d’fheidhmigh sí freisin mar an saineolaí ar cuireadh ar an bpainéal le haghaidh athbhailíochtú agus athbhreithniú na socrúithe comhoibrítheacha idir na Fórsaí Cosanta agus IT Cheatharlach in IT Cheatharlach agus Campa an Churraigh i Meán Fómhair. Iarradh ar Dheirdre freisin ionadaíocht a dhéanamh d’Éirinn ag Comhdháil Cedefop ‘Conas foghlaim a dhéanamh sofheicthe’ in Thessaloniki na Gréige i Samhain 2016, agus freastal ar chruinniú Ghrúpa Tagartha na hÉireann do Thionscnaimh AE i gCill Chainnigh i nDeireadh Fómhair.

Forbraíodh agus faomhadh modúl nua 10 gcreidiúint, *Aitheantas Réamhfhoghlama, Polasaí, Cleachtas Agus Oideolaíocht*, le bheith cuimsithe laistigh den MA i dTeagasc agus Foghlaim chomh maith lena bheith á thairiscint mar theastasú aon-ábhar.

San áireamh san achoimre ar ghníomhaíochtaí Sheimeastar 1 tá:

- 209 cás RPL a raibh 70 measúnóir éagsúil bainteach leo –
  - 11 bunaithe ar theaghlaim d'fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil
  - 35 foghlaim ó thaithí
  - 147 réamhfhoghlaim fhoirmiúil
  - 16 foghlaim neamhfhoirmiúil
  - 35 cas ard-iontrála

Rinneadh iad sin a éascú trí cheardlanna am lóin agus tráthnóna, cruinnithe duine le duine agus tacaíocht ar líne.

Ar na hidirghníomhaíochtaí mic léinn RPL i Seimeastar 2 bhí 37 cás RPL breise le haghaidh creidiúna: 246 go hiomlán don bhliain go dáta.

### Gníomhaíocht Eile RPL

- Chuir 12 foghlaimoir as BOO Chill Chainnigh/ Cheatharlach agus IT Cheatharlach modúl polasaí, cleachtais agus oideolaíochta i gcrích arbh modúl 10 gcreidiúint leibhéal 9 é. Rinneadh an modúl a sheachadadh trí fhoghlaim mheasctha.
- Thug Aireacht Oideachais na Cróite cuireadh do Dheirdre Goggin as Campas Leathnaithe CIT láithreoireacht a dhéanamh ag an PLA in Zagreb na Cróite ar an RPL san ardoideachas agus ar chleachtas CIT ó 26-27 Eanáir.
- Rinne Deirdre Goggin freastal ar an VPL Biennale in Aarhus na Danmhairge ar 26-27 Aibreán áit inar chuir Deirdre agus comhghleacaí as Ollscoil Mhánuat páipéar ar líonra Chleachtóirí RPL na hÉireann i láthair. Bhí Deirdre Goggin agus an tOllamh Irene Sheridan ina n-údar ar pháipéar freisin a foilsíodh i rleabhar an VPL Biennale.
- Rinne Deirdre Goggin freastal ar chomhráití comhstádais QQI ar 'Creat Tagartha Príomhinníúlachtaí ar An bhFoghlaim ar Feadh an tSaoil' ar 16 Bealtaine.
- Chuir Deirdre Goggin ceardlann i láthair ar 'Aitheantas foghlama neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúla' ag comhdháil ENQA 'Exploring the synergies between Quality Assurance and Qualifications Recognition' i mBaile Átha Cliath, 1 go 2 Meitheamh.
- D'fhreastail Deirdre Goggin ar chruinniú tionscnaimh den Tionscadal Píolótach Comhoibritheach AE VISKA Fórsaí Cosanta/BOOI le BOOI agus QQI i Meitheamh 2017. Is é fócas an chur i bhfeidhm polasaí Erasmus+K3 ná oideachas daoine lánfhásta a dhéanamh sofheicthe. Is í CIT an cara criticiúil i gcás chomhpháirtí an phíolóta DF i measúnóireacht agus taighde sa tionscadal VISKA.
- Cuireadh dhá pháipéar i láthair ag an gComhdháil ar Foghlaim Ardoideachais ar Feadh an tSaoil na hÉireann
  - Validation of workplace learning in higher education – examples and considerations
  - A study of Recognition of Prior Learning in Higher Education and Further Education in Ireland.
- Rinneadh láithreoireacht do Colloquium CoderDojo in Thomson Reuters, Canary Wharf, Londain, mar chuid den ghníomhaíocht maidir le h AE VISKA aitheantas réamhfhoghlama sa tionscadal CoderDojo+.

### Springboard agus Springboard+ (2016)

Rinneadh naoi gcúrsa a maoiníodh trí Springboard+ 2016 a sheachadadh in CIT. Bhain il-iontógálacha leis an gcúrsa Lean Sigma agus líonadh go hiomlán na cláir TFC.

**Springboard+ 2017**

Fuair CIT fógraí faoi mhaoiniú do na cúrsaí thíos:

Springboard+ 2017		
Ainm an Chúrsa	Úinéir	Ioncam do CIT
Dioplóma in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bithchógaisíochta	An Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh agus Iompair	€120,000
Teastas i mBainistíocht Slabhra Soláthair Bithchógaisíochta	Mar atá thuas	€48,000
Teastas in Eolaíocht i gCleachtas Déantúsaíochta Seomra Íonghlan	Mar atá thuas	€22,000
Teastas in Oibríochtaí Déantúsaíochta Bith-theicneolaíochta	Mar atá thuas	€64,000
Teastas i bhForbairtí Innealtóireachta Próisis	Mar atá thuas	€70,000
Teastas i mBainistíocht Tionscadal TFC	CAMMS	€29,700
Ard-Dioplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht (TFC)	Roinn na hEolaíochta Ríomhaire	€150,000
Ard-Dioplóma in Eolaíocht in Eolaíocht Sonraí & Anailíseacht	Roinn na Matamaitice	€152,720

**Fóram Réigiúnach Scileanna**

San áireamh i dtacaíocht an Champais Leathnaithe don Bhainisteoir Réigiúnach Scileanna bhí

- Cruinniú tacaíochta an Fhóram Réigiúnach Scileanna i gCorcaigh agus Ciarraí
- Tacaíocht meán sóisialta agus gréasáin
- Tiomsú liosta teagmhála as an ngréasán teagmhálacha polaitíochta, teagmhálacha gníomhaireachtaí poiblí, Gníomhaireachtaí forbartha eacnamaíochta, ionadaithe gnó agus gníomhaireachtaí tacaíochta chun E-Zines agus sprioc-chumarsáidí a thiomáint
- Pleanáil agus riarachán do ‘Ghrúpa Scileanna Déantúsaíochta/Innealtóireachta Thiar-Theas’
- Dhá chor poist a phleanáil (ceann le haghaidh cógaisíochta/ bithchógaisíochta agus ceann le haghaidh déantúsaíochta) go déanach i Meitheamh agus arís i lár Lúnasa go déanach ag cur cúrsaí Springboard chun cinn agus ag obair le cúrsaí uas-scileála breise/atá ann d’earnáil na déantúsaíochta bunaithe ar riachtanais shuirbhé
- Teimpléad saincheaptha le sonraí Springboard a fhorbairt don dá earnáil - déantúsaíocht cógaisíochta/ bithchógaisíochta
- Forbairt chlár 20 creidiúint i mBainistíocht Maoirseachta

**Gníomhaíocht Eile Taighde**

- Thug QQI cuireadh do CIT a bheith ina comhpháirtí taighde agus measúnaithe i dtionscadal a bhí curtha isteach faoi Ghlaio Erasmus+ le haghaidh turgnamhaíochtaí polasaí Eorpacha i réimse an Oideachais, na hOiliúna agus na hOige arna threorú ag údarás phoiblí ard-leibhéil. Cuireadh an tionscadal “VISKA” isteach ar 13 Deireadh Fómhair le VOX-Nasjonal Fagorgan for Kompetansepolitikk – Gníomhaireacht na hIorua d’Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil mar an phríomhchomhpháirtí. Tá maoiniú de thart ar €1.4milliún faighte ag an tionscadal seo. Tá cúig chomhpháirtí eile sa tionscadal trí bliana seo atá á threorú ag an Iorua, as Éirinn, an Bheilg – Flóndras, agus an Íoslainn.
- Tugadh cuireadh don Ollamh Irene Sheridan a bheith ina Príomh-Shaineolaí don EACEA Knowledge Alliance Action.
- Tá an *World Scientific Reference on Entrepreneurship*, a bhfuil caibidil cuimsithe ann a scríobh an tOllamh Margaret Linehan agus an tOllamh Irene Sheridan (agus é bunaithe go mór mór ar an tionscadal REAP), foilsithe: <http://www.worldscientific.com/worldscibooks/10.1142/9874-vol1>
- Tá cásanna *New Engagement in Practice* forbartha ar a n-áirítear ceann a léiríonn idirghníomhaíocht taighde le Swanton Nurseries: <http://extendedcampus.cit.ie/contentfiles/casestudies/Swanton%20Nurseries%20Case.pdf>

agus le Comhairle Cathrach Chorcaí:

<http://extendedcampus.cit.ie/contentfiles/casestudies/Cork%20City%20Council.pdf>

## 4.6 Rannpháirtíocht Alumni

Forbraíonn agus spreagann Oifig Alumni CIT caidrimh le mic léinn agus alumni trí raon tionscnamh agus cumarsáidí, chun tacaíocht a thabhairt dá spriocanna oideachais agus taighde.

Ar chuid de bhuaicphointí 2016/2017 bhí:

- Chláraigh 137 alumni le Cumann Alumni CIT trí mheán an tairseach clárúcháin ar líne (méadú de 39 ó 2015/2016).
- Rinne 37 a gcuid sonraí a uasdátú tríd an tairseach ‘update your details’ ar líne (méadú de 7 ó 2015/2016).
- D’eisigh an Oifig Alumni 44 Cárta Leabharlainne Alumni do 2016/2017 (méadú de 10 ó 2015/2016).
- Bhuail Grúpa Comhairleach Alumni CIT le chéile trí huair le linn 2016/2017 áit a ndearnadh plé ar thionscnaimh rannpháirtíochta éagsúla alumni.
- Bailíodh faisnéis sa Suirbhé ar an gCeann Scríbe Tosaigh 2016 ó 70% de chohórt céimithe 2015.
- Ghin Clár Ambasadóira Alumni na Mac Léinn 50 uair d’obair dheonach ó na mic léinn le haghaidh gníomhaíochta alumni le linn 2016/2017.
- Faoi Chlár Comh-mheantóireachta CIT, tháinig 25 péire meantaithe agus alumni le chéile chun eolas a bhabhtáil thar thréimhse sé mhí le linn 2016/2017. Ba mhéadú é sin de 15 phéire. Ghin an clár 187 uair d’obair dheonach ó alumni agus cairde na hInstitiúide.
- Chuaigh Feachtas Bronnta Alumni 2016 i gcion go dearfach i dtéarmaí rannpháirtíochta le alumni go luath agus ghin 32 “is maith liom” ar leathanach Facebook Alumni le linn trí lá na mbronntaí (meán de 11 in aghaidh an lae).
- Chomhoibrigh an Oifig Alumni le sainchomhairleoirí seachtracha, baill foirne, alumni agus tacadóirí ionchasacha den Institiúid ar mhaithe le Bord Fondúireachta CIT d’fhonn na príomhcheisteanna gur gá aghaidh a thabhairt orthu a thabhairt chun solais mar aon leis na sócmhainní ar féidir a thógáil orthu chun gur féidir leis an bhFondúireacht dul chun cinn. Bhí mar thoradh air sin Straitéis Bhailiúcháin Airgid don Institiúid.

### Suirbhé ar na Ceanna Scríbe Tosaigh


Chuir an Suirbhé agus an Tuarascáil ar na Ceanna Scríbe Tosaigh de chuid rang bainte céime amach 2015 – an ceathrú bliain inar réachtáladh an suirbhé seo – eolas cinnte le bheith mar bhunús le cúrsaí straitéise, cinnteoireachta agus treo na hInstitiúide. Bhí an tuarascáil bunaithe ar shonraí freagartha an tsuirbhé agus ar shonraí taifead clárúcháin agus fuarthas ráta freagartha iomlán de 70%. Bhí sé sin go maith i gcomparáid leis an ráta freagartha de 67% sa Suirbhé ar Cheanna Scríbe agus Tuarascáil ar an ranga bainte céime amach in 2014.

### Clár Comh-mheantóireachta CIT

Tá mar aidhm ag Clár Comh-mheantóireachta CIT mic léinn a mheaitseáil le lucht gairme (ar céimithe iad a bhformhór), as raon leathan earnálacha chun taithí gnó, eolas, saineolas agus comhairle maidir le gairm a mhalartú.

Is gníomhaíocht dheonach, sheach-churaclam do na mic léinn é an clár seo, atá anois sa 4u bliain. Déanann Oifig Alumni CIT agus Seirbhís Gairmeacha CIT comhéascú air.





	2013	2014	2015	2016
Léiriú Spéise	10	18	17	46
Meaitseáilte	8	12	13	31
Clár Curtha i gCrích	8	10	10	25

#### Imeacht Alumni i Londain

Ba é seo an tríú bliain d'Imeacht rathúil Alumni IíAO na hÉireann, a d'óstaigh TCD. D'fhreastail 21 céimí de chuid CIT, roinnt acu as réimsí a raibh baint acu le foirgníocht ach as raon leathan disciplíní i gcoitinne. Bhí cuid díobh ag freastal den tríú bliain as a cheile.

#### GradFest CIT

Is ócáid bhliantúil é GradFest CIT – a thionóltar i bhFeabhra – inar féidir le mic léinn na bliana deiridh tosú ag smaoineamh ar a bheith ina n-alumni, ar a n-áirítear deis a bheith ar fáil chun casadh le céimithe CIT as a réimsí féin staidéir nó atá ag obair i gcuideachta spéisiuil, féidearthachtaí fiontraíochta a chloisteail, foghlaim maidir leis an tseirbhís gairmeacha le haghaidh alumni, agus rud a fhoghlaim faoin Oifig Alumni í féin.

#### Imeachtaí Eile

- Láithreacht ar Aonach Post Grad 2017 – Rinne teagmháil le mic leinn, eagraíochtaí agus alumni. Chuir sé faill margáíochta ar fáil freisin le haghaidh imeachtaí éagsúla atá ag teacht.

#### Cumarsáid

Scaipeadh an Alumni E-News mar seo a leanas:

- 13,817 alumni i Nollaig 2016.

## 4.7 Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta & AE

### Oifig Idirnáisiúnta Cónasctha

I dtús na bliana acadúla 2016/2017, comhtháthaíodh gníomhaíochtaí idirnáisiúnta uile CIT isteach in aonad amháin, a chorpraíonn gníomhaíochtaí AE (Erasmus) agus neamh-AE araon. Tá an fhoireann idirnáisiúnta go léir suite le chéile den chéad uair ar urlár na talún san Fhoirgneamh Riaracháin. Cuireadh an socrú sin i bhfeidhm chun breis comhoibrithe agus comhroinnt eolais a chumasú i measc na foirne, agus pointe amháin rochtana mar thacaíocht do mhic léinn idirnáisiúnta.

### Clárúcháin Idirnáisiúnta 2016/2017

Bhí Treoshuíomh Idirnáisiúnta ar siúl i gcampas Bhaile an Easpaig Déardaoin 8 agus Aoine 9 Meán Fómhair 2016. Chuir CIT fáilte freisin roimh 120 mac léinn Erasmus agus 32 mac léinn neamh-AE le sraith seisiún faisnéise, turasanna campais agus fáiltiú. Bhí turas ar siúl do na mic léinn idirnáisiúnta go léir ar an Satharn 10 Meán Fómhair.

Tháinig laghdú suntasach ar leibhéal earcaíochta na mac léinn neamh-AE i mbliana i ngeall cuid mhaith ar scor an Chlár Eolaíochta gan Teorainneacha de chuid na Brasaíle. Tá an miondealú ar iontógáil na mac léinn neamh-AE mar seo a leanas:

Tír	Líon na Mac Léinn Nua
Ceanada	11 (8 mac léinn malartaithe san áireamh)
SAM	5
An India	5
An Mhalaeisia	4 (2 mac léinn malartaithe san áireamh)
Óman	2
An Bhrasaíl	2
An tSín	1
An Araib Shádach	1
An tSeapáin	1

Bhí 7 mac léinn malartaithe freisin ann as coláistí comhpháirtíochta i SAM (Ollscoil Stáit Washington) agus Ceanada (Coláiste Niagara; Coláiste Fanshawe) mar aon le 3 faighteoirí scoláireachta as Vietnam, a maoiníodh tríd an Roinn Gnóthaí Seachtracha trí mheán Ambasad na hÉireann in Hanoi.

### ERASMUS

Maoiniú Erasmus do 2016-2017	
Maoiniú Erasmus+ le haghaidh soghluaisteacht mic léinn agus foirne laistigh de thíortha an chlár (Eoraip):	
Malartuithe Staidéir	€71,780 do 48 mhalartú staidéir
Socrúcháin	€44,450 do 35 socrúchán
Soghluaisteacht Foirne	€18,785 do 17 ball foirne teagaisc/cuairteanna oiliúna
Maoiniú Tacaíochta Eagraíochtúla	€35,000 (bunaithe ar 100 soghluaisteacht amach)
Maoiniú Iomlán	€170,105

### Mac Léinn Erasmus Amach

Le linn na bliana 2016, thaistil mic léinn as na ranna Meáin Chumarsáide, Eolaíocht Ríomhaire, Turasóireacht & Fáilteachas, Spórt, Áineas & Staidéar Luathóige, agus CSC CIT go dtí an Spáinn, an Ghearmáin, RA, An Ostair, agus an tSualainn chun malartuithe Erasmus a dhéanamh. D'éagraigh Oifig Erasmus cruinnithe réamhimeachta leis na mic léinn le linn Lúnasa. Le linn Eanáir agus Feabhra 2017, chuir 28 mac léinn tús lena malartuithe Erasmus agus socrúcháin thar lear. San áireamh iontu sin bhí mic léinn as na ranna Spórt, Áineas & Staidéar Luathóige, Margaíocht & Gnó Idirnáisiúnta, agus Turasóireacht & Fáilteachas. Chuir grúpa eile mac léinn tús lena socrúcháin Erasmus i Márta agus Aibreán 2017.

### Daoine faoi Oilíúint Amach Erasmus (Socrúcháin)

Thaistil 37 mac léinn mar dhaoine faoi oilíúint Erasmus thar lear agus chuir naonúr mac léinn as an mBaitsiléir Ealaíon in Oideachas Luathóige a dtréimhse 3 mhí faoi oilíúint i gcrích ag Kindergarten Vincerola in Köln.

### Soghuaisteacht Idirnáisiúnta Chreidiúna Erasmus+

Fuarthas maoiniú sogluaisteachta agus tacaíochta ón ÚAO de €46,860 go hiomlán le haghaidh malartuithe foirne agus mic léinn le hOllscoil Danang. Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh soghluaisteacht foirne sa chéad bhliain de chonradh 26 mí, le soghluaisteacht mhic léinn do 2017-2018.

### Athbhreithniú ar Chomhpháirtíochtaí Erasmus

Rinne Ceanna Dáimhe agus Scoile a gcomhaontuithe déthaobhacha reatha a athbhreithniú d'fhonn tosaíocht a thabhairt do chomhpháirtíochtaí a thugann deiseanna i gcomhair comh-mhalartuithe mic léinn, nó a mbaineann fiúntas straitéiseach eile leo do straitéis idirnáisiúnaithe CIT. Ba é sin an chéad iarracht chun aghaidh a thabhairt ar an easpa cothroime idir malartuithe isteach agus amach.

### Pacáiste Faisnéise Erasmus

Chuir an Oifig Idirnáisiúnta fillteán faisnéise ar fáil do gach Ceann Scoile agus Roinne ina raibh liosta de na comhaontuithe déthaobhacha, fillteán ina raibh cóipeanna de na comhaontuithe déthaobhacha ina raibh an roinn ina comhpháirtí rannpháirtíochta, mar aon le liostaí de na malartuithe soghluaisteachta mic léinn agus foirne de chuid na roinne le linn an dá bhliain acadúla seo caite. Cuirfidh an pacáiste eolais, a ndéanfar a uasdátú uair sa seimeastar, foinsé tagartha ar fáil do scoileanna/ranna go héasca le haghaidh gníomhaíochtaí Erasmus agus iad ag ullmhú athbhreithnithe cláir agus tuairiscí amhail an Tuarascáil Bhliantúil.

### Soghuaisteacht Amach Foirne Erasmus - Meán Fómhair 2016 – Meitheamh 2017

- Fuair Ursula O'Donnell agus Catherine O'Mahony, Léachtóirí as an Roinn Turasóireachta agus Fáilteachais maoiniú tacaíochta Erasmus chun freastal ar FICAHT – Líonra na Fraince-na hÉireann d'Ealaíona Cócaireachta, Fáilteachais agus Turasóireachta – in Biarritz ó 12-14 Deireadh Fómhair 2016.
- Thaistil Gerard O'Donovan, Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí go dtí Acadamh Ceoil na hIorua, Oslo ar chuairt léachtóireachta Erasmus, agus thug sé cuairt freisin ar chruinnithe CEMPE (Lárionad d'Oideachas Taibhléirithe Ceoil den Scoth). Ba phríomhchomhpháirtí é Acadamh Ceoil na hIorua san Iar-Dhianchlár Erasmus a bhain leis an bhfiontraíocht chruthaitheacht, Todhchaí Cruthaitheacha na hEorpa, atá ag dul ó neart go neart, agus é á reáchtáil anois neamhspleách ar mhaoiniú Erasmus ó cuireadh deireadh leis an ngníomhaíocht dianchlair faoin gclár nua Erasmus+.
- Rinneadh Christine Pybus, Léachtóir, CSC CIT, a chomh-mhaoiniú ó Erasmus chun freastal ar chruinniú líonraithe bliantúil ELIA (Sraith Eorpach na nInstitiúidí Ealaíon) i bhFlórans na hIodáile. Is ball de bhord ELIA í Christine.
- Thaistil Noel Collins, Léachtóir, Roinn Spóirt, Áineasa agus Oideachas Luathóige, agus Maurice Murphy, Léachtóir Sinsearach, Roinn Bainistíochta & Fiontair, go dtí Hogeschool Utrecht.
- Thaistil Gerard O'Donovan, Emmett Coffey, Frank O'Donovan agus an Dr Breda Kenny go dtí Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Lahti na Fionlainne, chun grúpa mac léinn as cúig institiúid a bhí ina gcomhpháirtithe sa dianchlár Erasmus-mhaoinithe - Todhchaí Cruthaitheacha na hEorpa – a mhúineadh.
- Rinne Barbara Hempel, Rannpháirtíocht Mhic Leinn, cuairt oiliúna foirne Erasmus+ ar Ollscoil Lund na Sualainne, i bhFeabhra 2017. Le linn na cuairte, rinne Barbara freastal ar sheimineáir agus bhreathnaigh ar chomhghleacaithe atá ag obair i réimse na foghlama piara-chuidithe.
- Thug an Dr Katrina Emtage as CSC CIT cuairt ar an Conservatorio di Santa Cecilia i Róimh na hIodáile chun léachtanna a thabhairt ar ról an tSeinnteara mar Chumadóir ar 18 agus 19 Bealtaine.
- Thug an Dr Pio Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta cuairt teagaisc ar an IUT de Grenoble na Fraince i Márta déanach.
- In Aibreán, rinne Christine Pybus, CSC CIT, cuairt oiliúna foirne Erasmus ar Acadamh na dTaibh-Ealaíon i bPrág, Poblacht na Seice. Bhain an oilíúint le ráthú agus feabhsú cáilíochta agus modheolaíocht á húsáid atá saindeartha le haghaidh Institiúidí Ealaíon Ardoideachais, agus gach disciplín ealaíne san áireamh.
- Rinne Pierre Mehdi Hadbi, teicneoir i Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, cuairt oiliúna agus scáthfhoghlama ar IUT Dijon na Fraince i Márta déanach.
- D'fhreastail Carmel Jordan ón Oifig Idirnáisiúnta ar chúrsa dhá lá dar teideal "*International marketing strategy: find your market niche and climb to the top*", a d'éagraigh an Cumann Eorpach d'Oideachas Idirnáisiúnta in Amstardam na hÍsiltíre ar 27 agus 28 Márta.
- Thug Pamela Hardesty, Léachtóir, CEDC CIT, cuairt oiliúna foirne Erasmus ar Roinn na dTeicstílí de chuid Cholaiste Ealaíne na hEastóine i Márta/Aibreán.
- Thug an Capt Vivion Gough, CNMÉ, cuairt ar an Escola Superior Nautica Infanta D. Henrique (ENIDH), Paço de Arcos na Portaingéile chun plé a dhéanamh maidir le comhaontú déthaobhach idir an dá choláiste náisiúnta mara a shocrú.

- Rinne baill foirne léachtóireachta ó Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha cuairteanna measúnaithe socrúcháin Erasmus ar mhic léinn CIT ag Ollscoil Catolica de San Antonio de Murcia na Spáinne, agus IUT Dijon na Fraince le linn Bealtaine.
- Thaistil an tOllamh Ger Kelly go dtí Hochschule Kiel na Gearmáine le páirt a ghlacadh mar mheasúnóir seachtrach ar Sheimeastar Tionscadal na hEorpa de chuid na hInstitiúide.
- D'fhreastail Mary Burton-Quinn ón Oifig Idirnáisiúnta ar Sheachtain Foirne Erasmus ag Ollscoil Valencia na Spáinne ó 8 go 12 Bealtaine. Cuimsithe sa tseachtain bhí scáthfhoghlaim in oifig idirnáisiúnta na hollscoile.
- Thug Debbie Dawson agus Orla Boyle de chuid CEDC cuairt ar an Stiúideo Ceirmeach Idirnáisiúnta Kecskemet na hUngáire d'fhonn deiseanna do dhaoine faoi oiliúint sa todhchaí a phlé le haghaidh mic léinn CEDC CIT.
- Thug an Dr Sheila Walsh, a thugann léachtaí i bhFraincis sa Scoil Ghnó, cuairt ar roinnt institiúidí Francacha d'fhonn deiseanna nua malartuithe staidéir agus intéirneachta nua a shocrú agus chun roinnt atá ann cheana féin a chomhtháthú le haghaidh na mac léinn ar an gcéim Gnó Idirnáisiúnta.
- Thug Ruth Vance agus Sylvia Dempsey cuairt ar an Ollscoil Eacnamaíochta, Ollscoil Danang, Vietnam, ó 12-16 Meitheamh mar chuid de mhalartú soghluaisteachta foirne atá maoinithe trí Thionscadal CIT Erasmus+ le Danang.

### Cuairteanna Foirne Erasmus Isteach

- Chuir CIT fáilte roimh an chéad ghrúpa foirne as Ollscoil Eacnamaíochta, Ollscoil Danang, Vietnam, faoin tionscadal Erasmus+ atá á chomhordú ag an Dr Pio Fenton. Rinne an ceathrar ball foirne sinsearach acadúla agus bainistíochta, an Dr Vo Thi Thuy Anh, Leas-Reachtaire, an Dr Thi Lan Huong Pham, Déan na Dáimhe Margaíochta, an Dr Thi Hong Hanh Huyh, Ceann na Roinne Tástála agus Ráthaíochta Oideachais, agus an Dr Thi Bich Thu Nguyen, Ceann Roinn na Bainistíochta Acmhainní Daonna, freastal ar CIT ó 8 go 12 Bealtaine le haghaidh sraith ceardlanna, cruinnithe agus seisiún oiliúna. Le linn na cuairte, thapaigh an grúpa an deis le freastal ar roinnt ceardlanna ag Comhdháil Oideachais na Fiontraíochta 3E ECSB a bhí á hóstú ag an Scoil Ghnó agus ag Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta an tseachtain chéanna.
- Ghlac an tOllamh Andreas Sonning as Acadamh Ceoil na hIorua, Oslo, comhpháirtí CIT sa Dianchlar Fiontraíochta rathúil "Todhchaithe Cruthaitheacha na hEorpa", páirt i gComhdháil Oideachais na Fiontraíochta 3E ECSB.
- Tháinig an tOllamh Anton Voight go dtí CSC CIT mar léachtóir cuairte Erasmus. Thug an tOllamh Voight máistir-ranganna pianó agus thaibhléirigh ceadal léachta dar teideal Schoenberg-Berg-Webern: Early Piano Pieces ar an Déardaoin, 6 Aibreán in Amharclann Stack na Scoile.
- Thug an Dr Paz Sainz Madrazo as Ollscoil Bilbao cuairt ar an Scoil Ghnó i Márta déanach chun léachtaí a thabhairt agus freastal ar chruinnithe maidir le soghluaisteacht mhic léinn agus foirne.
- Thug an Dr Cecile Soldati, de chuid EIGSI Ollscoil La Rochelle cuairt ar na ranna Innealtóireachta Leictirí & Leictreonaí agus Innealtóireachta Meicniúla, Bithleigheis & Déantúsaíochta chun soghluaisteacht mhic léinn agus foirne sa todhchaí a phlé.
- Rinne Sophie Albani Uas. agus Kathrin Teichmann Uas. as Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Hochschule Harz na Gearmaine cuairt ar Oifig Idirnáisiúnta CIT agus an Roinn Turasóireachta agus Fáilteachais chun deiseanna malartaithe mic léinn agus foirne a phlé.
- Thug an tOllamh Juergen Strauss de chuid Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Hochschule Aalen cuairt ar an Scoil Ghnó agus ar an Oifig Idirnáisiúnta chun comhaontú déthaobhach a phlé.

### Comhaontuithe Nua Erasmus

Síníodh comhaontú nua déthaobhach idir CEDC CIT agus Ecole Nationale Supérieure Louis Lumiere i bPáras na Fraince. Tá an comhaontú seo teoranta do mhalartuithe foirne de bhrí nach múineann Louis Lumiere ach grianghrafadóireacht agus nach féidir dá bhrí sin malartuithe seimeastair mic léinn a dhéanamh. Ach cuidíonn comhoibriú na foirne le roinnt comhthionscadal mic léinn, amhail taispeántas portráide mic léinn a reáchtáladh i bPáras ar 10 Samhain 2016. Reáchtáladh an taispeántas i gCorcaigh le linn Iúil 2016, mar chuid de Cork Photo (<http://corkphoto.com/project/five-four-crawford-college/>). Fuair beirt mhac léinn maoiniú Erasmus mar chabhair leis an gcostas a bhain lena bhfreastal ar an taispeántas i bPáras.

Síníodh na comhaontuithe eile seo le:

- Hochschule Karlsruhe
- Taller de Musics Escola Superior d'Estudis Musicals, Barcelona
- Universidad del País Vasco (leathnú ar chomhaontú a bhí ann chun cuidiú le malartuithe amach do mhic léinn na céime Margaíochta agus Gnó Idirnáisiúnta)

### Tuarascáil Dheiridh Erasmus 2016-2017

Tar éis Tuarascáil Dheiridh Erasmus do 2015-2016 a mheas, scríobh an tÚAO chuig gach IAO chun a measúnú a thabhairt ar an gcuid tuairisce den tuarascáil dheiridh a thabhairt. Fuair CIT marc de 75% ar an tuarascáil.

### Tionscadal VIBE le hOllscoil Eacnamaíochta – Danang Vietnam

Lean an chomhpháirtíocht idir CIT agus an Ollscoil Eacnamaíochta – ag Ollscoil Danang ar aghaidh nuair a bhain an ceathrar buaiteoirí as an gcomórtas fiontraíochta in Vietnam leas as taithí míosa ar chlár Fiontraíochta mic léinn Student Inc. i Lúnasa 2017. Thug baill foirne ag Lárionad Rubicon an-tacaíocht don tionscnamh seo.

### Scoláireachtaí/Comórtais

- **Clár Victory Scholar** – Ghlac CIT páirt i gClár Victory Scholar, a bhí á chomhordú ag ‘Sport Changes Life’, eagraíocht atá bunaithe i mBéal Feirste agus SAM. Tá mar aidhm ag Sport Changes Life mianta daoine óga a ardú tríd an mbarr feabhas i gcúrsaí spóirt, mórgníomh gairmiúil agus acadúil, agus forbairt phearsanta. Tugann an Clár Victory Scholar deis uathúil a chuireann lúthchleasaithe atá bunaithe i SAM a gcuid oideachais ag leibhéal na hiarchéime a leathnú in institiúidí tríú leibhéal in Éirinn, le linn dóibh an spórt is breá leo a imirt (cispheil) agus ligeann dóibh rud a thabhairt ar ais don pobal áitiúil ina bhfuil a staidéar bunaithe. Roghnaigh CIT beirt mhac léinn, Tanner Brooks as St Mary’s, College of Maryland, agus Madison Ward as Merrimack College. Chláraigh an bheirt mhac léinn ar an MA i nGnó Idirnáisiúnta.
- **Scoláireachtaí IDEAS Vietnam** – Thug Ambasáid na hÉireann in Vietnam clár scoláireachta nua isteach faoin gclár IDEAS, a leathnaíodh amach den chéad uair do roinnt líAO in Éirinn, agus CIT san áireamh. Tar éis próiseas láidir roghnúcháin, rinneadh áiteanna a thairiscint do cheathrar mac léinn arbh í a gcéad rogha ná CIT le tús a chur leis sa bhliain acadúil 2017/18.
- **Scoláireachtaí Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann** – I Nollaig 2016, tháinig mac léinn as Vietnam go CIT mar chuid de chlár Scoláireachta Idirnáisiúnta Rialtas na hÉireann. Chláraigh an mac léinn, Chi Phan Tan, ar chlár Máistir trí Thaighde Innealtóireachta, tar éis dó Céim Baitsiléir a bhaint amach in Innealtóireacht Leictreach as Ollscoil Teicneolaíochta Chathair Ho Chi Minh.
- **Comórtas Vietnam na hÉireann** – D’óstaigh CIT buaiteoirí “Comórtas na hÉireann 2017”, comórtas a Eagraíonn Ambasáid na hÉireann in Vietnam. Ba é a bhí mar sprioc ag an gclár ná oideachas in Éirinn a chur chun cinn d’fhonn níos mó Vitneamach a mhealladh chun Éire a roghnú mar cheann scríbe don ardoideachas. Dhírigh an Comórtas ar bhealach níos sonraí ar conas a spreagann líAO smaointeoireacht chriticiúil an mhic léinn ina gclár teagaisc agus conas is féidir le mic léinn cultúr nuálach agus cruthaitheach na hÉireann a bhlaiseadh. Thairistil buaiteoirí an chomórtais go hÉirinn agus thug cuairt ar CIT ó 17 go 20 Iúil 2017.

### Oiliúint Chabhrach Mhic Léinn Fheidearálach SAM

Faoi láthair is í CIT an t-aon Institiúid Teicneolaíochta in Éirinn atá ar liosta US Federal Aid mar institiúid fhaofa. Thairistil Niamh Lynes Uas., Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta, go dtí Atlanta, Georgia i ndeireadh na Samhna 2016 chun páirt a ghlacadh in oiliúint maidir le Federal Aid.

### Fadhbanna Cóiríochta ag Mic Léinn Idirnáisiúnta

Lean an ganntanas cóiríochta de bheith ina fhadhb ag mic léinn idirnáisiúnta, go háirithe mic léinn Malartaithe Erasmus/Neamh-AE a bhíonn ag staidéar in CIT ar feadh seimeastar amháin, de bhrí go seasann formhór de na léasanna cóiríochta ar feadh bliana iomláine.

### Aontaí/Cuairteanna Amach

- **An Mhalaeisia** – Thug roinnt ball foirne cuairt ar an Malaeisia chun ionadaíocht a dhéanamh don Institiúid ag Aontaí Oideachais Idirnáisiúnta, bualadh le hinstiúidí comhpháirtíochta, agus bualadh le gníomhairí oideachais. Ar na daoine a bhí ag freastal bhí an tOllamh Ger Kelly, Ceann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis agus Déantúsaíochta, Niamh Lynes Uas., Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta, agus Mervyn O’Mahony Uas., Oifigeach Margaíochta. D’fhreastail ionadaithe CIT ar Aonach Oideachais STAR in Kuala Lumpur ar 7 agus 8 Eanáir. An tseachtain ina dhiaidh sin thug siad cuairt ar an gColáiste Modhach, INTEC, UNITEN, TARUC agus USCI.
- **Aontaí na Téalainne/Vietnam/India** – Rinne roinnt pearsanra de chuid CIT freastal ar aontaí oideachais agus thug cuairt ar ollscoileanna comhpháirtíochta sa Téalainn, Vietnam agus India le linn mhí na Samhna 2016. Fuair Carmel Jordan, Oifigeach Idirnáisiúnta, tacaíocht ón Dr Kritchai Withephanich, taighdeoir Thai a bhí bunaithe i Lárionad Taighde Nimbus, don chéad chéim den turas, agus bhuaile leis an Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, in Vietnam. Bhuaile an Dr Pío Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta, le comhghleacaithe san India don chéim dheiridh den turas. Rinne Carmel Jordan, Oifigeach Idirnáisiúnta, agus an tOllamh Ger Kelly, Ceann Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis agus Déantúsaíochta, freastal ar Aontaí Oideachais in Éirinn ó 18-26 Feabhra 2017 in Chennai, Bangalore, Mumbai, Pune agus Delhi.
- **Lá Ollscoile Foundation College International Bhaile Átha Cliath** – D’fhreastail Oifig Idirnáisiúnta CIT ar Aonach Ollscoile Foundation College International Bhaile Átha Cliath (comhpháirtí Foundation CIT) i mBaile Átha Cliath ar 16 Feabhra 2017. Thug sé sin deis labhairt le mic léinn reatha idirnáisiúnta na bonnbhliana ar maidin, agus ar aonach earcaíochta sa tráthnóna ina dhiaidh sin.
- **Taispeántas Ardoideachais Dhomhanda Óman (GHEDEX)** – Thairistil Alan O’Brien, Intéirneach Margaíochtaí Digití CIT san Oifig Idirnáisiúnta, go dtí Muscat, Óman don aonach oideachais GHEDEX in Aibreán 2017.
- **Naisc le Vietnam Neartaithe** – Thug an Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, Gerard O’Donovan Uas., Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí, agus Carmel Jordan, Oifigeach Idirnáisiúnta, cuairt ar Vietnam i Samhain 2016. Bhí cuairteanna ar ollscoileanna comhpháirtíochta, Aontaí Oideachais agus aoiléachtaí san áireamh sa turas. Tharla an chuairt i gcomhthráth le Cuairt Stáit ag Micheál D. Ó hUiginn chun caidreamh taidhleoireachta idir Éirinn agus Vietnam ar feadh 20 bliain a chomóradh. Shínigh CIT Meamram Tuisceana i láthair an Uachtarán Ó hUiginn i gCathair Ho Chi Minh ar 11 Samhain le dhá Ollscoil comhpháirtíochta in Vietnam: an Ollscoil Eacnamaíochta ag Ollscoil Danang agus Ollscoil Teicneolaíochta Ho Chi Minh.
- **Comhpháirtíochtaí Nua sa tSín** – Ghlac an Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, agus Fen Long Uas., Oifigeach Idirnáisiúnta, páirt in Expo Oideachais na Síne (CEE) in Beijing agus Shanghai ó 22-30 Deireadh Fómhair 2016. An bhliain sin, bhí

ról tábhachtach le himirt ag CIT ag Éirinn mar ‘Thyir na hUrraime’ san imeacht. Mheall CEE cuid mhaith soláthróirí idirnáisiúnta oideachais chomh maith le líon mór cuairteoirí mic léinn. Shínigh CIT freisin roinnt Meamram Tuisceana le hIÁO Síneacha le linn na cuairte mar thoradh ar chomhoibríthe le déanaí, ar a n-áirítear Ollscoil Hainan agus Coláiste Polaiteicnice Tionsclaíoch Chongqing. Lean CEDC CIT dá naisc láidre le hAcadamh Mínealaíon Shanghai (Samhain 2016) mar chuid de Thionscadal Cruthaitheach Eorpach agus Acadamh Mínealaíne agus Deartha Ollscoil Tsinghua.

- **Cuairt ar Institiúidí Ceanadacha** – Thug an Dr Noel Murray, Ceann na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais, cuairt ar Ceanada le linn na seachtaine 7 go 11 Samhain. Bhí mar aidhm na cuairte bualadh le hionadaithe ó choláistí éagsúla faoi chomhaontú Ontario Colleges, ar a n-áirítear Niagara College, St Lawrence Colledge agus Fanshawe College. Rinne an Dr Murray iniúchadh freisin ar chaidrimh ionchasacha le hollscoileanna sa réigiún agus thug cuairt ar Ollscoileanna Ryerson agus Guelph. Thug Alan O’Brien, Intéirneach Margaíochta Digití, cuairt ar Ontario Ceanada mar chuairt leantach le linn Feabhra luath 2017., D’fhreastail sé ar Aontai Oideachais Pathways i gColáiste Fanshawe agus Coláiste St Lawrence agus labhair le mic léinn i gColáiste Niagara agus Colaiste Humber.
- **Seimineár Deiseanna na hAraibe Sádaí** – D’fhreastail Carmel Jordan, Oifigeach Idirnáisiúnta, ar chruinniú i bhFiontar Éireann ar 12 Bealtaine maidir le deiseanna forbartha i margadh athraitheach na hAraibe Sádaí. Reáchtáladh seisiún oideachais go háirithe chun Clár Scoláireachta Rí Abdullah a phlé, inar labhair an Dr Abdullah Al Mojel, Iar-Leas-Aire na gClár Scoláireachtaí ag an Aireacht Ardoideachais Shádach agus Cathaoirleach Chomhairle Ghnó na hÉireann-Sádaí, agus an Dr Saud Al Anazi, Attaché Cultúir Sádach in Éirinn.
- **Cuairteanna ar Ardscoileanna sa Nigéir** – Thug Mervyn O’Mahony Uas., Oifigeach Margaíochta agus Cumarsáide, cuairt ar an Nigéir ó 13-17 Feabhra 2017. Cuairt leantach a bhí inti ar cheann i Meán Fómhair 2016 agus san áireamh inti bhí cuairteanna ar ardscoileanna agus cruinnithe le gníomhaire oideachais in Abuja agus Lagos.
- **Cuairt ar Chomhpháirtithe SAM** – Thug an Dr Orla Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, cuairt ar SAM in Aibreán 2017. Ba é a bhí mar chuspóir na cuairte ná bualadh le comhpháirtithe institiúideacha (Scoil Amharc-Ealaíon, Ollscoil Long Island, Ollscoil Tampa, Ollscoil Purdue, Ollscoil Louisville) agus cuairt leantach ar chomhairleoirí ardscoile a thug cuairt ar CIT níos luaithe in 2017. Tharla an chuairt i gcomhthráth freisin le cuairteanna Jazz Big Band CSC CIT, nuair a reáchtáil siad ceardlanna ag Carroll’s Studios agus dhá cheolchoirm (Ollscoil Columbia agus an Jazz Standard Jazz Club). Thug grúpa de thart ar 20 mac léinn agus ball foirne as Ollscoil Purdue (Innealtóireacht Bhithleigheis) cuairt leantach ar CIT ar 21 Bealtaine 2017, agus tháinig grúpa den méid céanna as Louisville (Teiripe Ealaíne) ar 22 Bealtaine 2017. Rinne dhá Dhámh as Scoil na nAmharc-Ealaíon (Teiripe Ealaíne) cuairt leantach ar CIT ó 25 go 28 Meitheamh 2017.
- **Comhdháil NAFSA** – Rinne Niamh Lynes Uas., Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta, agus Carmel Jordan, Oifigeach Idirnáisiúnta, freastal ar Chomhdháil NAFSA in Los Angeles ó 29 Bealtaine-2 Meitheamh. Reáchtáladh cruinnithe le comhpháirtithe ionchasacha i SAM agus Ceanada, ar a n-áirítear Coláiste Pobail South Puget Sound, Ollscoil Stáit Washington, Ollscoil High Point, Coláiste Niagara, Colaiste Humber agus Colaiste St Lawrence.

#### Cuairteanna Isteach/Toscairí

- **Cuairteanna Gníomhairí Oideachais agus Meán na hIndia** – Chuir CIT fáilte roimh thoscaireacht de Ghníomhairí Indiacha Oideachais agus Pearsanra Meán ar 13 Deireadh Fómhair. Bhí mar sprioc ag an gcuairt tuilleadh a fhoghlaim faoi Éirinn agus CIT d’fhonn Éire a chur chun cinn mar cheann scribe oideachais do mhic léinn ionchasacha Indiacha. Bhain na cuairteoirí taitneamh as lón sa bhialann oiliúna agus bhuail siad le baill den Oifig Idirnáisiúnta agus baill foirne shinsearachas as CIT. Tugadh turas an champais dóibh freisin, Lárionad Rubicon agus Lárionad Taighde Nimbus san áireamh.
- **Naíolann agus Réamhscoil Montessori Lae Idirnáisiúnta Vincerola Widdensdorf** – Thug Pollyanna Hatton, Stiúrthóir Naíolann agus Réamhscoil Montessori Lae Idirnáisiúnta Vincerola Widdensdorf, agus a comhghleacaithe, Marion Lentzen agus Miren Gonzales, cuairt ar an Roinn Spóirt, Áineasa agus Staidéar Luathóige ó 16-19 Deireadh Fómhair. Bhuail siad le rang-ghrúpaí ó Staidéar Luathóige chun a n-eagraíocht mar eagraíocht óstaithe d’intéirneachtaí dara bliain a chur chun cinn agus chun na forbairtí dea-chleachtas is déanaí sa Ghearmáin a chomhroinnt le baill foirne léachtóireachta. Tá roinnt iarchéimithe den chlár céime CIT seo fostaithe go lánaimseartha ag an gcuideachta anois.
- **Coláiste Polaiteicnice Tionscail Chongqing** – Tháinig ceathrar toscaire as Coláiste Polaiteicnice Tionscail Chongqing na Síne ar cuairt ar an Institiúid ar 9 Samhain 2016. Cuairt leantach a bhí inti tar éis síniú an MT le Chongqing i nDeireadh Fómhair 2016. Rinne Niamh Lynes Uas. Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta láithreoireacht do na toscairí ar CIT agus bhuail siad le Katherine Keane Uas., Ceann na Roinne Ailtreireachta, an Dr Daniel Cahill, Ceann na Roinne Foirgníochta, mar aon leis an Uachtarán agus an Leas Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha. Ar na réimsí féideartha comhoibríthe tá malartú mic leinn.
- **Príomhoidí Ardscoile Hong Kong** – Bhí an Institiúid páirteach sa turas “Malartú Oideachais agus Cultúir na hÉireann” trí thoscaire Príomhoidí Ardscoile as Hong Kong a óstú ar 11 Samhain. Thug thoscaireacht Oideachais Hong Kong cuairt ar Éirinn d’fhonn tuiscint a fhorbairt agus naisc a dhéanamh le páirtithe leasmhara oideachais in Éirinn. D’eagraigh Cumann Éireannach Síneach na Gaillimhe an turas.
- **Coláistí Teicniúla agus Gairmiúla na Síne** – D’óstaigh CIT grúpa pearsanra sinsearach as raon Coláistí Teicniúla agus Gairmiúla sa tSín ó 11 go 17 Samhain. Chuimsigh an thoscaireacht 14 Uachtarán agus Leas-Uachtarán Coláiste agus réigiúin Chongqing, Hangzhou, Lanzhou, Zhengzhou, Shijiazhuang, Zhejiang, Wuhu, Shenzhen, Chengdu, agus Changzhou. Socraíodh an chuairt i gcomhar le Cumann Oideachais na Síne d’Oideachas Idirnáisiúnta. Thug na toscairí cuairt ar CIT chun eolas a fháil ar conas a oibríonn an earnail TF, agus fuair siad oiliúint ar réimsí amháin an Fhiontraíocht, Nualaíocht, Aistriú Teicneolaíochta agus Tráchtálú, Gor Gnó, Rannpháirtíocht le Tionsclaíocht, agus Rannpháirtíocht Mhic Léinn. Bhí roinnt gníomhaíochtaí chultúrtha cuimsithe sa turas freisin.
- **Toscaireacht Chomhdháil Chomhairleach Phobail Shíneach Shanghai** – Thug seisear toscaire as Chomhdháil Chomhairleach Phobail Shíneach Shanghai cuairt ar an Institiúid Dé hAoine 11 Samhain. Chuir an Dr Brendan Murphy, Uachtarán, an Dr Orla

Flynn, Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha, Niamh Lynes Uas., Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta agus Mervyn O'Mahony, Aonad Margaíochta, fáilte rompu.

- **Karine Gautier**, Stiúrthóir Gnóthaí Idirnáisiúnta, EFAP Scoil na Cumarsáide, Páras, a thug cuairt ar roinn na Meán Cumarsáide chun comhaontú malartaithe féideartha a phlé maidir le mic léinn agus baill foirne ón Máistir Ealaíon in Iriseoireacht agus Meán Nua.
- **Cuairt Chomhairleoirí Ardscoile SAM** – Thug toscaireacht de 15 chomhairleoir ardscoile ó SAM cuairt ar CIT ar 2 Márta.
- **Cuairt Ghníomhairí Oideachais Brasaíleacha** – Chuir CIT fáilte roimh 3 Ghníomhaire Oideachais Brasaíleacha ar 29 Márta, a raibh Sarah O'Sullivan de chuid Oideachas Éireann á dtionlacan. Bhí mar aidhm ag an gcuairt eolas a fháil maidir le cúinsí reatha margaidh sa Bhrasaíl agus caidreamh a fhorbairt le gníomhairí chun leanúint d'earcaíocht mac léinn Brasaíleach lasmuigh den chlár scoláireachta Eolaíocht gan Teorainneacha.
- **Cuairt Ambasadóirí na hIndia agus na Malaesia ar CIT** – D'óstaigh CIT i gcomhpháirtíocht le Asia Matters, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Cumann Tráchtála Chorcaí fóram mar chuid de Chruinniú Mullaigh Asia Matters Chorcaí ar 18 Bealtaine. Le linn an imeachta seo chuir CIT fáilte roimh A.hO. Bean Vijay Thakur Singh, Ambasadóir na hIndia chuig Éirinn agus A.O. Anizan Siti Hajjar Adnin, Ambasadóir na Malaesia chuig Éirinn.
- **Cuairt Ghníomhaire Oideachais & Chomhairleoirí Ardscoile Thai** – Chuir CIT fáilte roimh thoscaireacht de Ghníomhairí Oideachais & Chomhairleoirí Ardscoile Thai ar 25 Bealtaine, agus Terry Partland agus Cormac Kavanagh de chuid Chomhairleoirí Oideachais Idirnáisiúnta Ardscoile in Éirinn á dtionlacan. Ba é ba aidhm leis an imeacht ná eolas a aimsiú maidir le cúinsí reatha margaidh sa Téalainn agus caidreamh a fhorbairt le gníomhairí agus ardscoileanna idirnáisiúnta d'fhonn earcaíocht a fhorbairt le mic léinn Thai a mbeadh táillí á n-íoc acu. Chuimsigh na cuairteoirí ionadaithe as Study Ireland, Scoil Idirnáisiúnta Naomh Andrews, Further Education agus Scoil Patana Bangkok.

#### **Damhsa Idirnáisiúnta CIT**

Reáchtáladh Dara Damhsa Idirnáisiúnta Bliantúil CIT ar 4 Bealtaine in Óstán Silver Springs Clayton, arna eagrú ag an Oifig Idirnáisiúnta. Bhí 157 duine i láthair, ar a n-áirítear 23 ball foirne agus 134 mac léinn de chuid CIT. Deis a bhí san ócáid chun ár gcuallacht idirnáisiúnta mac léinn a cheiliúradh, chun an tacaíocht a thugann foireann CIT, ar a n-áirítear lucht Iontrálacha, Comhordaitheoirí Erasmus, Baill Foirne na Roinne Riaracháin, Cóiríocht, Cumainn, agus Aontas na Mac Léinn. Ceiliúradh Comóradh 30 Bliain Chlár Erasmus freisin.

#### **Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Ailtireachta**

D'óstaigh CIT grúpa de 20 mac léinn as USCI na Malaesia chuig Scoil Samhraidh Ailtireachta ó 2-12 Meitheamh. Chuimsigh an scoil ceardlanna agus tionscadail dearaidh, chomh maith le cuairt láithreáin ar an Oileán Mór, i gCorcaigh Thiar.



COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN



# 5. Acmhainní Daonna

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 5.1 Tuirisc ar Acmhainní Daonna
- 5.2 Líon na Foirne
- 5.3 Éachtai na Foirne

## 5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

### Líon na Foirne

Don bhliain acadúil 2016/2017, ba é líon na bhfostaithe san Institiúid ná 1,381 arbh ionann é sin agus 1,023.53 Coibhéisí Lánaimseartha (CLA). Ba í an Fhoireann Acadúil an chatagóir ba mhó a RAIBH 60% de na fostaithe SAN ÁIREAMH ann.

Baineadh na figiúirí go léir a thaispeántar sa roinn seo as Tuairisceáin Ráithiúla na hEarnála Poiblí mar a bhí ar 31 Nollaig 2016.

### Baill a chuaigh ar scor

D'éirigh na baill foirne seo a leanas as seirbhís le linn na bliana:


Mary Atkins, Glantóir, Foirgnimh & Eastáit  
 Mary Carey, Cúntóir Oifig na Foirne, Roinn Eolaíochta Ríomhaire  
 Noel Collins, Léachtóir, Roinn Spóirt, Áineasa & Staidéar Luathóige  
 Phyllis Corcoran, Glantóir, Glantóir, Foirgnimh & Eastáit  
 Patrick J. Crowley, Oifigeach Teicniúil, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 Damien Cussen, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach  
 Seán Doyle, Léachtóir, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 An Capt Vivion Gough, Ceann Roinn Staidéar Muirí, CNMÉ  
 Eileen Greene, Oifigeach Sinsearach Foirne, Acmhainní Daonna  
 Denis F. Healy, Léachtóir Páirt-Aimseartha Pro-Rata, Roinn Ailtireachta  
 Bill Hilferty, Feidhlí, Foirgnimh & Eastáit  
 Clive Hotham, Léachtóir, CNMÉ  
 Markus Jungmann, Léachtóir, CEDC CIT  
 Noel Moynihan, Oifigeach Teicniúil, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis  
 An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán  
 Bebhinn Ní Mheara, Léachtóir, CSC CIT  
 An Dr Pascal O'Connor, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaí  
 Don O'Riordan, Léachtóir, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 An Dr Felix Raekson, Léachtóir, Roinn Forbartha Eagrúcháin & Gairmiúil  
 Marian Walsh, Oifigeach Foirne Cúnta, Seirbhísí Mic Léinn  
 Eleanor Willis, Léachtóir, CSC CIT Lárionad Staidéar Ceardaíochta

## 5.2 Líon na Foirne

### Líon Iomlán na Foirne

	CLA	Líon Daoine
Buan	862.95	933.00
Sealadach	160.58	448.00
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,023.53</b>	<b>1,381.00</b>


### Líon Iomlán na Foirne (Cóibhéisí Lánaimseartha)



### Foireann de Réir Catagóire

	CLA	Líon Daoine
Bainistíocht	10.00	10.00
Acadúil	609.03	798.00
Riarachán & Leabharlann	175.47	179.00
Teicneoir	76.87	90.00
Tacaíocht	44.00	60.00
Seirbhísí Mic Leinn	35.18	162.00
Taighdeoirí	72.98	82.00
	<b>1,023.53</b>	<b>1,381.00</b>


### Foireann de Réir Catagóire (Cóibhéisí Lánaimseartha)



### Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana (Cóibhéisí Lánaimseartha)

	13/14	14/15	15/16	16/17
Bainistíocht	10.00	10.00	10.00	10.00
Acadúil	578.87	586.05	582.63	609.03
Riarachán & Leabharlann	152.15	158.74	164.33	165.47
Teicneoir	81.62	84.42	86.22	86.87
Tacaíocht	46.96	47.45	46.09	44.00
Seirbhísí Mic Leinn	30.22	31.38	31.46	35.18
Taighdeoirí	73.75	81.01	75.44	72.98
<b>Tuairisc</b>	<b>973.57</b>	<b>999.05</b>	<b>996.17</b>	<b>1,023.53</b>

### Treochtaí Foirne – Stair 4 Bliana Cóibhéisí Lánaimseartha



## 5.3 Éachtaí na Foirne

Rinneadh comhghairdeas leo siúd a leanas:

- Shane Cronin agus Darragh Coakley, Oifigigh Teicniúla, Roinn na Foghlama Teicneolaíocht-Fheabhsaithe, a chuir páipéar i láthair maidir le “micreafhoghlaim” ag Comhdháil Chumann na Teicneolaíochta Foghlama ag Ollscoil Warwick ar 5 Meán Fómhair.
- Éamonn Butler, Léachtóir, agus comhghleacaithe i Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha, as a gcuid oibre ar stáisiún meantóireachta cháilíocht aeir ar líne ag an Institiúid. Tabharfaidh an obair sin, a rinneadh i gcomhar leis an nGníomhaireacht Cosanta Comhshaoil (EPA) cion suntasach chun truailliú aeir sa réigiún a íoslaghdú.
- An tOllamh Margaret Linehan, Ceann Scoil na nDaonnachtaí, a fuair an “Companionship of BAM International Award” ar 6 Meán Fómhair ag comhdháil comórath 30ú bliain BAM a reachtáladh ag Ollscoil Newcastle-Upon-Tyne. Is gradam é companionship BAM a dhéantar trí chuireadh amháin mar aitheantas ar shárchion do réimse na Bainistíochta.
- Colin Manning, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, ar glacadh leis :
  - ar chlár ionadaithe gairmiúla Oifig Mhaoin Intleachtúil Aontas na hEorpa (EUIPO)
  - clár Trade Mark Agent (Éire) ag Oifig Paitinní na hÉireann
- Jonathan Sherwin, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a chuir páipéar gearr i láthair dar teideal “Improved Data Centre Network Management Through Software-Defined Networking” ag Comhdháil Taighde Chomhoibritheach na hEorpa ar 23 Meán Fómhair
- Trevor Hogan, Léachtóir, Meáin Chumarsáide, a chosain go rathúil a thráchtas PhD ar 18 Samhain. Bhronn Bauhaus-Universität Weimar, an Ghearmain Dochtúir rerum naturalium (Magna cum Laude) ar Trevor as a chuid oibre ar a thráchtas “Data and Dasein, a Phenomenology of Human-Data Relations”. Tá gnéithe dá chuid oibre curtha i láthair ag roinnt comhdhála idirnáisiúnta agus tá dhá alt irise foilsithe aige le Transactions on Visualisation and Computer Graphics (IEEE), agus Interacting with Computers (Irisí Oxford).
- An Dr Ruairí O’Reilly, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a bhí freagrach as eagrú agus óstú forbróra a bhí dírithe ar an gcóras bainistíochta ábhair fhoinsé oscailte Drupal . Bhí breis is 40 forbróir Drupal i láthair ag Comhdháil Camp Drupal, imeacht dhá lá le roinnt seisiún a bhain le forbairt agus cothabháil Córas Bainistíochta Ábhair a cuireadh i láthair.
- An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, ar bronnadh an teideal Seanadóir Onórach de chuid Hochschule Darmstadt Hda), an Ghearmáin air ar 22 Samhain. Tugann an gradam aitheantas don ról a d’imir CIT agus an Dr Murphy i bhforbairt na hInstitiúide Gearmánaí. I gcaidreamh a mhair beagnach 30 bliain, tá CIT agus Hda tar eis comhoibriú le chéile ar raon tionscnamh ar a n-áirítear malartú mic léinn, comhchlaír, agus taighde.
- Al Devine, Léachtóir Páirt-Aimseartha, Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla, a rinne bainistíocht ar thionscadal na bhfíneálacha Bruscair de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí, tionscadail ar bhronn Cumann Tráchtála na hÉireann Excellence in Local Government Innovation Award air ag searmanas gradaim ar 24 Samhain 2016.
- Trí bhall déag de bhaill foirne na hInstitiúide a fuair teideal mar Ollamh ar 2 Nollaig. Tugann an teideal aitheantas do sheasamh acadúil an duine, a gcorpas saothair agus a gcion do ghníomhaíochtaí acadúla na hInstitiúide. Mar leanas iad:
  - An Dr John Barrett, Ceann Staidéar Acadúil, Lárionad Taighde Nimbus
  - An Dr Noel Barry, Ceann Gnóthaí Acadúla, Scoil Staidéar Céimithe
  - An Dr Aidan Coffey, Léachtóir Sinsearach, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
  - An Dr Guillaume Huyet, Ceann Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha
  - An Dr Gerard Kelly, Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
  - An Dr Margaret Linehan, Ceann Scoil na nDaonnachtaí
  - An Dr Hugh McGlynn, Ceann na Scoile Eolaíochta & Faisnéisíochta
  - Seán O’Leary Uas., Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta
  - An Dr Jim O’Mahony, Léachtóir Sinsearach, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha
  - An Dr Dirk Pesch, Ceann Lárionad Taighde Nimbus
  - An Dr Irene Sheridan, Ceann Champas Leathnaithe CIT
  - An Dr Roy Sleator, Léachtóir Sinsearach, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha, agus Lárionad Taighde & Nualaíochta BioExplore
  - An Dr Paul Walsh, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire
- Baill foirne ar scor a fuair Teastais Tuilleamais ó WorldSkills as a gcion mar shaineolaithe ina scileanna ainmnithe. Bronnadh na Teastais Tuilleamais orthu seo a leanas ag Searmanas IrelandSkills ar 9 Nollaig:
  - Tony Hegarty

- Jack Lynch
  - Tom Kelly
  - Henry Acheson
  - George Treacy
  - Peter Deasy
  - Eamonn Lane
  - Niall Shanahan
- Lara Crowe, Léachtóir Cúnta, Roinn na nEolaíochtaí Fisiceacha, ar a roghnú ar Fhoireann na hÉireann a rith i gCraobhchomórtais Reatha Trastíre na hEorpa ar 11 Nollaig in Chia na hIodáile.
  - Jonathan Sherwin, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a chuir póstaer “Intelligent Management of Overflow Rule Installation in Data Center Networks” i láthair ag Comhdháil ACM ar Thurgnaimh Líonra agus Teicneolaíochtaí Éiritheacha (CoNEXT) ar 12 Nollaig.
  - An Dr Breda Kenny, Ceann Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta a atoghadh don dara tréimhse trí bliana ar Bhord Chomhairle na hEorpa um Ghnólachtaí Beaga & Fiontraíocht (ECSB) i mí na Nollag. Tá an Dr Kenny freagrach as comhoibriú taighde agus rannpháirtíocht tionscail. Chomh maith le Comórtas Scríbhneoireachta Cáis ECSB le haghaidh cásanna bunaidh teagaisc a chomhordú a chuireann réimse na fiontraíochta agus gnólachtaí beaga chun cinn.
  - Foireann na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais ar tugadh aitheantas dóibh as sármhaitheas i sábháilteacht bia ag Searmanas Gradam Rátháíochta Sábháilteachta Bia ar 22 Feabhra. Bhí an Roinn ar 21 buaiteoirí gradaim a fuair gradaim a bhí bunaithe ar shármhaitheas thar roinnt critéirí, ar a n-áirítear sláinteachas struchtúrtha agus oibríochta, sábháilteacht agus cosaint bia, sláinteachas pearsanta, saoráidí foirne, agus cáipéisíocht ar bhainistíocht agus chóras sábháilteachta bia.
  - An tOllamh Roy Sleator, Léachtóir Sinsearach, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, ar bhronn UCC Dochtúireacht Eolaíochta air ar 24 Feabhra.
  - Oonagh O’Brien, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a d’eagraigh Comhdháil ar Nascadh Mná i dTeicneolaíocht (CWIT) “Walk your Truth – Be yourself in an ever changing world” ag an Institiúid ar 11 Aibreán. Bhí an ócáid ann chun Mná i nGairmeacha sa Teicneolaíocht a spreagadh trí sheimineáir forbartha agus meantóireacht a thabhairt, agus reáchtáladh í i gcomhar le Dell EMC, McAfee, Quest agus Intel.
  - Jesse Presley Jones, Léachtóir, CEDC CIT, a rinne ionadaíocht d’Éirinn ag Biennale mórchlú na Veinése 2017, an taispeántas cáiliúil idirnáisiúnta ealaíne. Osclaíodh Pailliún na hÉireann ar 10 Bealtaine nuair a nochtadh saothar Jesse dar teideal “Tremble Tremble”, marar tugadh na gártha molta dó.
  - D’fhoireann AnSEO a ghnóthaigh Gradam Rannpháirtíochta agus Cumarsáide na Mac Léinn agus do Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha a ghnóthaigh Gradam Tionchar Straitéise Gairme ag na Gradaim Bhliantúla Oideachais ar 25 Bealtaine.
  - An Dr Haithem Afli, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a ghnóthaigh ceann de ghradaim Chumann na hEorpa d’Aistriúchán Meaisín agus arbh é an príomheagraí agus Cathaoirleach Cláir ar an gCéad Cheardlann ar na Meáin Shóisialta agus Aistriúchán Meaisín ar Ábhar ginte ag an Úsáideoir ag an 20ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann na hEorpa d’Aistriúchán Meaisín ar 31 Bealtaine.
  - D’óstaigh Ard-Mhéara Chorcaí Fáiltiú Cathrach chun scor an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, a chomórath ar 13 Meitheamh i Seomra na Comhairle, Halla Cathrach Chorcaí.
  - Seán McShera, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictirí & Leictreonaí a fuair Innealtóir Cairte ó Innealtóirí Éireann. Is ball é freisin den Chumann Solais agus Soilsithe.
  - Jonathan Sherwin, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a chuir i láthair póstaer dar teideal “Software Defined Networking for Flow Management in Data Centre Networks” ar 26 Meitheamh.
  - An Capt Vivion Gough, Ceann na Roinne Staidéar Muirí, a fuair Gradam Aitheantais Speisialta ag Gradaim Thionscal na Mara 2017 ar 29 Meitheamh.
  - Colin Manning, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, ar bronnadh dara duais air i ngradam bliantúil Chumann Trádmharc an Chomhphobal Eorpaigh (ECTA) do pháipéir.
  - An Dr Vincent Emeakaroha, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, ar tugadh cuireadh dó a bheith ina Eagarthóir ar cuireadh ar na hirísí idirnáisiúnta seo a leanas:
    - 7ú Roinn Speisialta ar Néalríomhaireacht 2017 – Journal of Computer and Electrical Engineering
    - Eagrán speisialta ar Néal agus Cumarsáid 2017 - Journal of Computer and Electrical Engineering

- An Dr Haithem Afli, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, a bhí i gceannas ar an bhFoireann ADAPT a ghlac páirt i scéim nua oiliúna a bhí eagraithe ag USA National Science Foundation (NFS) agus Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI). Is é an comhoibriú nua seo idir SFI agus NSF don ChIÁr Innovation Corps (I-Corps) an chéad cheann dá leithéid san Eoraip, agus díríonn sé ar scileanna fiontraíochta a fhorbairt a chuirfidh ar chumas taighdeoirí deiseanna a thapú chun tionchar sóisialta a gcuid taighde a fheabhsú.
- An tOllamh Dr Paul Walsh, Léachtóir, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire, ar a cheapadh ar Phainéal Comhairleach Taighde Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann agus mar Scrúdaitheoir Seachtrach d'Ollscoil Uladh, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

**Baill Foirne ar Bronnadh Céimeanna orthu:**

- An Dr Clive Atkinson, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Gillian Carey, Dochtúir le Fealsúnacht
- Dean Carter, Baitsiléir Gnó (Onóracha) i gCuntasáíocht
- An Dr Vincent Emeakaroha, Diplóma Iarchéime i dTeagasc & Foghlaim in Ardoideachas
- Anthony Fitzgerald, Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht
- An Dr Orla Flynn, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Paul Green, Dochtúir le Fealsúnacht
- Mary Hegarty, Baitsiléir Ceoil (Onóracha)
- An Dr Trevor Hogan, Dochtúir le Rerum Naturalium (Magna cum Laude)
- An Dr Simon Knowles, Dochtúir le Fealsúnacht
- Colin Manning, LLM
- Kim Mulcahy, MA i dTeagasc & Foghlaim
- An Dr Philip Murray, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Marie Nicholson, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Marc Ó Riain, Dochtúir le Fealsúnacht
- Adrian O'Connor, Baitsiléir Innealtóireachta (Onóracha) in Ardteicneolaíocht Déantúsaíochta
- An Dr Paul O'Sullivan, Dochtúir le Fealsúnacht
- An Dr Trish Rooney, Dochtúir le hOideachas
- Peter Walter, MA i dTeagasc & Foghlaim

Teastasú Aon Ábhar:

- Jing Hua Ye

**Ceapacháin Nua:**

Deimhníodh ceapacháin na mball foirne seo a leanas le linn na bliana acadúla 2016/17:

Ian Aherne, Taighdeoir Lárionad Taighde Nimbus  
 An Dr Alejandro Arbelaez Rodriguez, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire  
 An Dr Killian Barton, Taighdeoir, CAPP  
 An Dr Ken Bruton, Léachtóir Cúnta, Innealtóireacht Mheicniúil, Bhithleigheis & Déantúsaíochta  
 An Dr Eoin Byrne, Taighdeoir Lárionad Taighde Nimbus  
 Nick Cashin, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 An Dr Krishnakumar Chullipallyalil, Taighdeoir, CAPP  
 Maurice Clery, Oifigeach Teicniúil, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta  
 An Dr Laura Climent, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire  
 Jason Collins, Léachtóir Cúnta, Roinn Foirgníochta  
 An Dr Louise Collins, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochtaí Bitheacha  
 An Dr Fred Creedon, Léachtóir Cúnta, Roinn Eagrúcháin & Forbartha Gairmiúla  
 Úna Cremin, Teicneoir, Seirbhísí TF  
 Rosarie Dineen, Cúntóir Leabharlainne, Campas Bhaile an Easpaig  
 Juan José Dolorea Martinez, Taighdeoir Lárionad Taighde Nimbus  
 Fiona Downey, Comhairleoir Tacaíochta Foghlama, Seirbhísí Mic Léinn  
 An Dr Vincent Emeakaroha, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire  
 Seán Fitzgerald, Oifigeach Teicniúil, Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictreic & Próisis  
 Michelle Forde, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais  
 Lenka Forrest, Oifigeach Iontrálacha & Scrúduithe  
 Deirdre Goggin, Aitheantas Réamhfhoghlama & Foghlaim Obair-Bhunaithe, Campas Leathnaithe  
 An Dr Catriona Guinane, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha  
 David Hamilton, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Leictreic & Leictreonaic  
 Johnny Hanrahan, Léachtóir Cúnta, CSC CIT

Cliona Hatano, Cóitseálaí Ratha Acadúla, Rannpháirtíocht agus Coinneála Mic Léinn  
 Seán Hegarty, Cúntóir Leabharlaine, CSC CIT  
 Ryan Higgins, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 An Dr Vesna Jaksic, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil  
 Jacqueline Kehoe, Taighdeoir Lárionad Taighde Nimbus  
 Dr Aoife Killeen, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach  
 Calvin Kissane, Oifigeach Teicniúil, Seirbhísí TF  
 Tokunboh Lapite, Oifigeach Teicniúil, Seirbhísí TF  
 Sharon Lehane, Léachtóir Cúnta, Roinn Bainistíochta & Fiontair  
 Kevin Lenihan, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 Maria Looney, Taighdeoir, Lárionad Halpin, CNMÉ  
 An Dr Conor Lynch, Taighdeoir Lárionad Taighde Nimbus  
 Marguerite Lynch, Oifigeach Foirne, Oifig an Chláraitheora  
 Robert Lynch, Taighdeoir, Lárionad Halpin, CNMÉ  
 Yvonne Mackey, Oifigeach Cléireachais, Seirbhísí Mic Léinn  
 Nicola Maunsell, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais  
 Mary J McCarthy, Cóitseálaí Ratha Acadúla, Rannpháirtíocht agus Coinneála Mic Léinn  
 Deirdre McHugh, Comhairleoir Mic Léinn, Seirbhísí Mic Léinn  
 An Dr Helen McGuirk, Ceann Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta  
 Séamus McNamara, Teicneoir, Seirbhísí TF  
 Lisa Moran, Leas-Oifigeach Foirne, Rannpháirtíocht agus Coinneála Mic Léinn  
 An Dr Craig Murphy, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheacha  
 Joan Murphy, Oifigeach Sinsearach Foirne, Acmhainní Daonna  
 An Dr Noel Murray, Ceann na Roinne Turasóireachta & Fáilteachais  
 Máire Ní Mhuimhneacháin, Oifigeach Foirne, Acmhainní Daonna  
 Georgi Nikolov, Cúntóir Taighde, Lárionad Taighde Nimbus  
 Tom O'Connell, Léachtóir Cúnta, Lárionad Staidéar Ceardaíochta  
 Henry O'Dea, Cúntóir Cúnta 1, Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta  
 An Dr Gareth O'Donnell, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta  
 Derek O'Leary, Léachtóir Cúnta, Roinn Ailtireachta  
 An Dr Eileen O'Leary, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha  
 John O'Leary, Airíoch  
 Mary O'Leary, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais  
 Irene O'Mara, Léachtóir Cúnta, CSC CIT  
 An Dr Ruairí O'Reilly, Léachtóir Cúnta, Roinn na hEolaíochta Ríomhaire  
 Judy Rea, Léachtóir, Roinn Innealtóireachta Leictreic & Leictreonaí  
 An Capt Sineád Reen, Ceann na Roinne Staidéar Muirí, CNMÉ  
 Jean Ricken, Leabharlannaí  
 Brian Sheehan, Airíoch  
 An Dr Svetlana Slepneva, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Fisiceacha  
 Gábor Szacsuri, Oifigeach Teicniúil, Scoil Foirgníochta & Innealtóireachta Sibhialta  
 Emily Twomey, Taighdeoir, Lárionad Taighde Nimbus  
 Susan Varian, Oifigeach Foirne, Oifig Iontrálacha  
 An Dr Sheila Walsh, Léachtóir Cúnta, Roinn Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta





CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT



# 6. Tuarascáil Airgeadais

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2016/2017

6.2 Cuntais Iniúchta 2016/2017

## 6.1 Tuarascáil Airgeadais 2016/17

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2016 go dtí 31 Lúnasa 2017. Léiríonn na torthaí barrachas oibriúcháin comhdhlúite de €4.5milliún. Seasann sé sin do staid fheabhsaithe airgeadais. (2016: €0.7milliún).

### Sochair Pinsin

Tá ar an Institiúid cuntas a thabhairt ar shochair pinsin iarchurtha ó 2016/17 ar aghaidh. Glacadh cur chuige comónta thar an earnáil institiúide teicneolaíochta agus tá an costas sochair pinsin corpraithe isteach sna ráitis airgeadais den chéad uair in 2016/17. Tá figiúr comhfhreagrach ioncaim i dtaca leis an gcistiú pinsin iarchurtha cuimsithe. Míníonn sé sin na méaduithe móra follasacha in ioncam agus caiteachas sa tréimhse.

### Ioncam

Tháinig méadú ar ioncam de bhreis is 27% ó €96.9milliún go €127.3milliún le linn na tréimhse, ach, gan an cistiú pinsin iarchurtha san áireamh, ba é an méadú iarbhir ná €3.1milliún (3.1%). Tháinig méadú ar ioncam ó tháillí teagaisc de €0.6milliún go €35.5m. Tháinig méadú ar dheontais Stáit de €2.9milliún go €41.3milliún. D'fhan catagóirí ioncaim eile mórán mar a bhí cés móite de Dheontais Taighde & Chonarthaí ar tháinig laghdú orthu de €1.1milliún, ach cuireadh méadú comhchosúil leis de €1milliún ina aghaidh in Ioncam Eile. Tháinig méadú ar na mic léinn chóibhéseacha lánaimseartha de 1% ó 9,377 go 9, 443 le linn na tréimhse.

### Caiteachas

Tháinig méadú ar chaiteachas reatha comhdhlúite de 24% ó €99.1milliún go €123milliún. Gan costais sochar pinsin a chur san áireamh, tháinig laghdú imeallach iarbhir air de €0.48milliún (0.5%) go €98.6milliún. Bhain costais de €68.3milliún (69%) le ranna acadúla agus le gníomhaíocht taighde, bhain costais de €7.4milliún (7.5%) le foirgnimh agus costais de €15.7milliún (16%) le riarachán agus na seirbhísí tacaíochta agus bhí costais de €7.2milliún (7%) ar sheirbhísí do na mic léinn.

Tháinig méadú ar an mbille tuarastail de díreach faoi 0.6% (€0.4milliún) le linn 2016/17 agus seasann sé anois ag €68.7milliún i gcomparáid le €68.3milliún in 2016. Tháinig méadú ar mheánlón na forne cóibhéisí lánaimseartha go 1,023 (2016: 996). Is iad na costais foirne, gan sochair pinsin a chur san áireamh, an líne chaiteachais aonair is mó san Institiúid, arb ionann é agus 69% den chaiteachas uile.

Tháinig laghdú ar chostais eile de €0.75milliún (3%) go €24milliún. Is féidir é sin a chur síos d'uainiú caiteachais ar thionscadail leanúnacha.

### Taighde & Forbairt

Tháinig laghdú ar an ioncam ó Dheontais Taighde agus Conarthaí, agus costais chaipitil san áireamh, ó €13.3milliún go €12milliún. Tháinig laghdú dá réir ar chaiteachas de bhrí go bhfuil sé sin ceangailte le buiséid tionscadail. Tá formhór an mhaoiniú T&F bunaithe ar rath sna cláir iomaíochta cistithe Stáit agus AE, cláir a mbaineann nádúr timthriallach leo, agus táthar ag súil le méadú air sin in 2017/18.

### Cúlchistí

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017, ba iad Cúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil iarchurtha san áireamh) ná €9.9milliún, arbh cúlchistí srianta €7.6milliún de do thionscadail chaipitil.

## 6.2 Cuntais Iniúchta 2016/17

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide  
Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam & Caiteachas

Ráiteas Comhdhlúite maidir le hAthruithe sna Chúlchistí agus Cuntas Caipitil

Ráiteas Comhdhlúite agus na hInstitiúide maidir leis an Staid Airgeadais

Ráiteas Comhdhlúite maidir le Shreafaí Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

## 6.2.1 Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach.
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**Bob Savage Uas.**  
**Cathaoirleach**  
**Dáta: 13 Nollaig 2018**



**An Dr Barry O'Connor**  
**Uachtarán**  
**Dáta: 13 Nollaig 2018**

## 6.2.2 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as an gCóras ar Rialú Inmheánach

Admhaíonn an Bord Rialaithe a bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

### Rátháíocht Réasúnta

Ní féidir leis an gcóras ach rátháíocht réasúnta agus ní glanrátháíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Deimhnímid go ndéantar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach a athbhreithniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an mBord Rialaithe lena chinntiú go léiríonn sé an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse.

Deimhnímid go ndéantar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach a athbhreithniú ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar chuid dá n-íniúchadh seachtrach d'fhonn a dheimhniú nach bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha leis an bhfaisnéis a bhfuil eolas acu orthu óna gcuid oibre iniúcháireachta ar na ráitis airgeadais.

### Na Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram déanta ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta agus iad a chosaint (Coiste Iniúcháireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí)
- Cáipéis Treoirínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainaithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhríosaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú a shainaithint.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairisciú ar na torthaí a bhaintear amach.
- Cur i bhfeidhm Creata Rialaithe Inmheánaigh
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas.
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

Tá roinnt Córas Bainistíochta Faisnéise curtha i bhfeidhm ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun bealach a chur ar fáil le torthaí iarbhir a chur i gcomparáid le spriocanna agus réamhfhaisnéisí. Ar na córais sin tá:

- Bainistíocht Airgeadais – Agresso
- Bainistíocht Acmhainní Daonna agus Párolla – CoreHR
- Taisteal agus Costais – CoreHR
- Riarachan Mic Léinn – Banner
- Cionroinnt Acmhainní – Akari
- Socrú Amchláir – Syllabus

Baineann Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí úsáid as raon gníomhaíochtaí chun an baol go dtarlóidh gníomhaíocht calaoiseach a laghdú. Cuimsíonn creat polasaí rialaithe Inmheánaigh CIT polasaithe agus gnáthaimh scríofa a éilíonn go mbeadh bearta atá údaraithe i gceart agus idirdheighilt dhóthanach sna dualgais i bhfeidhm.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe, ar an gCoiste Iniúcháireachta, ar an Iniúchóir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinsithe allamuigh, atá de réir na dTearmaí Tagartha Iniúcháireachta Inmheánaí agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

#### **Athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais ar rialú inmheánach**

Faomhann an Coiste Iniúcháireachta Plean Iniúcháireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timthrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar na tascanna a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Deimhnímid go ndearna an Coiste Iniúcháireachta de réir Alt 5.2.1 de théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta, mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe. Mar sin rinne an Coiste Iniúcháireachta na tuairiscí ar Rialuithe Inmheánacha agus ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017 a athbhreithniú ag a gcruinniú ar 17 Deireadh Fómhair 2017 agus thug siad tuairisc don Bhord Rialaithe ar 7 Nollaig 2017.

#### **Cúrsaí Neamhchomhlíontachta agus Laigí ar Rialú Inmheánach**

Ní raibh laigí ar bith i rialú inmheánach a raibh mar thoradh orthu cailteanais, teagmhais nó neamhchinnteachtaí ábhartha a d'éiligh nochtadh sna ráitis airgeadais.

D'fhonn an Cód Cleachtas le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) a léiriú, d'fhoilsigh THEA Cód Rialachais athbhreithnithe le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta, atá i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2018; d'fhaomh an Bord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí an cód sin ar 12 Aibreán 2018.

Tá an Bord Rialaithe tiomanta do chur i bhfeidhm an chóid nua faoi 31 Nollaig 2018. Le linn na tréimhse a bhfuil tuairisc á tabhairt ina leith measann an Bord Rialaithe gur comhlíonadh riachtanais Chód 2012 nó i gcás neamhchomhlíontachta gur tugadh míniú dóthanach. Maidir le fochuideachtaí, tá ábharthacht an Chóid do chomhlachtaí dá leithéid faoi athbhreithniú faoi láthair go náisiúnta, ach glacfaidh boird na gcuideachtaí leis an gcód nua chomh fada agus is praiticiúil é a dhéanamh ar feitheamh le toradh an athbhreithnithe sin.

#### **Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe**



**Cathaoirleach:** Bob Savage

**Dáta:** 13 Nollaig 2018



**Uachtarán:** An Dr Barry O'Connor

**Dáta:** 13 Nollaig 2018



## 6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de

- an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimseach
- an ráiteas ar athruithe ar chúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas Institiúide comhdhlúite ar an stádas airgeadais
- an ráiteas comhdhlúite ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre de na beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus riocht airgeadais an Ghrúpa agus na hInstitiúide ar 31 Lúnasa 2017 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin de réir na gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na raitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (ISA) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uas-Fhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin le fáil san aguisín don tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Institiúid agus tá mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Creidim gur dóthanach agus iomchuí í an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam chun bunús a chur ar fáil do mo thuairim.

#### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ábhair eile

Thug an Institiúid faisnéis áirithe eile in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí sin an ráiteas ar fhreagrachtaí na hInstitiúide agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt i dtaca le faisnéis dá leithéid, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht san aguisín don tuairisc seo.

Níl aon cheo le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

**Seamus McCarthy**  
**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**  
**19 Nollaig 2018**

## Aguisín do Thuairisc an ARC & C

### Freagrachtaí bhaill an Bhord Rialaithe

Leagann an ráiteas ar fhreagrachtaí na hInstitiúide freagrachtaí bhaill an Bhord Rialaithe amach. Tá baill an Bhord Rialaithe freagrach as

- ullmhúchán na ráiteas airgeadais san fhoirm atá leagtha síos in Achtanna na hInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir de réir FRS102
- rialtacht na mbeart a chinntiú
- measúnú ar cibé an bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh oiriúnach mar bhunús cuntasaióchta, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a chinneann siad a bheith riachtanach chun gur féidir na ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé de bharr calaíochta nó earráid.
- Aimsím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann go hábhartha leis an iniúchadh d'fhonn gnáthaimh iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní ar mhaithe le tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastacháin chuntasaióchta agus na noctuithe gaolmhara.
- Déanaim cinneadh ar an oiriúnacht a bhaintear as gnóthas leantach a úsáid mar bhunús cuntasaióchta agus, bunaithe ar an bhfianaise a aimsítear, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas na hInstitiúide leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinneim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na noctaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá a leithéid de noctaí uireasach, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a aimsíodh go dtí dáta mo thuairisce. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí tabhairt ar an Institiúid scoir de bheith ag leanúint mar ghnóthas leantach.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir Achtanna na hInstitiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 do Thithe an Oireachtais.

Is é atá mar aidhm agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ráthaíocht réasúnta a fháil cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíshonrú ábhartha i ngeall ar chalaíochta nó earráid. Is leibhéal ard í ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht í go mbraithfidh iniúchadh a rinneadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe tarlú i ngeall ar chalaíochta nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta, ina n-aonar nó go comhiomlán, go bhféadfaidís tionchar a imirt ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a bheadh bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

Mar chuid den iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn na hiniúchóireachta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na rioscaí a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú cibé acu i ngeall ar chalaíochta nó earráid; dearaim agus déanaim gnáthaimh iniúchóireachta atá ag freagairt do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúchóireachta atá dóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur ar fáil don tuairim atá agam. Bíonn an baol a bhaineann le gan míshonrú ábhartha a bhrath mar thoradh ar chalaíochta níos airde ná ceann mar thoradh ar earráid, de bhí go bhféadfadh claonpháirteachas a bheith i gceist le calaíochta, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh

- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair foriomlán, ar struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, ar a n-áirítear na noctaí, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na bunbhearta agus imeachtaí ar bhealach a chuireann cur i láthair cóir i gcrích.

Cuirim in iúl dóibh siúd a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc ábhar eile, scóp agus amú na hiniúchóireachta agus cinntí suntasacha iniúchóireachta, ar a n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas dá bhfuil sna ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais faisnéis ar bith eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní thugaim cineál tátal ráthaíochta maidir leis sin.

Mar chuid de m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht, an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, smaoineamh ar cibé an bhfuil an t-eolas eile seo neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fhaighim le linn an iniúchta, nó má bhíonn an chuma air go bhfuil sé míshonraithe ar bhealach eile. Más é mo thuairim agus í bunaithe ar an obair atá déanta go bhfuil an t-eolas sin míshonraithe go hábhartha, bíonn orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairiscíú ar ábhair eile**

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird agam ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán. Tuairiscím má bhíonn cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má bhíonn cás ábhartha ar bith nuair nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím trí eisceacht freisin, de réir mo thuairime,

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó
- murar leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh ceart agus éasca a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- mura bhfuil an t-eolas a thug na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

## 6.2.4 Ráiteas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017

	Nóta	Comhdhlúite 31/08/17 €000's	Institiúid 31/08/17 €000's	Comhdhlúite 31/08/16 €000's	Institiúid 31/08/16 €000's
<b>Ioncam</b>					
Deontas Stáit	3	41,348	41,348	38,456	38,456
Táillí Teagaisc & Cion na Mac Léinn	4	35,502	35,502	34,891	34,891
Deontais & Conarthaí Taighde	5	12,045	11,142	13,157	12,462
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	7	549	549	486	486
Ioncam Eile	8	7,857	4,033	6,836	3,485
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	20	5,628	5,597	5,885	5,844
Ioncam ó Ús		28	19	34	34
Cistiú Pinsin Iarchurtha	28	24,404	24,404	-	-
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>127,361</b>	<b>122,594</b>	<b>99,745</b>	<b>95,658</b>
<b>Caiteachas</b>					
Costais Foirne	9	68,709	66,783	68,284	66,507
Cistiú Sochar Scoir	28	24,404	24,404	-	-
Costais Oibriúcháin Eile	10	24,042	21,391	24,800	22,751
Dímheas	13	5,890	5,693	6,037	5,839
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>123,045</b>	<b>118,271</b>	<b>99,121</b>	<b>95,097</b>
<b>Barrachas roimh ghnóthachain/(cailteanais) eile agus sciar den bharrachas/(easnamh) i gcomhfhiontair &amp; comhpháirtithe</b>					
		<b>4,316</b>	<b>4,323</b>	<b>624</b>	<b>561</b>
Sciar den Bharrachas Oibriúcháin i gcomhfhiontar	5	215	215	97	97
<b>Barrachas roimh Cháin</b>		<b>4,531</b>	<b>4,538</b>	<b>721</b>	<b>658</b>
Cánachas		(6)	-	-	-
<b>Barrachas roimh ghnóthachain agus cailteanais eile</b>		<b>4,525</b>	<b>4,538</b>	<b>721</b>	<b>658</b>
Ghnóthachain/(cailteanais) ó thaithí ar Oibleagáidí sochar scoir		-	-	-	-
Athruithe ar thiomhdí bunluacha faoi láthair oibleagáidí sochar pinsin	28	10,474	10,474	-	-
Ghnóthachain/(cailteanais) achtútha iomlána sa bhliain		10,474	10,474	-	-
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir		(10,474)	(10,474)	-	-
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>	<b>12</b>	<b>4,525</b>	<b>4,538</b>	<b>721</b>	<b>658</b>

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



**Cathaoirleach:** Bob Savage  
**Dáta:** 13 Nollaig 2018



**Uachtarán:** An Dr Barry O'Connor  
**Dáta:** 13 Nollaig 2018

## 6.2.5 Ráiteas Comhdhlúite faoi Athruithe i gCúlchistí agus Cuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017

	Nóta 20		Nóta 22		Cúlchiste Caipitil Student Services Co Ltd €000's	Cúlchiste Ioncaim €000's	Iomlán €000's
	Deontais Chaipitil larchurtha Athshonraithe €000's	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000's	Cúlchiste Srianta €000's				
<b>Iarmhéid ar 1 Meán Fómhair 2015</b>	<b>103,802</b>	<b>6,270</b>	<b>9</b>	<b>321</b>	<b>(248)</b>	<b>110,154</b>	
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	-	721	721	
Amúchadh Deontais Chaipitil larchurtha	(5,885)	-	-	-	-	(5,885)	
Deontais Taighde & Chonartha							
Cionroinnte do Chaipiteal	782	-	-	-	-	782	
Táillí Cionroinnte do Chaipiteal	29	-	-	-	-	29	
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	1,335	-	-	-	-	1,335	
Aistriú go CDR	-	30	-	-	(30)	-	
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(3)	-	-	3	-	
Aistriú ó CDR go DCG	1,485	(1,485)	-	-	-	-	
<b>Gluaiseacht don tréimhse</b>	<b>(2,254)</b>	<b>(1,458)</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>694</b>	<b>(3,018)</b>	
<b>Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>101,548</b>	<b>4,812</b>	<b>9</b>	<b>321</b>	<b>446</b>	<b>107,136</b>	
Barrachas don bhliain roimh leithghabhálacha	-	-	-	-	4,525	4,525	
Amúchadh Deontais Chaipitil larchurtha	(5,625)	-	-	-	-	(5,625)	
Suimeanna scaoilte ar Dhiúscairt							
Sóchmainní Seasta	(3)	-	-	-	-	(3)	
Deontais Taighde & Chonartha							
Cionroinnte do Chaipiteal	111	-	-	-	-	111	
Deontas Stáit Cionroinnte do Chaipiteal	1,968	-	-	-	-	1,968	
Tacaíocht Mhic Léinn cionroinnte do Chaipiteal	15	-	-	-	-	15	
Aistriú go CDR	-	2,987	-	-	(2,987)	-	
Aistriú ó CDR go Caiteachas	-	(225)	-	-	225	-	
Aistriú ó CDR go DCG	219	(219)	-	-	-	-	
Aistriú ó CDR go Ioncaim Cúlchistí	-	(122)	-	-	122	-	
<b>Gluaiseacht don tréimhse</b>	<b>(3,315)</b>	<b>2,421</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>1,885</b>	<b>991</b>	
<b>Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>98,233</b>	<b>7,233</b>	<b>9</b>	<b>321</b>	<b>2,331</b>	<b>108,127</b>	

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Cathaoirleach: Bob Savage  
Dáta: 13 Nollaig 2018



Uachtarán: An Dr Barry O'Connor  
Dáta: 13 Nollaig 2018

## 6.2.6 Ráiteas Comhdhlúite agus Institiúide faoin Staid Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017


	Nóta	Comhdhlúite 31/08/17 €000's	Institiúid 31/08/17 €000's	Comhdhlúite 31/08/16 €000's	Institiúid 31/08/16 €000's
<b>Sócmhainní Seasta</b>					
Maoín, gléasra & trealamh	13	99,518	98,931	102,587	101,956
Infheistíochtaí	14	217	50	216	50
		<b>99,735</b>	<b>98,981</b>	<b>102,803</b>	<b>102,006</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>					
Fardal		92	-	111	-
Infháltais	15	7,873	7,359	5,214	5,081
Airgead agus Coibhéisí Airgid	16	21,946	21,188	13,931	12,965
		<b>29,911</b>	<b>28,547</b>	<b>19,256</b>	<b>18,046</b>
<b>Lúide Suimeanna Iníochta; dlíte laistigh de 1 bhliain</b>					
	17	<b>(20,731)</b>	<b>(20,389)</b>	<b>(14,633)</b>	<b>(14,312)</b>
<b>Glandliteanais Reatha</b>					
		<b>9,180</b>	<b>8,158</b>	<b>4,623</b>	<b>3,734</b>
<b>Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha</b>					
		<b>108,915</b>	<b>107,139</b>	<b>107,426</b>	<b>105,740</b>
<b>Suimeanna Iníochta; Suimeanna dlíte i ndiaidh 1 bhliain</b>					
	18	-	-	(3)	(3)
Soláthairtí in aghaidh Dlíteanas & Muirear	21	(788)	(788)	(287)	(287)
<b>Sochar Scoir</b>					
Oibleagáidí sochar scoir	28	355,107	355,107	337,603	337,603
Sócmhainn chistithe iarchurtha sochar scoir	28	(355,107)	(355,107)	(337,603)	(337,603)
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>					
		<b>108,127</b>	<b>106,351</b>	<b>107,136</b>	<b>105,450</b>
<b>Deontais Chaipitil Iarchurtha</b>					
	20	98,233	98,168	101,548	101,483
<b>Cúlchiste Caipitil Forbartha</b>					
	22	7,233	7,233	4,812	4,812
Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd		321	-	321	-
Cúlchiste Srianata		9	9	9	9
		<b>7,563</b>	<b>7,242</b>	<b>5,142</b>	<b>4,821</b>
<b>Cúlchistí Neamshrianata</b>					
Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais Iomlán		2,331	941	446	(854)
		<b>2,331</b>	<b>941</b>	<b>446</b>	<b>(854)</b>
<b>Iomlán</b>					
		<b>108,127</b>	<b>106,351</b>	<b>107,136</b>	<b>105,450</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



**Cathaoirleach:** Bob Savage  
Dáta: 13 Nollaig 2018



**Uachtarán:** An Dr Barry O'Connor  
Dáta: 13 Nollaig 2018

## 6.2.7 Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabha Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017

	Bliain dar Críoch 31/08/17 €000's	Bliain dar Críoch 31/08/16 €000's
<b>Sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	4,525	721
Dímheas ar shócmhainní seasta	5,890	6,037
Amúchadh deontais chaipitil iarchurtha (Méadú)/ Laghdú ar Stoc	(5,628)	(5,886)
Laghdú/(Méadú) ar Infháiltas	19	(21)
Méadú ar Iníochtaí	(2,158)	5,556
Laghdú ar Infheistíochtaí	6,095	178
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(1)	4
Ioncam ó Infheistíochtaí	3	1
Ioncam ó Ús	(215)	(195)
Cistí Stáit cionroinnte do chaipiteal	(28)	(34)
Méadú ar Chúlchiste Srianta	2,094	2,146
	-	9
<b>Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochta Oibriúcháin</b>	<b>10,596</b>	<b>8,516</b>
<b>Sreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	(2,824)	(4,048)
<b>Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Infheistíochta</b>	<b>(2,824)</b>	<b>(4,048)</b>
<b>Sreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais</b>		
Ioncam ó Infheistíocht	215	195
Ús Faighte	28	34
<b>Glansreabha Airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais</b>	<b>243</b>	<b>229</b>
<b>Glanmhéadú/(Laghdú) ar choibhéisí airgid sa bhliain</b>	<b>8,015</b>	<b>4,697</b>
Airgead & Coibhéisí Airgid ar 1 Meán Fómhair	13,931	9,234
<b>Airgead &amp; Cóibhéisí Airgid ar 31 Lúnasa</b>	<b>21,946</b>	<b>13,931</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad Nótaí 1 – 29.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



**Cathaoirleach:** Bob Savage  
Dáta: 13 Nollaig 2018



**Uachtarán:** An Dr Barry O'Connor  
Dáta: 13 Nollaig 2018

## 6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017

### 1. Polasaithe Suntasacha Cuntasaíochta

Tá achoimre thíos ar na polasaithe cuntasaíochta a meastar a bheith ábhartha do na ráitis airgeadais. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go seasta ar feadh na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

#### a) Faisnéis Ghinearálta

Is iad príomhchuspóirí na hInstitiúide ná oideachas tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur ar fáil.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcomhghnás stairiúil costais, de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS102) atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus fógartha le haghaidh úsáide in Éirinn ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus de réir riachtanais an Údarás um Ard-Oideachas.

Is é an Euro airgeadra feidhmeach FRS102 Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí de bhrí gurb é sin airgeadra na timpeallachta príomha geilleagair ina bhfeidhmíonn an Institiúid. Cuirtear na ráitis chomhdhlúite airgeadais i láthair in Euro freisin. Cuimsítear beartanna eachtracha de réir na bpolasaithe atá leagtha amach thíos.

#### b) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Comhdhlúthaíonn na ráitis airgeadais Grúpa na ráitis airgeadais Institiúide agus a cuid gníomhaíochtaí fochuideachta a rinneadh go dtí 31 Lúnasa 2017.

Comhdhlúthaítear torthaí fochuideachtaí a fuarthas nó a díoladh do na tréimhsí ó nó go dtí an dáta nuair a athraíodh an smacht.

Déantar coigeartuithe, de réir mar is gá, ar ráitis airgeadais fochuideachtaí chun na polasaithe cuntasaíochta a úsáidtear a bheith ar aon dul leo siúd a úsáideann an Grúpa. Fágtar gach beart, iarmhéid, ioncam agus costas idirghrúpa as an áireamh nuair a dhéantar comhdhlúthú.

#### c) Gnóthas Leantach

Tá an tÚdarás Rialaithe sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an Institiúid chun freastal ar a cuid oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Mar sin, leanann siad de bhonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh mar bhonn cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

#### d) Maoin, Gléasra agus Trealamh

##### (i) Talamh agus Foirgnimh

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó luacháil, glan ar dhímheas agus soláthar ar bith in aghaidh lagaithe. Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, cés moite de mhaoine agus talamh ruilse, de réir rátaí atá ríofa chun costas nó luacháil, lúide an luach iarmharach measta, gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn dronlíne thar a shaol inúsáidte measta, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruilse 30 – 50 bliain
---------------------------------

Seasann an luach iarmharach don méid measta a gheofaí ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairte a bhaint as, má bhí an tsócmhainn san aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saoil inúsáidte.

##### (ii) Trealamh

Ó 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh a mbaineann costas de níos lú ná €3,000 in aghaidh na míre aonair leis don chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Áit a mbíonn míreanna aonair trealaimh a ceannaíodh faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus a bhfuil an sonrasc iomlán ceannaigh os cionn na teorann, déantar na míreanna sin a chaipitliú ina n-aonar ar an ngnáthshlí. Déantar trealamh caipitlithe a dhímheas ar bhonn dronlíne thar a shaol geilleagrach inúsáidte mar seo a leanas:

Daingneáin & Feistithe agus Seomraí Réamhdhéanta san áireamh	5 – 10 mbliana
Carrchlóis	20 bliain
Trealamh Ríomhaire	3 bliana
Gléasra & Innealra	10 mbliana
Trealamh	5 bliana
Feithiclí Mótair	5 bliana



Déantar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar shaol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

**e) Gnóthais Chomhfhiontair**

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhlacha agus úsáid á baint as modh an chothromais. Aithnítear infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair i dtosach ar phraghas an bhirt (costais birt san áireamh) agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar na hInstitiúide den bhrabach nó den chailteanas agus ioncam cuimsitheach eile an ghnóthais chomhlaigh a léiriú. Tugtar cuntas ar cháilmheas a eascraíonn as fáil ghnóthas comhlach de réir an pholasaí atá leagtha amach thuas. Cuimsítear iarmhéid cáilmheasa neamhamúchta i luach tugtha anonn na hinfeistíochta i ngnóthais chomhfhiontair.

Tugtar cuntas i ráitis airgeadais na hInstitiúide ar infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair ar a gcostas lúide bearnú.

**f) Fardal**

Luaitear fardal ar an gcostas is lú agus meastar costas díola lúide costais a bhaineann le díol, rud atá coibhéiseach le glanluach infhaighte. Ríomhtar costas agus úsáid á baint as modh an FIFO (is túisce isteach is túisce amach). Déantar soláthar le haghaidh míreanna mallghluaisteacha nó lochtacha de réir mar is iomchuí. Baineann stoc a thaispeántar sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais le hearraí atá ar díol in Cosmos Education Limited agus do stoc intomhalta in Student Services Company Limited.

**g) Bearnú Sócmhainní**

Déantar measúnú ar shócmhainní, seachas iad siúd a mheastar ar luach cóir, le haghaidh táscairí bearnaithe. Má tá fianaise réadach ann ar bhearnú, aithnítear an cailteanas bearnaithe i mbrabús nó cailteanas mar a bhfuil cur síos air thíos.

**Sócmhainní Airgeadais**

Le haghaidh sócmhainní airgeadais a iompraítear ar a gcostas amúchta, is é méid an bhearnaithe ná an difríocht idir shuim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreabh airgid measta na todhchaí, lascainithe ag céad ráta éifeachtach úis na sócmhainne airgeadais.

Le haghaidh sócmhainní airgeadais a iompraítear ar a gcostas lúide bearnú, is é an cailteanas bearnaithe ná an difríocht idir glanluach na sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid a gheofaí ar an tsócmhainn dá ndíolfaí í ar an dáta tuairiscithe.

Áit a bhfuil táscairí le haghaidh laghdú ar chailteanas bearnaithe, agus gur féidir an laghdú a nascadh go hoibiachtúil le himeacht a tharlaíonn sular aithníodh an bearnú, déantar an réamhbhearnú a thástáil chun aisiompú a chinneadh. Déantar cailteanas bearnaithe a aisiompú ar shócmhainn airgeadais aonair bearnaithe a mhéid nach mbeidh mar thoradh ar an nglanluach in-aisghabhála athbhreithnithe suim atá níos airde ná an luach a bheadh tugtha anonn mura n-aithneofaí aon bearnú.

**h) Cánachas**

*(i) Cáin Chorparáideach*

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas cáin chorparáideach ná cáin ioncaim a íoc ar cheann ar bith dá cuid gníomhaíochtaí carthanachta. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha, ach de bhrí go bhfuil soláthar an oideachais ina ghníomhaíocht dhíolmhaithe nó nach ngearrtar cáin aschuir níl sí in ann cáin aschuir a fháil ar ais ar fhormhór a cuid ceannachán. Baineann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Institiúid leis an eangach CBL agus íocann an Institiúid cáin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin leis na hÚdaráis Ioncaim.

*(ii) Cánachas Iarchurtha*

I bhfochuideachtaí, nach bhfuil stádas carthanachta acu agus a bhfuil dliteanas cánach orthu dá bhrí sin, aithnítear cánachas iarchurtha i dtaca le difríochtaí uainithe a thionscnaíonn ach nach bhfuil freaschurtha ag dáta an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Déantar soláthar ag na rátaí a mbítear ag súil leo a bheith i bhfeidhm nuair a fhreaschuirtear na difríochtaí uainithe. Is ionann difríochtaí uainithe agus difríochtaí idir brabús inchánach agus torthaí mar a luaitear iad sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh eascairt as gnóthachain agus cailteanais a chuimsiú i mbrabús inchánach i ndifríocht thréimhse idir iad sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Áirítear glansócmhainn chánach iarchurtha mar mhéid in-aisghabhála agus, dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin nuair, agus ar bhonn gach fianaise atá ar fáil, gur féidir í a áireamh go bhfuil sí níos dóchúlá ná a mhalairt a bheith ina brabús cánach oiriúnach ónar féidir freaschur sa todhchaí na mbonndifríochtaí uainithe a bhaint as.

**i) Aitheantas Ioncaim*****Deontais Stáit:***

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

***Ioncam ó Tháillí***

Tugtar cuntas ar ioncam ó tháillí ar bhonn fabhráithe.

***Deontais Taighde agus Conarthaí***

Déantar ioncam ó Dheontais Thaighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar. Tá na haicmí bearta dá leithéid is coitianta leagtha amach thíos:

***(i) Tabhartais Neamhshrianta***

Cuimsíonn tabhartais neamhshrianta suimeanna a thugtar don Institiúid trí mheán airgid nó sócmhainne gan srian ar bith maidir le conas ba chóir úsáid a bhaint as an tabhartas. Déantar tabhartais dá leithéid a thaifeadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ar theidliocht don ioncam.

***(ii) Tabhartais le Srianta***

Déantar tabhartais le srianta a thaifeadh sa Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas ar theidliocht don ioncam. Coinnítear an t-ioncam srianta a fhaightear i gcúlchiste srianta go sealadach go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir na srianta.

***(iii) Deontais Taighde le Coinníollacha a bhaineann le Feidhmíocht***

Aithnítear ioncam ó dheontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas nuair a chomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Coinnítear deontais le coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha. Déantar an t-ioncam a thaifeadh ansin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

***(iv) Eile***

Déantar ioncam ó dheontais taighde eile a mheaitseáil le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana ina dtabhaítear an caiteachas a bhaineann leis.

***Mion-Oibreacha Caipitil***

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile.

I ngach cás aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear é.

***Ioncam ó Thaiscí Gearrthéarmach***

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

**j) Sochair Fostaithe*****(i) Sochair Scoir***

Is baill de scéim aonair pinsin na hearnála poiblí iad gach fostaí a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013 agus bronntar gach teidliocht pinsin eile foirne faoi scéim sochair shainithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntas na hEarnála Oideachais 2015. Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar A Úsáidtear agus dá bhrí sin coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Feidhmíonn an Institiúid Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí (“an Scéim Aonair”) ar scéim pinsin sochair shainithe le haghaidh seirbhíseach poiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir Acht Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Cuireann an Institiúid ar aghaidh go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe asbhaintí a dhéantar ó fhostaithe faoin Scéim Aonair.

Léiríonn na costais pinsin a mhuirearaítear ar chaiteachas sa bhliain na sochair a thuilleann fostaithe reatha le linn na bliana agus breactar iad glan ar ranníocaíocht pinsin foirne a choinníonn an Institiúid i dtaca le (i) Scéim Aoisliúntais Earnáilán Oideachais 2015, agus (ii) an Scéim Aonair, a chuirtear ar ais chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athleasaithe. Aithnítear suim atá comhfhreagrach leis an gcostas pinsin mar ioncam a mhéid atá sé in-athghabhála.

Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ag an Institiúid ón Údarás um Ard-Oideachas.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na hInstitiúide maidir lena foireann reatha amháin agus cistiú gaolmhar ar bith. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair pinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Ní chuirtear dliteanais pinsin i dtaca le hiarfhostaithe a bhfuil pinsin á bhfáil acu san áireamh. Tomhaistear dliteanais a bhaineann le scéim pinsin scoir ar bhun achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Ní cuid de Scéim na hEarnála Poiblí iad baill foirne fhochuideachta agus feidhmíonn gach cuideachta a scéim phríobháideach féin.

*(ii) Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amháil pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ní bhaineann fabhrú in aghaidh pá saoire leis an bhfoireann Acadúil ag deireadh na bliana i ngeall ar nádúr a gcuid conarthaí.

**k) Airgeadraí Eachtracha**

Déantar bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an bhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe a thaifeadadh in airgeadraí eachtracha ar dháta an Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin.

**l) Léasanna**

Déantar sócmhainní faoi léasanna airgeadais, conarthaí fruilcheannaigh agus socruithe dá leithéid a thugann cearta agus oibleagáidí cosúil leo siúd a bhaineann le sócmhainní faoi úinéireacht a chaipitliú mar shócmhainní seasta inláimhsithe ag luach cóir na sócmhainní ar léas (nó, más lú, luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa mar a chinntear ag tús an léasa) agus atá dímhéasta thar an gceann is giorra de na téarmaí léasa agus a saoil inúsáidte. Déantar na heilimintí caipitil d'oibleagáidí léasa sa todhcháil a thaifeadadh mar dhliteanais, agus cuirtear mar mhuirear na heilimintí úis don chuntas brabúis agus cailteanais thar thréimhse na léasanna chun ráta tairiseach tréimhsiúil úis a chur ar fáil ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

Cuirtear de mhuirear cíosa faoi léasanna atá ag feidhmiú ar bhonn dronlíne thar théarma an léasa, fiú mura ndéantar íocaíochtaí ar bhonn dá leithéid. Leatar sochair atá faighte agus infhaighte mar dhreasacht chun léas oibriúcháin a shíniú ar an gcaoi chéanna ar bhonn dronlíne thar thréimhse an léasa.

**m) Cuntas Caipitil Iarchurtha**

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach neamhamúchta na gcistí carntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

**n) Cúlchistí**

**Cúlchiste Caipitil Forbartha**

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha ná cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as Táillí Clárúcháin na Mac Léinn, bronntanais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

**2. Breithiúnais Chriticiúla Chuntasáíochta agus Príomhfhoinisí Meastacháin**

Agus polasaithe cuntasáíochta na hInstitiúide á gcur i bhfeidhm, a bhfuil cur síos orthu i Nóta 1, éilítear ar an mBord Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh i dtaobh suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach follas go héasca ó fhoinisí eile. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thairbhí stairiúil agus tosca eile a meastar a bheith ábhartha. D'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith difriúil leis na meastacháin seo.

Déantar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar na meastacháin chuntasáíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú mura mbaineann an t-athbhreithniú ach leis an tréimhse sin, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus tréimhsí sa todhcháil má bhaineann an t-athbhreithniú le tréimhsí reatha agus tréimhsí sa todhcháil araon.

**Príomh-Bhreithiúnais a bhFeidhmiú Polasaithe Cuntasáíochta na hInstitiúide**

Is mar seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, cés moite díobh sin a mbaineann meastacháin leo (a ndéileálar leo ar leithligh thíos), a rinne an Bord Rialaithe sa phróiseas i dtaca le polasáí cuntasáíochta na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus is mó a imríonn an éifeacht is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

**(a) Oibleagáid Sochar Scoir**

Déantar nua-shonrú bliantúil atá bunaithe ar chúinsí eacnamaíochta reatha ar na toimhdí atá mar bhunús le luachálacha achtúireacha lena gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe sa todhchaí ar léibhéil chúitimh, rátaí básmhaireachta agus treochtaí rátaí chostas cúraim sláinte), agus ar athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha pleananna pinsin agus iarscoir.

Ar na rudaí a imríonn tionchar ar na toimhdí tá:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar bhrabús ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) Leibhéil chúitimh sa todhchaí, cúinsí margadh saothair sa todhchaí
- (iii) Ráta treochta cúraim sláinte, ráta boilscithe sa chostas leighis sna réigiúin ábhartha

**b) Pá Saoire**

Ríomhtar fabhrú phá saoire agus tagairt do na laethanta saoire amuigh ag deireadh na bliana. Ní fhaigheann baill foirne acadúla fabhrú ag deireadh na bliana i ngeall ar nadúr a gconartha.

**c) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Ríomhtar dímheas bunaithe ar mheastachain agus toimhdí maidir le shaol eacnamaíoch úsáideach agus luach iarmharach measta na sócmhainne.

**3. Deontais Stáit**

	Cionroinnte do Chaiteachas Athfhillteach €000's	Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil €000's	2017 Iomlán €000's	2016 Iomlán €000's
Caiteachas Athfhillteach – ÚAO	41,028	1,388	42,416	38,866
Deontas Caipitil – ÚAO	320	580	900	900
<b>Iomlán 2017</b>	<b>41,348</b>	<b>1,968</b>	<b>43,316</b>	<b>39,766</b>
<b>Iomlán 2016</b>	<b>38,456</b>	<b>1,310</b>	<b>39,766</b>	

## 4. Táillí Teagaisc agus Cion na Mac Léinn

	2017				2016			
	Mic Léinn CLA	Stát-Mhaoinithe	Neamh-Stát-Mhaoinithe	Iomlán €000's	Mic Léinn CLA	Neamh-Stát Athshonraithe	Neamh-Stát-Mhaoinithe	Iomlán €000's
Táillí Íoctha ag an Stáit	6,853	5,330	-	5,330	6,531	5,150	-	5,150
Táillí Neamh-AE	77	-	519	519	176	-	1,396	1,396
Táillí íoctha ag Mic Léinn nó ar son Mac Léinn	908	636	1,656	2,292	990	618	1,940	2,558
Táillí d'Foghlaim ar Feadh an tSaoil & Táillí Eile	1,605	85	4,921	5,006	1,680	91	4,292	4,383
Cion na Mac Léinn & Táillí Athscrúdaithe san Áireamh	-	10,711	11,644	22,355	-	10,733	10,671	21,404
	<b>9,443</b>	<b>16,762</b>	<b>18,740</b>	<b>35,502</b>	<b>9,377</b>	<b>16,592</b>	<b>18,299</b>	<b>34,891</b>
Míreanna Caipitil a ghearratar ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil	-	-	-	-	-	-	(29)	(29)
Aistriú go Cúlchiste Forbartha Caipitil	-	-	-	(1,876)	-	-	-	(3)
<b>Líon na Mac Léinn/Glanioncam ó Tháillí</b>	<b>9,443</b>	<b>16,762</b>	<b>18,740</b>	<b>33,626</b>	<b>9,377</b>	<b>16,592</b>	<b>18,270</b>	<b>34,859</b>

D'íoc an tÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €3.942m le haghaidh cúrsaí Céime lánaimseartha agus €750k le haghaidh cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime agus €656k do Springboard/Scileanna ICT, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE. D'íoc SUSI táillí sa bhliain de €10.108m in 2017 (€9.852m in 2016).

Luaitear líon na mac léinn mar choibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

Tá Míreanna Caipitil de €0k (2016 €29k) curtha de mhuirear ar Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil.

## 5. Deontais agus Conarthaí Taighde

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>lomlán</b>	<b>lomlán</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
<b>Ioncam</b>		
Stát ÚAO	382	484
Stát Eile	6,239	6,231
Aontas Eorpach	2,663	4,238
Tionscal	798	763
Eile	2,074	2,222
Díbhinn	215	97
Cionroinnte do Chaipiteal	(111)	(781)
	<b>12,260</b>	<b>13,254</b>
<b>Caiteachas</b>		
Costais Pá	6,239	6,342
Costais Neamh-Phá	5,466	6,863
Dímheas Neamh-Stát	66	-
	<b>11,771</b>	<b>13,205</b>
<b>Glantoradh</b>	489	49
Aistrithe ó CDR go Caiteachas	225	2
<b>Barrachas don Bhliain</b>	<b>714</b>	<b>51</b>

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €965k i dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuílleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais i dtaca le hobair taighde a rinneadh. D'íoc an tÚAO deontais i leith Taighde & Forbartha de €583m in 2017 (€2.113m in 2016).

## 6. Anailís ar Ioncam Faighte ón Stát

Ainm an Deontóra	larchur Op 01/09/16 €000's	Deontas faighte €000's	larchur CL 31/08/17 €000's	I&E 2017
<b>Notá 3 – Deontas Stáit</b>				
ÚAO	508	43,848	(1,882)	42,474
Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil	-	-	-	(1,388)
<b>Ioncam ón Stát</b>	<b>508</b>	<b>43,848</b>	<b>(1,882)</b>	<b>41,086</b>
<b>Nóta 4 - Táillí Teagaisc agus Cion na Mac Léinn</b>				
ÚAO	-	5,330	-	5,330
Fáilte Éireann	-	365	-	365
Roinn Oideachais & Scileanna	-	9	-	9
Stát - Eile	-	954	-	954
SUSI	-	10,108	-	10,108
<b>Táillí Teagaisc agus Cion na Mac Léinn</b>	<b>-</b>	<b>16,766</b>	<b>-</b>	<b>16,766</b>

6. Anailís ar Ioncam Faighte ón Stát (*ar leanúint*)

Ainm an Deontóra	Iarchur Op 01/09/16 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/17 €000's	I&E 2017
<b>Nóta 5 – Deontais Taighde &amp; Conarthaí</b>				
Bord Iascaigh Mhara	10	14	4	28
Comhairle Chontae Chorcaí	3	28	20	51
Gárda Cóta na hÉireann	8	39	(17)	30
Comhairle Chathair Chorcaí	1	42	-	43
An Roinn Talmhaíochta & Bia	102	439	(323)	218
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	2	-	-	2
An Roinn Oideachais & Scileanna	(25)	121	20	116
Fiontar Éireann	224	2,925	(460)	2,689
Gníomhaireacht Chosanta Comhshaoil	141	917	(332)	726
Bord Soláthair Leictreachais	199	4	(101)	102
Fáilte Éireann	-	162	-	162
An tÚdarás um Ard-Oideachas	(167)	583	(33)	383
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	17	-	(5)	12
Comhairle Taighde na hÉireann	39	180	(70)	149
Léargas	(17)	67	(3)	47
Institiúid na Mara	24	26	(21)	29
Coláiste Ollscoile Chorcaí	(61)	104	13	56
Seirbhís Dóiteáin Chathair Phort Láirge	2	-	-	2
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	-	30	(5)	25
An Fóram Náisiúnta do Theagasc & Foghlaim	57	21	(11)	67
An Lárionad Barr Feabhais i dTeagasc & Foghlaim				
Matamaitice & Teagasc & Foghlaim Eolaíochta	(4)	23	(18)	1
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	1	-	(1)	-
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	5	20	(20)	5
Fuinneamh Inmharthana Éireann	-	-	49	49
Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann	438	956	(239)	1,155
Teagasc	37	152	26	215
Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta	(98)	134	21	57
Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath	6	23	27	56
Ollscoil Luimnigh	4	9	27	40
Institiúidí Teicneolaíochta – Eile	11	-	95	106
Tyndall	-	22	(22)	-
<b>Deontais &amp; Conartha Taighde</b>	<b>959</b>	<b>7,041</b>	<b>(1,379)</b>	<b>6,621</b>

**6. Anailís ar Ioncam Faighte ón Stát (ar leanúint)**

Ainm an Deontóra	Iarchur OP 01/09/16 €000's	Deontas faighte €000's	Iarchur CL 31/08/17 €000's	I&E 2017
<b>Nóta 7 – Cistiú Tacaíochta Mac Léinn</b>				
ÚAO	86	549	(71)	564
Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil	-	-	-	(15)
<b>Cionroinnte do Chaiteachas Caipitil</b>	<b>86</b>	<b>549</b>	<b>(71)</b>	<b>549</b>

**7. Cistiú Tacaíochta Mac Léinn**

	2017			2016
	Míchumais €000's	Cúnamh Mic Léinn €000's	Iomlán €000's	Iomlán €000's
Iarmhéid ar 1 Meán Fómhair	18	68	86	57
<b>Fáltais:</b>				
Údarás um Ard-Oideachas	243	306	549	541
<b>Suimeanna Feidhmithe:</b>				
Costais Pá	79	-	79	81
Costais Neamh-Phá	166	304	470	405
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>245</b>	<b>304</b>	<b>549</b>	<b>486</b>
Trealamh	15	-	15	26
Iarmhéid ar 31 Lúnasa	1	70	71	86

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus tá sé páirtmhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa.

**8. Ioncam Eile**

	2017 Iomlán €000's	2016 Iomlán €000's
Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe	3,572	3,407
Cíos ar Shaoráidí	5	24
Ioncam Ilghnéitheach	456	54
CIT Student Services Company Limited	3,824	3,351
	7,857	6,836
Aistriú go CDR	(133)	-
<b>Glantóradh</b>	<b>7,724</b>	<b>6,836</b>

Gintear an t-ioncam ó CIT Student Services Company Limited trí mhionmhargadh, bistro, siopa agus seirbhísí ceaintín a chur ar fáil do mhic léinn CIT.



## 9. Costais Foirne

Is é meánlíon na ndaoine (ar a n-áirítear sealbhóirí post sinsearach) a bhí fostaithe ag an Institiúid le linn na bliana, luaite mar choibhéis lánaimseartha ná:

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>Líon na bhfostaithe</b>	<b>Líon na bhfostaithe</b>
Teagasc agus taighde	682	658
Teicniúil	131	132
Príomhriarachán agus seirbhísí	210	206
	<b>1,023</b>	<b>996</b>

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
		<b>Restated</b>
Tuarastail agus Pá	61,270	61,295
Costais Leasa Shóisialta	5,395	5,115
Costais leasa fostóra	118	128
Fochuideachtaí	1,926	1,746
	<b>68,709</b>	<b>68,284</b>

### Cúiteamh le Príomh-Bhainistíocht

Ba é luach saothair iomlán le haghaidh pearsanra príomhbhainistíochta don bhliain ná iomlán €92,694 (2016: €172,830). Is iad atá mar phearsanra príomhbhainistíochta san Institiúid ná an tUachtarán agus baill an Bhord Rialaithe. Ba é an t-iomlán a íocadh leis an Uachtarán don bhliain ná €67,719 (2016: €146,034). Chuaigh an tUachtarán ar scor ar 31 Lúnasa 2016 agus athcheapadh é ó 1 Meán Fómhair 2016 go 31 Lúnasa 2017.

### Baill Foirne ar na Tuarastail is Airde

Tá glactha ag an Institiúid le luach tosaigh de €60,000 chun na baill foirne is airde tuarastal a shainaithint. Mar seo a leanas atá luach saothair bhaill foirne, i mbandaí tuarastail de €10,000 mar luach tosaigh:

<b>Bandaí Tuarastail</b>	<b>Comhdhlúite</b>	<b>Institiúid Amháin</b>	<b>Comhdhlúite</b>
	<b>Bliain dar Críoch 31 Lúnasa 2017</b>	<b>Bliain dar Críoch 31 Lúnasa 2017</b>	<b>Bliain dar Críoch 31 Lúnasa 2016</b>
60,000 - 70,000	132	131	156
70,001 - 80,000	126	125	188
80,001 - 90,000	160	160	68
90,001 - 100,000	36	36	32
100,001 -110,000	3	3	4
110001 - 120,000	-	-	-
120,001 - 130,000	-	-	-
130,001 - 140,000	-	-	-
140,001 - 150,000	-	-	2
> 150,000	-	-	-
<b>Móriomlán</b>	<b>457</b>	<b>455</b>	<b>450</b>

Ba é an figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíocht pinsin fostóra sa bhliain na €117k.

## 10. Costais Oibriúcháin

	2017				2016
	Costais Pá €000's	Dímheas €000's	Costais Oibriúcháin		Iomlán €000's
			Eile €000's	Iomlán €000's	
Ranna Acadúla	49,264	936	4,316	54,516	54,295
Seirbhísí Acadúla	2,092	357	1,127	3,576	3,347
Saoráidí	1,346	1,439	4,644	7,429	7,837
Príomhriarachán	6,902	1,519	3,713	12,134	11,365
Oideachas Ginearálta	377	-	381	758	1,058
Seirbhísí do Mhic Léinn	2,410	279	3,925	6,614	6,189
Maoiniú Tacaíochta Mac Léinn	79	-	470	549	486
Deontais & Conartha Taighde	6,239	1,360	5,466	13,065	14,544
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>68,709</b>	<b>5,890</b>	<b>24,042</b>	<b>98,641</b>	<b>99,121</b>
<b>Iomlán 2016</b>	<b>68,284</b>	<b>6,037</b>	<b>24,800</b>	<b>99,121</b>	

## Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

	Comhdhlúite 2017 €000's	Comhdhlúite 2016 €000's
	Ábhair & Tomhaltáin Eile	5,004
Ábhair Leabharlainne	233	232
Costais Ríomhaire	1,236	1,025
Oideachas Ginearálta	2,256	2,337
Seirbhísí do Mhic Léinn	851	1,877
Comhpháirtithe Tionscadail	956	2,406
Trealamh	1,021	1,026
Costais Foirgneamh	5,583	5,574
Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir	1,805	1,402
Costais Pearsanra	1,246	1,242
Táillí Gairmiúla	1,346	1,731
Luach Saothair Iniúcháir	35	36
Cumarsáid	207	264
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	641	577
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	561	493
Árachas	374	367
Gluaiseacht i Soláthar in aghaidh Drochfhiach	501	(286)
Costais Airgeadais	118	137
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	2	1
Eile	66	53
	<b>24,042</b>	<b>24,800</b>

**Ar na costais Oibriúcháin Eile bhí:**

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
Luach Saothair Iniúcháin;		
Iniúchadh ar an Institiúid ag C&AG	35	36
Seirbhísí Iniúcháireachta curtha ar fáil ag 3ú páirtí	23	5
Iniúchadh Seachtrach ar Fhochuideachtaí	15	15
Iniúchadh Inmheánach ar Fhochuideachtaí curtha ar fáil ag 3ú páirtí	9	9
	<u><b>82</b></u>	<u><b>65</b></u>

**11. Canachas**

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a cuid Fochuideachtaí cés moite de CIT Innovation Centre DAC díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach faoi ordú stádas carthanais.

Tá dliteanas de €6k ar CIT Innovation Centre DAC i leith Cáin Chorparáideach don bhliain.

**12. Toradh Airgeadais don Bhliain**

Tá an barrachas/(easnamh) don bhliain ar oibríochtaí leantacha comhdhéanta mar seo a leanas:

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
Barrachas/(easnamh) Institiúide don bhliain	4,431	657
Barrachas ginte ag fochuideachtaí agus gnóthais eile	94	64
	<u><b>4,525</b></u>	<u><b>721</b></u>

## 13. Maoin, Gléasra agus Trealamh

## Comhdhlúite

	Talamh & foirgnimh €000's	Daingneáin & feistí €000's	Trealamh ríomhaire €000's	Gléasra & innealra €000's	Troscán & trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
<b>Costas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	146,487	10,880	12,601	6,633	19,691	383	196,675
Breiseanna sa Bhliain	1,402	86	806	29	501	-	2,824
Diúscairtí sa Bhliain	-	(32)	(1,058)	(141)	(960)	(21)	(2,212)
<b>Ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>147,889</b>	<b>10,934</b>	<b>12,349</b>	<b>6,521</b>	<b>19,232</b>	<b>362</b>	<b>197,287</b>
<b>Dímheas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	50,200	9,245	11,894	4,297	18,088	364	94,088
Muirear don Bhliain	3,614	483	496	539	750	8	5,890
Díothaithe de bharr Diúscairte	-	(32)	(1,062)	(141)	(953)	(21)	(2,209)
<b>Ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>53,814</b>	<b>9,696</b>	<b>11,328</b>	<b>4,695</b>	<b>17,885</b>	<b>351</b>	<b>97,769</b>
<b>Glanluach de Réir Leabhar</b>							
<b>Ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>94,075</b>	<b>1,238</b>	<b>1,021</b>	<b>1,826</b>	<b>1,347</b>	<b>11</b>	<b>99,518</b>
<b>Ar 1 Meán Fómhair 2016</b>	<b>96,287</b>	<b>1,635</b>	<b>707</b>	<b>2,336</b>	<b>1,603</b>	<b>19</b>	<b>102,587</b>

Bhí €563k (2016 - €559k) de cheangaltais léasa ann ar 31 Lúnasa 2017.

Is leis agus coinníonn an Institiúid foirgneamh stairiúil a thugann cóiríocht do Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as chun críocha oibríochta, tugtar cuntas air mar shócmhainn seasta, seachas mar shócmhainn oidhreachta.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Amharc-Ealaíne d'fhonn an timpeallacht teagaisc a fheabhsú ach ní mheastar é sin mar shócmhainn oidhreachta.

### 13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (*ar lean.*) – i dtaca leis an mbliain roimhe

#### Comhdhlúite

	Talamh & foirgnimh €000's	Daingneáin & feistí €000's	Trealamh ríomhaire €000's	Gléasra & innealra €000's	Troscán & trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
<b>Costas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2015	144,476	10,568	12,767	6,530	18,988	371	193,700
Breiseanna sa bhliain	2,127	446	520	103	840	12	4,048
Diúscairtí sa Bhliain	(116)	(134)	(686)	-	(137)	-	(1,073)
<b>Ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>146,487</b>	<b>10,880</b>	<b>12,601</b>	<b>6,633</b>	<b>19,691</b>	<b>383</b>	<b>196,675</b>
<b>Dímheas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2015	46,515	8,728	12,178	3,762	17,588	353	89,124
Muirear don Bhliain	3,801	651	402	535	637	11	6,037
Díothaithe de bharr Diúscairte	(116)	(134)	(686)	-	(137)	-	(1,073)
<b>Ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>50,200</b>	<b>9,245</b>	<b>11,894</b>	<b>4,297</b>	<b>18,088</b>	<b>364</b>	<b>94,088</b>
<b>Glanluach de Réir Leabhar</b>							
<b>Ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>96,287</b>	<b>1,635</b>	<b>707</b>	<b>2,336</b>	<b>1,603</b>	<b>19</b>	<b>102,587</b>
<b>Ar 1 Meán Fómhair 2015</b>	<b>97,961</b>	<b>1,840</b>	<b>589</b>	<b>2,768</b>	<b>1,400</b>	<b>18</b>	<b>104,576</b>

Bhí €559k (2015 - €317k) de cheangaltais léasa ann ar 31 Lúnasa 2016.

Is leis agus coinníonn an Institiúid foirgneamh stairiúil a thugann cóiríocht do Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as chun críocha oibríochta, tugtar cuntas air mar shócmhainn seasta, seachas mar shócmhainn oidhreachta.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Amharc-Ealaíne d'fhonn an timpeallacht teagaisc a fheabhsú ach ní mheastar é sin mar shócmhainn oidhreachta.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (*ar lean.*)

## Institiúid Amháin

	Talamh & foirgnimh €000's	Daingneáin & feistí €000's	Trealamh ríomhaire €000's	Gléasra & innealra €000's	Troscán & trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
<b>Costas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	146,482	9,329	12,464	6,632	19,551	384	194,842
Breiseáin sa bhliain	1,402	86	774	29	380	-	2,671
Diúscairtí sa Bhliain	-	(32)	(1,059)	(141)	(950)	(21)	(2,203)
<b>Ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>147,884</b>	<b>9,383</b>	<b>12,179</b>	<b>6,520</b>	<b>18,981</b>	<b>363</b>	<b>195,310</b>
<b>Dímheas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2016	50,199	8,224	11,827	4,296	17,975	365	92,886
Muirear don Bhliain	3,614	481	484	539	567	8	5,693
Díothaithe de bharr Diúscairte	-	(32)	(1,062)	(141)	(944)	(21)	(2,200)
<b>Ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>53,813</b>	<b>8,673</b>	<b>11,249</b>	<b>4,694</b>	<b>17,598</b>	<b>352</b>	<b>96,379</b>
<b>Glanluach de Réir Leabhar</b>							
<b>Ar 31 Lúnasa 2017</b>	<b>94,071</b>	<b>710</b>	<b>930</b>	<b>1,826</b>	<b>1,383</b>	<b>11</b>	<b>98,931</b>
<b>Ar 1 Meán Fómhair 2016</b>	<b>96,283</b>	<b>1,105</b>	<b>637</b>	<b>2,336</b>	<b>1,576</b>	<b>19</b>	<b>101,956</b>

Bhí €563k (2016 - €559k) de cheangaltais léasa ann ar 31 Lúnasa 2017.

Is leis agus coinníonn an Institiúid foirgneamh stairiúil a thugann cóiríocht do Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as chun críocha oibríochta, tugtar cuntas air mar shócmhainn seasta, seachas mar shócmhainn oidhreachta.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Amharc-Ealaíne d'fhonn an timpeallacht teagaisc a fheabhsú ach ní mheastar é sin mar shócmhainn oidhreachta.

13. Maoin, Gléasra agus Trealamh (*ar lean.*) – i dtaca leis an mbliain roimhe

## Institiúid Amháin

	Talamh & foirgnimh €000's	Daingneáin & feistí €000's	Trealamh ríomhaire €000's	Gléasra & innealra €000's	Troscán & trealamh €000's	Feithiclí Mótair €000's	Iomlán €000's
<b>Costas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2015	144,355	9,200	12,699	6,529	18,852	372	192,007
Breiseanna sa Bhliain	2,127	137	451	103	836	12	3,666
Diúscairtí sa Bhliain	-	(8)	(686)	-	(137)	-	(831)
<b>Ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>146,482</b>	<b>9,329</b>	<b>12,464</b>	<b>6,632</b>	<b>19,551</b>	<b>384</b>	<b>194,842</b>
<b>Dímheas</b>							
Ar 1 Meán Fómhair 2015	46,414	7,740	12,114	3,762	17,494	354	87,878
Muirear don Bhliain	3,785	492	399	534	618	11	5,839
Díothaithe de bharr Diúscairte	-	(8)	(686)	-	(137)	-	(831)
<b>Ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>50,199</b>	<b>8,224</b>	<b>11,827</b>	<b>4,296</b>	<b>17,975</b>	<b>365</b>	<b>92,886</b>
<b>Glanluach de Réir Leabhar</b>							
<b>Ar 31 Lúnasa 2016</b>	<b>96,283</b>	<b>1,105</b>	<b>637</b>	<b>2,336</b>	<b>1,576</b>	<b>19</b>	<b>101,956</b>
<b>Ar 1 Meán Fómhair 2015</b>	<b>97,941</b>	<b>1,460</b>	<b>585</b>	<b>2,767</b>	<b>1,358</b>	<b>18</b>	<b>104,129</b>

Bhí €559k (2015 - €269k) de cheangaltais léasa ann ar 31 Lúnasa 2016.

Is leis agus coinníonn an Institiúid foirgneamh stairiúil a thugann cóiríocht do Choláiste Ealaíne agus Deartha Crawford. De bhrí go mbaintear úsáid as chun críocha oibríochta, tugtar cuntas air mar shócmhainn seasta, seachas mar shócmhainn oidhreachta.

Coinníonn an Institiúid Bailiúchán Amharc-Ealaíne d'fhonn an timpeallacht teagaisc a fheabhsú ach ní mheastar é sin mar shócmhainn oidhreachta.

**14. Foghnóthais agus Infheistíochtaí**

Tá leas ag an Institiúid sna foghnóthais agus comhfhiontair seo a leanas:

**Foghnóthais**

Rinne an Institiúid CIT Student Services Company a chorprú in 1994 le haghaidh seirbhísí siopa agus ceantín a chur ar fáil do na mic léinn. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal.

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
Brabús don bhliain airgeadais	62	37
Glansócmhainní	1,356	1,294

Bunaíodh CIT Innovation Centre DAC, t/a The Rubicon i Lúnasa 2004 agus is é an lárionad goir ar an gcampas don Institiúid é. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an chuideachta.

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
Brabús don bhliain airgeadais	44	33
Glansócmhainní	91	47

Bhunaigh an Institiúid CIT Foundation Limited in Iúil 2007 chun cistí a thiomsú agus tabhartais a fháil. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal.

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
Brabús/(Caillteanas) don bhliain airgeadais	(8)	5
Glansócmhainní	311	319

Bhunaigh an Institiúid Cosmos Education Limited in Eanáir 2008 chun seirbhísí oideachasúla, taighde agus oiliúna a sheachadadh trí thaispeántas eolaíochta, oideachasúil agus cultúrtha a oibriú i Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe, Corcaigh. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í gan scairchaipiteal.

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000's</b>	<b>€000's</b>
Brabús/(Caillteanas) don bhliain airgeadais	(7)	3
Glansócmhainní	(1)	6



#### 14. Foghnóthais agus Infheistíochtaí (ar lean.)

Bhunaigh an Institiúid CIT Infinite DAC i Nollaig 2015 chun leasanna CIT a bhainistiú i mbinse tástála cothrománach Idirlíon na nEarraí ar a dtugtar INFINITE. Is fochuideachta ar lánúinéireacht í an fochuideachta. Ní dhearna an chuideachta trádáil sa tréimhse airgeadais.

##### Comhfhiontair

Bunaíodh GAC Training and Solutions Limited (GTSS) i bhFeabhra 2010 agus oiliúint tráchtála mar ghnó aici sna réimsí muirí ola, gáis, ceimiceáin agus tráchtearraí trádáilte. Cuimsíonn infheistíocht CIT 25,000 scair agus is ionann é sin agus 50% de scairsheilbh le GAC Shipping UK Limited ar leo an scairsheilbh eile de 50%.

Bunaíodh Seftec NMCI Offshore Training Limited (SNO) i mBealtaine 2010 agus é mar ghnó aici cúrsaí agus sainchomhairleoireacht a chur ar fáil do thionscal san fharraige amuigh agus muirí in Éirinn agus thar lear araon. Cuimsíonn infheistíocht GMIT 25,000 scair agus is ionann é sin agus 50% den scairsheilbh. Tá an 25,000 scair eile i seilbh SEFTec Global Training Ireland Limited ar leo an scairsheilbh eile de 50%.

Tá scairsheilbh mhionlaigh ag an Institiúid i roinnt cuideachtaí campais. Is é luach tugtha anonn na n-infheistíochtaí sin i ráitis airgeadais na hInstitiúide ná €373.84.

##### Infheistíochtaí

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017	2016	2017	2016
	€000's	€000's	€000's	€000's
Tá na hinfheistíochtaí atá á gcoinneáil mar seo a leanas:				
<b>Ar 1 Meán Fómhair</b>	216	220	50	50
Diúscairt	-	-	-	-
Gluaiseacht infheistíochtaí	1	(4)	-	-
<b>Ar 31 Lúnasa</b>	<b>217</b>	<b>216</b>	<b>50</b>	<b>50</b>

#### 15. Infháltais

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017	2016	2017	2016
	€000's	€000's	€000's	€000's
Infháltais Trádála	1,226	740	749	666
Deontais Taighde agus Conarthaí Infhála	3,044	2,905	2,969	2,700
Deontais Stáit Infhála	500	314	500	314
Táillí Acadúla Infhála	2,585	765	2,585	765
Réamhíocaíochtaí	452	379	452	379
Infháltais Eile	159	302	104	257
Díothú Infháltais Idir Co	(93)	(191)	-	-
	<b>7,873</b>	<b>5,214</b>	<b>7,359</b>	<b>5,081</b>

**16. Airgead agus Coibhéisí Airgid**

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017 €000's	2016 €000's	2017 €000's	2016 €000's
Airgead sa bhanc ar a n-áirítear iarmhéideanna atá coinnithe ar thaisce gearrthéarmach	16,946	9,931	16,188	8,965
Iarmhéideanna srianta bainc	5,000	4,000	5,000	4,000
	<b>21,946</b>	<b>13,931</b>	<b>21,188</b>	<b>12,965</b>

**17. Suimeanna Iníoctha: Dlite laistigh d'aon bhliain amháin**

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017 €000's	2016 €000's	2017 €000's	2016 €000's
Suimeanna Iníoctha Trádála	138	91	71	37
Deontais Taighde agus Conarthaí Réamhíoctha	6,777	5,143	6,568	4,802
Táillí Réamhíoctha	1,595	535	1,595	535
Deontais Stáit réamhfhaighte	1,942	822	1,942	822
Fabhruithe	8,266	6,268	8,170	6,186
Léasanna (Nóta 19)	3	85	3	85
Cáin agus Leas Sóisialta Eile Réamhíoctha	1,873	1,747	1,810	1,712
Suimeanna Eile Iníoctha Roimhré	230	133	230	133
Díothú Suimeanna Iníoctha Idir Co	(93)	(191)	-	-
<b>Creidiúnaithe Iomlána</b>	<b>20,731</b>	<b>14,633</b>	<b>20,389</b>	<b>14,312</b>

**18. Suimeanna Iníoctha: suimeanna dlite tar éis níos mó na bliain amháin**

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017 €000's	2016 €000's	2017 €000's	2016 €000's
Oibleagáidí Léasa Eile (Nóta 19)	-	3	-	3
	<b>-</b>	<b>3</b>	<b>-</b>	<b>3</b>

## 19. Ceangaltais Léasa

	Talamh & Foirgnimh 2017 €000's	Talamh & Foirgnimh 2016 €000's	Eile 2017 €000's	Eile 2016 €000's
<b>Léasanna Oibriúcháin</b>				
Is mar seo a leanas atá íos-íocaíochtaí iomlána don todhchaí faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:				
Laistigh de 1 bhliain	225	203	3	85
Idir 2 & 5 bliana	338	356	-	3
<b>Léas Airgeadais</b>				
Níos Mó ná 5 Bliana	-	-	-	-
<b>Ceangaltais Iomlána</b>	<b>563</b>	<b>559</b>	<b>3</b>	<b>88</b>

Chuaigh an Institiúid isteach i léas 3 bliana, saor ó ús, chun an Balla Dóiteáin TF a bhí aici a athsholáthar. Téann an léas in éag i Meán Fómhair 2016.

Tá cúig réadmhaoin ar léas ag an Institiúid, a n-éagfaidh dhá cheann díobh ar 31 Lúnasa 2019 agus na cinn eile ar 31 Nollaig 2017, 31 Eanáir 2018 agus 6 Márta 2020.

## 20. Deontais Chaipitil Iarchurtha

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017 €000's	2016 €000's	2017 €000's	2016 €000's
<b>Ar 1 Meán Fómhair</b>				
<b>Iarmhéid Tosaigh</b>	<b>101,548</b>	<b>103,802</b>	<b>101,483</b>	<b>103,723</b>
<b>Airgead faighte sa bhliain</b>				
Cionroinnte ón deontas athfhillteach Stáit	1,388	674	1,388	674
Deontas Stáit do Mhionobreacha Caipitil RO&S	580	636	580	635
Deontais Taighde & Conarthaí	111	781	80	755
Táillí Teagaisc – Féinmhaoinithe	-	29	-	29
Tacaíocht do Mhic Léinn	15	26	15	26
Maoinithe ó Chúlchiste Caipitil Forbartha	219	1,485	219	1,485
<b>Iomlán</b>	<b>2,313</b>	<b>3,631</b>	<b>2,282</b>	<b>3,604</b>
<b>Amúchta d'Ioncam agus Caiteachas sa bhliain</b>				
Amúchta ag teacht le dímheas	(5,593)	(5,844)	(5,594)	(5,843)
Sócmhainní seasta fochuideachta – dímheas	(32)	(40)	-	-
Suim scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(3)	(1)	(3)	(1)
Scaoileadh Cistí Caipitil Srianata	-	-	-	-
<b>Iomlán</b>	<b>(5,628)</b>	<b>(5,885)</b>	<b>(5,597)</b>	<b>(5,844)</b>
<b>Ar 31 Lúnasa</b>				
<b>Iarmhéid Deiridh</b>	<b>98,233</b>	<b>101,548</b>	<b>98,168</b>	<b>101,483</b>

**21. Soláthairtí in Aghaidh Dlíteanas agus Muirear**

	2017 €000's	2016 €000's
<b>Comhdhlúite agus Institiúide</b>		
Ar 1 Meán Fómhair	287	573
Curtha ar fáil le linn na bliana	501	(286)
	<u>788</u>	<u>287</u>

**22. Cúlchiste Caipitil Forbartha**

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017 €000's	2016 €000's	2017 €000's	2016 €000's
<b>Iarmhéid Tosaigh</b>	4,812	6,270	4,812	6,270
Ús tuillte	11	27	11	27
Aistriú ó Fhorbairt Mhic Léinn	1,876	3	1,009	3
Aistriú ó Ioncam Eile	133	-	1,000	-
Aistriú ó Dheontas Athfhillteach	967	-	967	-
Aistriú go Caiteachas	(225)	(3)	(225)	(3)
Tionscadail Chaipitil - Stát	(219)	(1,485)	(219)	(1,485)
Tionscadail Chaipitil – Neamh-Stát	(122)	-	(122)	-
<b>Iarmhéid Deiridh</b>	<u>7,233</u>	<u>4,812</u>	<u>7,233</u>	<u>4,812</u>

**Cúlchiste Caipitil - Student Services Co Ltd**

Fuarthas na cistí seo roimhe seo tar éis gur dúnadh lontaobhais. Tá an cúlchiste seo ainmnithe le haghaidh forbairtí caipitil sa todhchaí ar mhaithe le leas na mac léinn.

**23. Ceangaltais Chaipitil**

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2017 €000's	2016 €000's	2017 €000's	2016 €000's
Conradh déanta ach gan bheith curtha ar fáil	-	-	-	-
Údaraithe ach gan conradh déanta	3,564	3,500	3,564	3,500
	<u>3,564</u>	<u>3,500</u>	<u>3,564</u>	<u>3,500</u>

## 24. Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Institiúid socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu. Tá nósanna imeachta glactha ag an Institiúid de réir Chód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus chomhlíon an Institiúid na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

## 25. Dlíteanais Theagmhasacha

Ní raibh dlíteanais theagmhasacha ar bith ann ar 31 Lúnasa 2017.

## 26. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

Níor tharla imeachtaí suntasacha ar bith ó dháta an chlár comhardaithe a bhféadfadh impleachtaí a bheith ag baint leo maidir leis na ráitis airgeadais sin.

## 27. An Cumasc atá Beartaithe le IT Thrá Lí

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus IT Thrá Lí i mbun próisis faoi láthair chun ollscoil teicneolaíochta a dhéanamh. Tá dhá chuspóir romhainne, comhpháirtithe Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (OTM): ar an gcéad dul síos cumascadh chun institiúid aontaithe aonair a dhéanamh le misean/ffís shonrach agus shaintréitheach agus sa dara háit a bheith ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta mar aon le gach rud a chuireann an t-ainmniú sin in iúl i dtéarmaí a bheith nuálach, fiontraíoch agus freagrach do riachtanais na bpáirtithe leasmhara eárnála.

Tá éirithe linn go rathúil Céim 3 den phróiseas ainmnithe mar Ollscoil Teicneolaíochta a chur i gcrích. San áireamh sna toimhdí sin tá costais theilgthe cumaisc de €6.7 milliún thar 3 bliana chun costais aon uaire a chumhdach amhail táillí gairmiúla, córais agus cumarsáid TF. Is iad na costais a bhaineann leis an tionscadail seo atá cuimsithe sna cuntais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017 ná €527k.

De réir mar a achtaítear Acht na dTeicneolaíochtaí 2018, tá beartaithe ag comhpháirtíochtaí OTM aighneacht a dhéanamh le haghaidh Ainmiú Ollscoile Teicneolaíochta roimh dheireadh 2018. Is é atá pleanáilte ná ainmniú a bhaint amach, cumascadh le IT Thrá Lí agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a chruthú faoi Mheán Fómhair 2019.

## 28. Costais Sochair Scoir

### (i) Soláthar Foirne

Is baill den Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí iad baill foirne iontrálach nua, atá fostaithe ag an Institiúid i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir Act Pinsean na hEárnála Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Aistrítear asbhaint as tuarastail foirne faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an achta.

### (ii) Cur Síos ar an Scéim

Tugtar cuntas ar oibleagáidí sochair scoir den chéad uair sna ráitis airgeadais 2016/2017. Tá meastachán ar an staid thosaigh ar 1 Meán Fómhair 2016 déanta ag an achtúire, bunaithe ar chúinsí margaidh an uair sin.

### Scéim na hInstitiúide

Is socrú sainithe sochair pinsin an tuarastail dheiridh í an scéim pinsin agus sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do “mhúnla” reatha rialacháin scéim na heárnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í an Ghnáthaois Scoir ná 65ú lá breithe an bhaill, agus tá baill réamh- 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Téann na pinsin atá á n-íoc (agus iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú tuarastail ghinearálta na heárnála poiblí.

### Scéim Aonair

Is scéim pinsin ghairme í an Scéim Aonair do sheirbhísigh poiblí nua-iontrálacha a fostaíodh ó 1 Eanáir 2013. Is scéim pinsin le sochar sainithe í, agus na sochair scoir bunaithe ar mheántuarastal gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuim scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid seo, ar a dtugtar “suimeanna intagartha”, mar chéatadáin den tuarastal ar bhonn leantach. Déantar na suimeanna intagartha a fhabhraítear a athluacháil go bliantúil go dtí an scor i gcomhréir le méaduithe ar bhoilsciú (Praghasinnéacs Tomhaltóra). Is iomlán carnach de shuimeanna intagartha scéim pinsin an bhaill an pinsean bliantúil a bhronntar ar scor, agus an cnapshuim scoir a bhronntar is iomlán de shuimeanna intagartha scéim pinsin an bhaill í ar an gcaoi chéanna.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochtáí FRS 102 bunaithe ar lánluacháil achtúireach ag achtúire neamhspleách cáilithe agus aird ar riachtanais an FRS d'fhonn dlíteanais na scéime a mheasúnú ar 31 Lúnasa 2017. Níor cuireadh iarfhostaithe de chuid na hInstitiúide a bhfuil pinsean á fháil acu san áireamh sa luacháil.

Ba iad na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun na comhpháirteanna de chostas an tsochair shainithe a ríomh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017 mar seo a leanas:

	31 Lúnasa 2017	31 Lúnasa 2016
Ráta lascaine	2.15%	1.85%
Ráta boilscithe	1.75%	1.55%
Méaduithe ar thuarastal	3.25%	3.05%
Méaduithe ar phinsean	2.75%	2.55%

Ceadaíonn an ráta básmhaireachta a nglactar leis feabhsuithe in ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain ina mbaineann ball a aois scoir amach (aois 65). Tá líon na mball sa Scéim agus líon na mbásanna ró-bheag le anailís a dhéanamh orthu agus meastacháin shuntasacha ar bith sain-Scéime a fháil ar leibhéil básmhaireachta sa todhcháil.

Is é an meánionchas saoil sa todhcháil de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear chun dlíteanais pinsin a aimsiú ná:

	31 Lúnasa 2017 Blianta	31 Lúnasa 2016 Blianta
Fireannach in aois 65	21.1 blianta	-
Baineannach in aois 65	23.8 blianta	-

**(iii) Anailís ar na costais iomlána a bhaineann le sochar scoir a chuirtear de mhúirear leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach**

	31 Lúnasa 2017 €'000	31 Lúnasa 2016 €'000
Costas na seirbhíse reatha	21,533	-
Ús ar dhlíteanais na scéime sochair scoir	6,445	-
Ranníochtaí fostaí/sochair íoctha	(3,574)	-
	<u>24,404</u>	<u>-</u>

**(iv) Gluaiseacht ar ghlanobleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais**

	31 Lúnasa 2017 €'000	31 Lúnasa 2016 €'000
Glanoibleagáidí sochair scoir ar 1 Meán Fómhair	337,603	-
Glanchoistais Seirbhíse Reatha	17,959	-
Ranníocaíochtaí fostaí	3,574	-
Costais úis	6,445	-
Sochair íoctha sa tréimhse	-	-
(Caillteanas)/gnóthachan taithí ar dhlíteanais	-	-
Athruithe i dtoimhdí achtúracha	(10,474)	-
	<u>355,107</u>	<u>337,603</u>
Roinnte idir		
SPSPS	2,300	-
ESS	352,807	-

**(v) Sócmhainn cistithe iarchurtha do shochair scoir**

Tá an Institiúid forordaithe in I.R. Uimh. 581 de 2012 mar údarás ábhartha do chríocha na scéime aonair. Is é tuairim na hInstitiúide (de réir Alt 44 d'Acht 2012) go ndéanfaí dliteanas ar bith i dtaca leis an Scéim Aonair á fhritháireamh ag shócmhainn chóibhéiseach maidir le cistiú stáit sa todhchaí.

Aithníonn an Institiúid suimeanna atá le teacht ón Stát le haghaidh dliteanais iarchurtha neamhchistithe i gcomhair sochar scoir a bhaineann le Scéim Aoisliúntas Earnail an Oideachais 2015 ar bhonn na sraithe toimhdí a bhfuil cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí roimhe seo. San áireamh sna himeachtaí sin tá an bonn reachtúil le bunú na scéime sochair scoir, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm maidir le cistiú pinsin na seirbhíse poiblí ar a n-áirítear rannócaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Níl aon fhianaise ag an Institiúid nach leanfaidh an polasaí cistithe seo de bheith ag íoc suimeanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Ba é an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochar scoir a aithníodh sa Ráiteas ar Ionbcam Cuimsitheach mar seo a leanas:

	<b>31 Lúnasa 2017</b>	<b>31 Lúnasa 2016</b>
	<b>€'000</b>	<b>€'000</b>
Cistiú infhaighte i dtaca le scor na bliana reatha		
Costais sochair	24,404	-
Sochair íoctha sa bhliain	-	-
	<hr/> 24,404	<hr/> -

Ba é méid na ndlitéanais cistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir mar a bhí ar 31 Lúnasa 2017 ná €355,107, 000.

**(vi) Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe**

	<b>2017</b>
	<b>€'000</b>
Oibleagáidí sochair shainithe	355,107
Cailteanais/(gnóthachan) taithí ar dhliteanais na scéime sochair shainithe	-

**29. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 13 Nollaig 2018.







**BINSE TÁSTÁLA ZERO2020, CAMPAS BHAILE AN EASPAIG CIT**

# 7. Faisnéis Eile

## Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Forbairt Champais
- 7.3 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí
- 7.4 Pointí Teagmhála

## 7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Cuireadh tús leis an gClár Ionduchtais Mic Léinn Good Start ar 5 Meán Fómhair 2016. Agus é sa cheathrú bliain dá chuid anois, tá sé ag dul ó neart go neart. Is clár é Good Start de ghníomhaíochtaí sóisialta agus acadúla atá ceaptha chun mic léinn nua isteach a ionduchtú ar shaol agus staidéar in CIT. Clár ard-infheicthe, a bhfuil cuspóir leis ar feadh sé seachtaine atá ann le cuid mhaith téamaí a mbíonn mar aidhm acu a chinntiú go mbraitheann mic léinn isteach go bhfuil tacaíocht acu, iad curtha ar an eolas, agus go mbaianeann tábhacht leo. Fuarthas aischothú an-dearfach ó na mic léinn go dtí seo.
2. Thug an tUachtarán Aitheasc Fáiltithe ag Comhdháil CERC 2016 a d'fhóstaigh BCO CIT ar 23 Meán Fómhair 2016. Is toradh í an Chomhdháil Chomhoibritheach Eorpach (CERC) ar chomhoibriú fada taighde idir CIT agus Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Hochschule Darmstadt. Cuimsíonn sé comhpháirtithe nua ó Ollscoil Hagen, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Karlsruhe, Forschungsinstitut für Telekommunikation agus Kooperation, Ollscoil Dhún Éideann, Ollscoil Uladh, mar aon le comhpháirtithe tionscail, NSILico Life Science, Ubitech, Globit agus INMARK agus cuid mhaith eile.
3. Bhí an tAonach Gairmeacha & Infhostaitheachta CIT a d'óstaigh an tSeirbhís Ghairmeacha ar siúl ar 27 Meán Fómhair 2016. Tacaíonn an t-aonach le mic léinn agus a gcuid roghanna á n-iniúchadh acu cibé acu an fostaíocht cheimí, breis-staidéar, obair dheonach, nó taisteal é.
4. Reáchtáil Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta a sraith imeachtaí Seó Bóthair bliantúil. Féadfaidh sé a bheith an-deacair do mhic léinn dara leibhéal na cúrsaí in innealtóireacht, eolaíocht, teicneolaíocht nó ríomhaireacht is fearr a fheileann dá gcuid cumais a roghnú. D'fhonn na réimsí ábhartha a dhéanamh sothuigte agus treoir a chur ar fáil do mhic léinn ar mhaith leo staidéar a dhéanamh ag leibhéal céime, tá tionscnamh cruthaithe ag CIT le cuidiú leo a chinntiú gur féidir leis na mic léinn, a lucht tacaíochta, múinteoirí, agus treoirchomhairleoirí a gcuid roghanna a scrúdú dtimpeallacht chairdiúil áit ar féidir leo dul i dteagmháil le mic léinn reatha, céimithe, agus léachtóirí CIT.
5. D'óstaigh an Institiúid fáiltiú iomchuí ar 11 Deireadh Fómhair 2016 chun sár-éacht Gary O'Donovan, a ghnóthaigh Bonn Airgid Oilimpeach a chomórath. Ghlac Gary, mar aon lena dheartháir, Paul, páirt sna comórtais céaslaire éadroma beirte d'fhir ag Cluichí Oilimpeacha Rio de Janeiro 2016 ar 12 Lúnasa 2016. Comórtais thar a bheith dian a bhí ann don bheirt deartháireacha as an Scibirín ar éirigh leo an líne chríche a scoitheadh. Is mac léinn Bliain 4 Margaíochta CIT é Gary.
6. Bhí Lá Oscailte CNMÉ ar siúl ar 20 Deireadh Fómhair 2016. Mheall an t-imeacht líon suntasach lucht freastail agus thug deis iontach do mhic léinn ionchasacha agus dá lucht tacaíochta teagmháil a dhéanamh le baill foirne CNMÉ, ionadaithe tionscail, agus raon leathan eagraíochtaí a bhaineann le tionscal na mara.
7. Bronnadh 3ú duais faoi Chatagóir 3 ar an iar-mhac léinn de chuid CSC CIT, Mairéad Hickey, arbh fhiú €1,500 í mar aon le duais €500 don léiriú is fearr ar shaothar virtuoso as na céadta iomaitheoirí ag an 8ú Comórtais Idirnáisiúnta Veidhlín Louis Spohr. Bhí an comórtais ar siúl in Weimar na Gearmáine ó 28 Deireadh Fómhair – 8 Samhain 2016.  
  
Rinne Mairéad staidéar ar an veidhlín i gCSC CIT ar feadh deich mbliana leis an múinteoir clúiteach Adrian Petcu agus tá sí ag leanúint dá cuid staidéir ag Acadamh Kronberg, Berlin.
8. Mar chuid de thionscnamh cur chun cinn Sláinte Ilchampais, sheol Roinn na Turasóireachta & an Fháilteachais "CIT Shláintiúil" ar 2 Samhain 2016.
9. Reáchtáil Aontas na Mac Léinn feachtas Feasachta Sláinte Intinne san Institiúid 8 - 10 Samhain 2016. Bhí mar aidhm ag an bhfeachtas eolas faoi na seirbhísí tacaíochta sláinte intinne in CIT go himhneánach agus go seachtrach a chur ar fáil do na mic léinn.
10. Chuir an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha fáilte roimh na toscairí seo a leanas as Coláiste Polaiteicnice Tionscail Chongqing na Síne chuig an Institiúid ar 9 Samhain 2016.
  - (i) XuYi, Leas-Uachtarán
  - (ii) Bian Lintao, Stiúrthóir Ailtireachta agus Innealtóireachta Comhshaoil
  - (iii) Wan AiaoMing, Léachtóir in Innealtóireacht Faisnéise
  - (iv) LiYing, Oifig Idirnáisiúnta

Tharla an chuairt i ndiaidh gur síníodh MT le Chongqing i nDeireadh Fómhair 2016. Thug Niamh Lynes Uas., Comhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta, láithreoireacht ar CIT do na toscairí agus chas siad ar Katherine Keane Uas., Ceann na Roinne Ailtireachta, agus leis an Dr Daniel Cahill, Ceann na Roinne Foirgníochta. Ar na réimsí féideartha comhoibrithe tá scoláirí cuairte agus malartú mic léinn.

11. Le cúnamh Chomhairle Chathair Chorcaí, thug toscaireacht as Rialtas Cathrach Phobal Shanghai cuairt ar Chorcaigh ar 11 Samhain 2016. Luaigh ceannaire na toscaireachta go mba mhian leo naisc oideachais a threisiú idir an dá chathair. Chuir an

tUachtarán, an Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Seachtracha agus Ceann Oifig Idirnáisiúnta CIT fáilte roimh an toscaireacht chuig CIT ar 11 Samhain. Ina dhiaidh sin bhuail siad le Leas-Ardmhéara Chorcaí agus thug cuairt ar UCC.

12. Ghlac an Institiúid páirt i dturas “Malartú Oideachais agus Cultúir na hÉireann” trí thoscaireacht ó Phríomhoidí Ardscoileanna as Hong Kong a óstú ar 11 Samhain 2016. Bhí toscaireacht Oideachais Hong Kong ar cuairt ar Éirinn d’fhonn tuiscint a fáil agus naisc a chruthú le páirtithe leasmhara oideachais in Éirinn.
13. Thug toscaireacht de 15 shealbhóir poist shinsearacha as Ard-Choláistí Gairme sa tSín cuairt ar Éirinn ó 5 go 18 Samhain 2016. Bhí mar aidhm ag a gcúairt ar Éirinn eolas a fháil ar conas a oibríonn IÍT. Ba i gcomhthéacs rátaí fostaíochta céimithe as na hollscoileanna a bheith ag titim gur thosaigh Rialtas na Síne ar aird a thabhairt ar na Fachschulen sa Ghearmáin agus ar na hlÍT in Éirinn. Bhí roinnt den oiliúint bunaithe in DIT ach chaith siad tamall in CIT freisin ó 11 go 17 Samhain 2016. Iarradh ar CIT oiliúint a thabhairt ar raon topaicí ar a n-áirítear an fhiontraíocht, taighde agus nualáíocht, aistriú teicneolaíochta & tráchtáil, tacaíochtaí goir, rannpháirtíocht leis an tionsclaíocht/gnó, agus rannpháirtíocht mhic léinn.
14. Ar 23 Samhain 2016, d’óstaigh CIT agus rinne urraíocht ar an Independent Advocacy Gathering. Rinne breis is 100 duine freastal air, agus roinnt iarmhíic léinn de chuid CIT as na cúrsaí teastais COPE/CIT Advocacy.
15. Ar 29 Samhain 2016, d’eagraigh Cumann Tráchtála Chorcaí imeacht dar teideal “Nuálaíocht trí Chomhoibriú”. Bhí sé sin dírithe ar ghnólaicthe agus cuideachtaí chun an t-eolas atá in Institiúidí taighde a scrúdú agus conas is féidir leis feabhas suntasach a chur ar chumas iomaíochta a gcuid gnólaicthe. Thaispeáin an Líonra Fiontair Eorpach (EEN) mar aon le dhá lárionad taighde de chuid CIT, CAPPa agus TEC conas is féidir le cuideachtaí a bheith an-nuálach trí chomhoibriú leo.
16. Reáchtáil an Roinn Turasóireachta & Fáilteachais an tríú ceann de shraith Seóanna Bóthair Turasóireachta & Cócaireachta ar 29 Samhain 2016. Agus iad ceaptha chun mic léinn dara leibhéal agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir leis na deiseanna agus an oiliúint atá ar fáil sna réimsí Tuasóireacht, Failteachas, Cócaireacht, Óstáin, Imeachtaí, Bialann, agus Bainistíocht Beáir.
17. D’fhreastail an tUachtarán agus an Cathaoirleach ar sheoladh Ghradam Scoláireacht Louis O’Halloran ar 5 Nollaig 2016 i Lárionad Taighde Nimbus. Eascraíonn an Gradam as dearlaic fhlaithiúil a rinne Robert Short Uas. do Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaic, céimí sa Leictreonaic as Institiúid Teicneolaíochta Crawford Municipal (CIT anois) in 1973, a ndearnadh de ina dhiaidh sin Leas-Uachtarán Corparáideach ag Microsoft. Tabharfar an Gradam do bhuaiteoir chomórtas mic léinn mar aon le buantrófaí a bhronnann teaghlach O’Halloran. Bhí Louis ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaic.
18. Chuir an tUachtarán fáilte roimh Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, a ghlac le cuireadh ón Institiúid Teastas in Oibríochtaí Grúdaireachta agus Driogtha a sheoladh ar 13 Eanáir 2017. Cuirfidh an clár seo an cúrsa eolaíochta agus innealtóireachta ar fáil d’iarrthóirí le gur féidir leo oibriú i ngrúdlanna agus drioglanna ceirde agus traidisiúnta. Is í CIT an t-aon IAO i gCúige Mumhan a sholáthraíonn oiliúint dá sórt.
19. D’óstaigh CIT Seachtain Champais Idirbhliana STEM do mhic léinn mná ó 16 go 20 Eanáir 2017 mar chuid den chlár IWISH 2017. Bhí clár 5-lá idirghníomhach teagmhálach mar chuid den tSeachtain Champais ina ndeachaigh mic léinn i ngleic leis na disciplíní STEM - eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic. Fuair siad léargas freisin ar ghnáthshaol lucht gairmiúil STEM, fuair eolas faoi fheidhmeanna STEM sa tionsclaíocht, agus rinne idirghníomhú le hacadóirí agus fochéimithe reatha STEM.
20. Sheol an tUachtarán Comhdháil Náisiúnta Institiúid na dTreoirchomhairleoirí 2017 go hoifigiúil i gCampas Bhaile an Easpaig ar 20 Eanáir 2017.
21. Chuir an tUachtarán fáilte roimh thoscáirí chuig Chomhdháil Bhliantúil Chaplain’s Network @ Third Level a bhí ar siúl in CIT ó 25 - 27 Eanáir 2017. Tháinig na rannpháirtithe a bhí ag freastal ar chomhdháil na bliana as UCD, TCD, DCU, DIT, NUI Mhánuat, Ollscoil Uladh, NUIG, GMIT, IT Shligigh, UL, UCC, WIT agus CIT.
22. Mar chuid dá gcúairt ar bhunáit Chabhlaigh na hÉireann, Haulbowline, thug Ambasadóir na Fionlainne go hÉirinn, A.S. Jaana Teckenbert agus Ceannaire Chabhlaigh na Fionlainne, an Seachaimiréal, Radam Veijo Taipalus, cuairt ar CNMÉ are 2 Feabhra 2017 agus taispeánadh na saoráidí dóibh.
23. Bronnadh an teideal “Cuideachta Éiritheach Chorcaí na Bliana” ar OrthoXel, cuideachta Lárionad Rubicon, ag Dinnéar Bliantúil Chumann Tráchtála Chorcaí ar 3 Feabhra 2017. Is cuideachta feistí leighis í an Cuideachta atá dírithe ar fheistí nuálacha ortaipéideacha tráma, a ndearnadh taighde agus forbairt orthu i Lárionad MEDIC in CIT, agus iad a thráchtáil.
24. Thug an tUachtarán Aitheasc Fáiltithe don uile dhuine a bhí i láthair, ar a n-áirítear baill de phobal áitiúil na hInstitiúide, agus an Mhaidin Chaife Carthanais Bailigh agus Tabhairt 2017 ar 6 Feabhra 2017. Bhí Seachtain RAG ar siúl ó 6 – 10 Feabhra 2017. Is é Feachtas RAG an t-imeacht aonair bailiúchán airgid is mó ina mbíonn mic léinn, baill foirne agus cónaitheoirí áitiúla páirteach sa bhliain. Is é príomhchuspóir Seachtain RAG ná airgead a bhailiú le haghaidh carthanas. Ba é an príomhthairbhí i mbliana ná Club Ospidéal na Leanai Chathair Chorcaí.

25. Síníodh Comhaontú Comhoibritheach idir CIT, The Tavistock and Portman NHS Trust, agus Lárionad Bessborough in CIT ar 15 Feabhra 2017. Tá na páirtithe i mbun comhrá maidir leis an Teastas in Ard-Chleachtas Cliniciúil le Leanaí agus Teaghlaigh (Dámhachtain Shainchuspóireach, Leibhéal 9) chur ar fáil.
26. Thug an tUachtarán Aitheasc Fáiltithe ag Comhdháil Safe Hands i gcomhpháirtíocht le Tionscadal Chorcaí Thuaidh um Fhoiréigean Teaghlaigh “You are not Alone” (YANA), a bhí ar siúl in CIT ar 16 Feabhra 2017. Tá fás tagtha ar chomhpháirtíocht YANA le CIT ó rinneadh obair chomhoibritheach ar thionscadal AE i Lárionad Hincks don tSármhaitheas Fiontraíochta.
27. Rinne suas le 1,200 mac léinn na bliana deiridh agus mic léinn eile freastal ar an Aonach Iarchéime Bliantúil a bhí ar siúl in CIT ar 21 Feabhra 2017. Ceapadh an t-imeacht chun feasacht a mhéadú ar an rogha leathan clár Dochtúireachta agus Máistir atá ar fáil do mhic léinn ag CIT agus ag líAO eile.
28. D’óstaigh Cumann Alumni CIT agus Oifig Alumni CIT an tríú GradFest ar 23 Feabhra 2017. Ba é a bhí mar aidhm aige ná a chinntiú go mbeidh a fhios ag mic léinn nach dtagann deireadh lena gcaidreamh le CIT nuair a ghlacann siad a gcéim agus chun iad a spreagadh lena bheith ina n-Alumni ag CIT sa todhchaí.
29. Rinneadh comhaontú leis an Arup Trust le haghaidh scoláireacht a sholáthar do mhic léinn atá ag tosú ar an gclár BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha. Bronnfar an scoláireacht ar mhac léinn céad bhliana a chláraíonn ar an gclár in 2017/18 agus tá sé beartaithe go bhfaighidh an scoláire seo gradam gach bliain de cheithre bliana an chúrsa. Thairis sin, tá beartaithe ag an am seo scoláireachtaí dá leithéid a thairiscint do mhic léinn céad bhliana in 2018/19 agus níos faide anonn. Is forbairt shuntasach é solathar na scoláireachta agus is ceann é atá oiriúnach do chlár a chuir céimithe ardchaighdeán ar fáil don ghairm ón gcéad chohórt céimithe in 1998.
30. Reáchtáladh imeacht faisnéise faoin Dearbhán Nuálaíochta ar 23 Feabhra 2017. Is clár de chuid Fhiontar Éireann é an clár Dearbhán Nuálaíochta. Forbraíodh an tionscnamh chun naisc a thógáil idir líAO na hÉireann agus gnólachtaí beaga. Cuireann cuideachtaí isteach ar dhearbhán arb fhiú €5,000 iad agus baineann cuideachtaí leas astu sin chun deis ghnó a scrúdú le soláthraí eolais. Tá tionscnamh na ndearbhán ar oscailt do gach cuideachta bheag teoranta agus meán-mhéid atá cláraithe in Éirinn.
31. Bhí Seachtain Nuálaíochta CIT ar siúl ó 6 – 10 Márta 2017. Bhí sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar siúl ar feadh na seachtaine ag an imeacht bliantúil seo atá anois ina 6ú bliain a chuireann fiontraíocht agus nuálaíocht chun cinn i ngach campas de chuid CIT. Chuimsigh an sceideal raon leathan seimineár, taispeántas, ceardlanna agus léirithe. D’óstaigh imeacht na bliana seo an t-imeacht líonraithe Mná i nGnó freisin. Ba é buaicphointe na seachtaine ná Duais Oifigí Fiontar Áitiúla (Corcaigh) do Chomórtas Nuálaíochta CIT 2017 nuair a bronnadh €10,000 i nduaiseanna airgid agus Duais Lárionad Taighde Nimbus de €3,000 orthu siúd ar measadh a n-aireagán agus smaointe gnó a bheith ar na cinn ba chruthaithí, úrnua, nualaí, agus ba dhóichí go n-éireodh leo sa láthair oibre.
32. Mar chuid de Shraith Léachtaí Cuairte CEDC CIT, thug an Seanadóir Ivana Bacik léacht “Why the Law Matters” ar 10 Márta 2017. Tacadóir láidir a bhí sa Seanadóir Bacik ar son cearta Comhionannais, agus Ealaín & Cultúr in Éirinn ar feadh a saoil ghairmiúil.
33. Bhí Lá Taithí Idirbhliana CIT ar siúl ar 21 CIT. D’fhreastail breis is 2,000 mac léinn Idirbhliana ar an lá. D’éirigh go maith leis an imeacht agus fuarthas aischothú dearfach ó na rannpháirtithe.. Tugadh láithreoireacht ghinearálta CIT do na mic léinn agus deis freisin leas a bhaint as turas Champais CIT.
34. Thug an taighdeoir cuairte, an Dr Rob Brown, Aonad Taighde ar Shábháilteacht ar Muir, Institiúid Mhuirí ag Memorial University, St Johns Talamh an Éisc ar 23 Márta 2017 caint ag CNMÉ. Ba é ba theideal do chaint an Dr Brown ná “Cold and Exposed; Engineering and Human Factors Research to Improve Evacuation, Survival and Rescue at Sea”.  
  
Is taighdeoir cuairte é an Dr Brown faoi lathair ag Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht ag CNMÉ: turas atá maoinithe trí Scoláireacht Taighde James M. Flaherty ó Fhondúireacht na hÉireann Ceanada, le cabhair ó Rialtas Ceanada/avec l’appui du gouvernement du Canada.
35. D’oscail Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Des Cahill, SciFest go hoifigiúil ar 31 Márta 2017. Agus é sa 10ú bliain anois, tugann an t-imeacht seo deis do mhic léinn as scoileanna dara leibhéal thart ar Chorcaigh a saineolas eolaíochta a chur ar taispeánt. Léiríodh tiomantas leanúnach CIT do SciFest i mbliana arís agus líon méadaithe scoileanna agus tionscadal ar taispeánt. Ghlac níos mó ná 300 mac léinn páirt, mar dhaoine aonair nó i dtionscadail ghrúpa, as 32 scoil éagsúla i gcathair agus contae Chorcaí. San iomlán bhí 145 tionscadal difriúla ar taispeánt as na disciplíní Eolaíochtaí Beatha, Eolaíochtaí Fisiceacha, agus Teicneolaíocht, agus ar thrí leibhéal, Sóisearach, Meánach agus Sinsearach.
36. Le linn na gcúig bliana seo caite, chuir an tSéiplínteacht in CIT forbairt caidrimh chultúrtha chun cinn idir mic léinn as Éirinn agus an-chuid mac leinn idirnáisiúnta atá tagtha chun staidéar a dhéanamh in CIT. I gcaitheamh na bliana acadúla seo rinne siad bia, amhráin agus éagsúlacht chultúr as an Ísiltír, Éirinn, an Mhalaeisia, an Ghearmáin, agus an Spáin a cheiliúradh.

37. Bhí Tráthnóna Faisnéise LOI CIT ar siúl ar 4 Bealtaine 2017 i gCampas Bhaile an Easpaig. Bhí an ócáid seo dírithe ar mhic léinn Ardteistiméireachta a chuir isteach ar chúrsaí ag CIT, agus ar mhic léinn a d'fhéadfadh a bheith ag smaoineamh ar “athrú intinne” mar rogha.
38. D'óstaigh CIT agus Lárionad Hincks Campa Oideachais Fiontraíochta 3e ECSB ó 10 go 12 Bealtaine 2017. Thart ar 120 toscaire as Éirinn, an Eoraip, SAM, Ceanada, an Afraic Theas agus Vietnam chomh maith leis an ECSB (Comhairle na hEorpa do Ghnólachtaí Beaga & d'Fiontraíocht) a bhailigh le chéile chun a gcuid taighde agus taithí ar na príomhdhúshláin agus forbairtí in oideachas fiontraíochta a phlé agus a mhalartú. Cuireadh 24 ceardlann forbartha cleachtóra agus na 36 páipéar taighde is fearr i láthair. Rinneadh scoth an oideachais fiontraíochta agus taighde ag CIT a léiriú ag an gcomhdháil le sé pháipéar ó údair nó comhúdair ag baill foirne agus mic léinn iarchéime taighde. I gcomhthráth le ceiliúradh 10 mbliana Lárionad Rubicon, ghlac toscairí páirt i sárthaispeántas agus plé painéil ar oideachas agus tacaíocht a thabhairt d'fhiontraíthe sa todhchaí.
39. Mar chuid de Chruinniú Mullaigh Chorcaí Asia Matters, réachtáladh Lá a Dó 2 in CIT ar 18 Bealtaine 2017, a raibh lón líonraithe cuimsithe ann agus príomhaitheasc ó A.S. Vijay Thakur Singh, Ambasadóir na hIndia chuig Éirinn. I láthair freisin bhí Siti Noralia Mustaza Uas., Dara Rúnaí Ambasáid na Malaesia. Thug an tUachtarán aitheasc oscailte agus ghlac páirt san imeacht. Ba é an topaic a bhí le plé “Building Win – Win Strategic Partnerships between Asia and Ireland – The Strategic Proposition of Regions and Cities in the Global Business Value Chain”.
40. Sheol Ciara Wilson Uas., Uachtarán, Lónra Chorcaí, Lámhleabhar Oideachais Leantaigh CIT ar 29 Bealtaine 2017.
41. D'fhreastail an tUachtarán ar shíniú MT idir Calafort Chorcaí agus Údarás Calafóirt Phoblacht na nOileán Filipíneach ar 30 Bealtaine 2017 ag Calafort Chorcaí. Ba é a bhí mar aidhm ag an MT ná comhpháirtíocht a thógáil idir na páirtithe trí chlár oideachasúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus clár oiliúna sna réimsí calafort, cúrsaí muirí agus lóistíocht, agus buntáistí a bhaint amach.

## 7.2 Forbairt Campais 2016/2017

### 1. AIRÉANA CIT



#### Cur Síos:

Tá an foirgneamh ilchuspóireach Airéana CIT lena úsáid le haghaidh 3 phríomhfheidhm: spórt agus folláine; ealaín agus cultúr; acadúil/oideachas. Tá an foirgneamh atá beartaithe 3,350mcr agus cuimsíonn sé halla spóirt 8 gcúirt iomlána; giom iomlán carda/meáchana; saoráidí athraithe éadaí; agus roinnt seomraí ilfheidhmeacha/tionscadail.

#### Stádas an Tionscadail:

Tá Cead Pleanála, Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus Teastas Rochtana Míchumais faighte. Faoi láthair tá an tionscadal ar feitheamh.

### 2. ATHCHÓIRIÚ AR ÁRAS MELBOURN – CÉIM 5, 6, 7 & 8



#### Cur Síos:

Céim 5 (J1020) feistiú 100mcr curtha i gcrích i Meán Fómhair 2016.

Céim 6 (J191) le cóiríocht a chur ar fáil d'Oifig Taighde (50mcr) curtha i gcrích in Eanáir 2017.

Céim 7 (J110 go J112) le cóiríocht a chur ar fáil do Mhic Léinn Iarchéime (50mcr) curtha i gcrích i bhFeabhra 2017.

Céim 8 (J104 go J107) le cóiríocht a chur ar fáil do oifig na foirne Earcaíochta Acmhainní Daonna, roinnt seomraí agallaimh, agus seomra feithimh agus athchóiriú ar an gceantar iontrála foyer le bheith curtha i gcrích in 2018.

### 3. 46 SRÁID AN CHAPAILL BHUÍ



#### Cur Síos:

Cheannaigh CIT 46 Sráid an Chapail Bhúí i Meán Fómhair 2015. Tá ollachar urláir de 1,265mcr ag an bhfoirgneamh ar 4 urlár. Ceannaíodh an foirgneamh chun cóiríocht a chur ar fáil do roinnt de na mic léinn CEDC/CCAD a bhí lonnaithe i gCé Uí Shúilleabháin roimhe sin.

#### Stádas an Tionscadail:

Cuireadh tús leis na hoibreacha athchóirithe go luath in 2017 agus bhog na mic léinn agus an fhoireann isteach i ndeireadh Lúnasa.

#### 4. TIONSCADAIL ÉAGSÚLA SA PHRÍOMHFHOIRGNEAMH



**Cur Síos:**

Oibreacha Míchumais: Chuimsigh an obair oibreacha ginearálta uasghrádaithe chun freastal ar éilimh reachtaíochta agus caighdeán reatha. Chuimsigh an obair dídean míchumais a sholáthar sna loga staighre, uasghrádú doirse iontrála chun iad a dhéanamh níos inrochtana, roinnt rampaí a chur isteach de réir mar ba ghá. Críochnaithe 2017.

Tionscadal Aeraithe Bloc B: Próiseas tairisceana curtha i gcrích. Obair beartaithe le haghaidh samhradh 2017.

Uasghrádaithe rangsheomraí éagsúla: Curtha i gcrích samhradh 2018.

**Stadas an Tionscadail:**

An tionscadal curtha i gcrích i Lúnasa 2017.

#### 5. ATHBHREITHNIÚ AGUS NUASHONRÚ MÁISTIRPLEAN DON CHAMPAS



**Cur síos:**

Ceapadh Reddy Architects chun athbhreithniú a dhéanamh ar an máistirplean agus na roghanna straitéiseacha a rianú d'fhorbairt fhisiciúil na hInstitiúide le linn na 10 mbliana seo romhainn ar a n-áirítear athbhreithniú ar an bplean páirceála agus comaitéara.

**Stadas an Tionscadail:**

Ceapadh Reddy Architects i Marta 2017 agus tá an plean á chóradh acu i gcomhar le páirtithe leasmhara CIT.

#### 6. LÁRIONAD ACMHAINNÍ FOGHLAMA (LRC)



**Cur Síos:**

Ba cheann é seo de roinnt tionscadal a chuir CIT isteach mar chuid de bheartán rialtais PPP 3ú Leibhéal. Is foirgneamh neamhspleách de 6,750mcr é an foirgneamh atá beartaithe a chuimsíonn seomraí léachta, rangsheomraí, seomraí seimeanáir, caife foghlama, spáis staidéir agus oifigí.

**Stadas an Tionscadail:**

Rinneadh aighneacht don ÚAO le go mbeadh sé cuimsithe mar bheartán rialtais PPP 3ú Leibhéal. Táthar ag súil le cinneadh faoi dheireadh 2017.



## 7. STÓRAS CEIMICEÁIN



### Cur Síos:

Rinneadh athbhreithniú ar stóráil na gceimiceán a úsáideann ranna agus feidhmeanna i Lúnasa 2015. Ina dhiaidh sin rinneadh measúnú riosca a raibh san áireamh ann rialaitheoirí agus oibreacha cóireála a bhí beartaithe chun an riosca foriomlán a bhaineann le stóráil cheimiceán ar an gcampas a laghdú: Bloic A go D.

### Stádas an Tionscadail:

Tá na hoibreacha inmheánacha curtha i gcrích. Tá an campún seachtrach ag staid an mhiondearaidh.

## 8. COLÁISTE EALAÍNE & DEARHTHA CRAWFORD – ATHCHÓIRIÚ CEARDLAINNE/CEANTAR STÓRÁLA



### Cur síos:

Tá gá le mór-athchóiriú ar na ceardlanna agus na seantáin stórála. Tá uasghradú leathan leictreach agus athchóiriú ginearálta beartaithe ar bhonn céimnithe chun na caighdeáin chearta a chur i bhfeidhm sna ceantair sin.

### Stádas an Tionscadail:

Tá Céim 1 den cheardlann miotalóireachta curtha i gcrích le huasghradú leictreach déanta. Tugadh faoi oibreacha chun an líonra soláthair gáis a uasghradú i gceantair ghinearálta na gceardlanna.

Tá Céim 2 pleanáilte le haghaidh samhradh 2019 agus cuimsíonn sé uasghradú mar aon le hathchur na seantán stórála.

## 7.3 Bainistiú Sábháilteachta Saoráidí

Le linn 2016/2017, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú de réir mar ba ghá ar cháipéisíocht agus ghnáthaimh an Chóras Bainistithe Sábháilteachta. Rinneadh iad a uaslódáil ar inlín na foirne (Gateway) le gur féidir le gach ball foirne teacht orthu de réir mar is gá. Tá athbhreithniú déanta ar Ráiteas Sábháilteachta CIT agus shínigh an tUachtarán an t-athbhreithniú reatha i Marta 2017.

Leanadh den fhócas a bheith ar Mheasúnuithe Riosca a nuashonrú ar fud na hInstitiúide, go háirithe sna ceantair seo a leanas:

- Roinn Turasóireachta & Fáilteachais
- Coláiste Talmhaíochta Chloich na Coillte
- Lárionad Scrúduithe Melbourne
- Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe
- Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil

Cuireadh oiliúint measúnaithe riosca ar fáil do bhaill foirne ag CEDC CIT. Tugadh Faisnéisiú Sláinte agus Sábháilteachta ar Chórais Bainistíochta Sábháilteachta CIT don fhoireann uile sa Lárionad Staidéar Ceardaíochta. Rinneadh roinnt Measúnuithe Riosca ar Fhostaithe Torracha le linn na bliana le ranna difriúla. Cuireadh tús le Measúnú Iomlán Riosca Legionella le haghaidh na gceantar go léir de chuid gníomhaíochtaí CIT maidir leis an nguais fhéideartha seo, agus tá sé sin ar siúl i gcónaí.

Rinneadh measúnuithe ar stáisiúin oibre Threalamh Scáileán Taispeána agus eisíodh tuairiscí ina leith seo a leanas:

- Roinn na Foghlama Teicneolaíocht-Fheabhsaithe
- Ball foirne riaracháin i Scoil na hInnealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
- An Roinn Ailtireachta i bhFoigréamh Melbourne agus i Sráid Copley
- Teicneolaíocht Ghlan

Tharla teagmhas suntasach sábháilteachta foirgnimh ag CSC CIT agus tugadh tacaíocht maidir lena réiteach. Tugadh tacaíocht sláinte agus sábháilteachta i dtaca le comhfhreagras a fuarthas ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi fhadhbanna le hardaitheoirí CIT.

### Oiliúint Sábháilteachta

Cuireadh Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta mar seo a leanas:

- Sainnithint Ghuaise agus Measúnu Riosca
- Sábháilteacht Dóiteáin agus Feasacht ar Shábháilteacht Ceimiceáin
- Teastasú Tiománaí Forcardaitheora
- Múchtóir Dóiteáin agus Maor Dóiteáin
- Córais Bhraite Gáis agus oiliúint fhreagróra
- Measúnóir Aonad Fístaispeána
- Céad Fhreagróir Cairdiach
- Garchabhair Oibre
- Céad Fhreagróir Éigeandála
- Láimhseáil Láimhe agus Teagascóir Láimhseála Láimhe
- Faisnéisiú ar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta

### Tionscadail Sláinte agus Sábháilteachta

Cuireadh uasghrádú an tionscadail stórála inmheánaigh ceimiceáin i gcrích le linn na bliana.

### Timpistí/Teagmhais CIT ó Mheán Fómhair 2016 – Lúnasa 2017

Tuairiscíodh 73 timpiste ar fad, ar rangáidh 13 díobh mar Bhosca Garchabhrach. Is miontimpistí iad sin ar cuireadh cóireáil orthu ar an láthair gan gá le gníomhaíocht ar bith eile, i.e. cóireáil steiriúil curtha ar chréacht nó Watergel curtha ar mhiondó. Tuairiscíodh 61 teagmhas eile freisin, a bhféadfaí cur síos orthu mar theagmhais a bhain le leigheas nó neasteagmhais nuair nár tharla aon ghortú. Léiríonn 134 timpiste agus teagmhas ina n-iomláine laghdú beag ar an líon de 147 do 2015/16.

## Staitisticí Timpiste/Teagmhais (01/09/2016 – 31/08/2017)

Mí	Timpistí	Bosca Garchabhrach (Áirithe le Timpistí)	Teagmhais (teagmhais leighis/neasteagmhais)	Inbhagrach don Bheatha	Glaonna ar Otharcharr	Glaonna ERT
Meán Fómhair	20	8	12	1	2	8
Deireadh Fómhair	12	1	15	1	1	10
Samhain	11	1	5	0	0	6
Nollaig	4	0	5	0	0	2
Eanáir	3	0	1	0	1	2
Feabhra	11	0	4	0	0	8
Márta	5	1	8	0	1	8
Aibreán	2	1	1	0	0	1
Bealtaine	2	0	8	1	1	2
Meitheamh	0	0	0	0	0	0
Iúil	1	1	2	0	1	1
Lúnasa	2	0	0	0	0	1
<b>Iomlán</b>	<b>73</b>	<b>13</b>	<b>61</b>	<b>3</b>	<b>7</b>	<b>49</b>

**Coiste Sábháilteachta CIT**

Ar an iomlán, tionóladh cruinnithe den Choiste Sábháilteachta le linn na bliana acadúla de réir mar a bhí sceidealaithe.

## 7.4 Pointí Teagmhála

### **INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ**

**Gréasán:** [www.cit.ie](http://www.cit.ie)

### **CAMPAS BHAILE AN EASPAIG**

**Seoladh**

Baile an Easpaig, Corcaigh

**Teileafón**

+353 21 432 6100

### **CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT**

**Seoladh**

Cé an hAontachta, Corcaigh

**Teileafón**

+353 21 480 7300/310

**Facs**

+353 21 454 7617

**Gréasán:** <http://csm.cit.ie>

### **COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT**

**Seoladh**

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

**Teileafón**

+353 21 4335200

**Facs**

+353 21 433 5201

**Gréasán:** <http://ccad.cit.ie>

### **COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN**

**Seoladh**

Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

**Teileafón**

+353 21 497 0600

**Facs**

+353 21 497 0601

**Gréasán:** [www.ncmi.ie](http://www.ncmi.ie)



Foilsithe ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,  
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.

© Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Iúil 2019

**Arna chur amach ag an bhFoireann ag Oifig an Uachtaráin**

**Nóta:**

Rinneadh gach dícheall lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid le dliteanas ar bith as earráid ar bith atá cuimsithe anseo.

**E&OE**

**Aistritheoir**

Niall Ó Murchadha

